


tuarascáil bhliantúil 09/10

institiúid teicneolaíochta chorcaí

www.cit.ie



Ireland's EU Structural Funds
Programmes 2007 - 2013

Co-funded by the Irish Government
and the European Union



EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS





Campas Bhaile an Easpaig CIT




Ceolscoil Chorcaí CIT



Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT



Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

tuarascáil bhliantúil 09/10

www.cit.ie

Is fada agus is oirirc í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institiútion, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaire ag Coláiste na hOllscoile, Chorcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution fairsingthe nua seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution mar a bhí i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oidreachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 bunaíodh Coláiste Teicniúil agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaire a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920dí, bhí sí rannpháirteach i gcéim san innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh diplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteacht Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960dí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí i bhfoirgníocht ón Institiúid a bhí plódaithe go dtí an Scoil Fhoirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar an Scoil Fhoirgníochta agus Innealtóireachta Leictrí a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh, T.D. an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Rinneadh aonán féinrialaithe den Choláiste ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus saotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na hInstitiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 athainmníodh an Coláiste mar "Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí" ag Micheál Martin, T.D., Aire Oideachais agus Eolaíochta.

I nDeireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoráid i Rinn an Scidigh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é an NMCI atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh thrádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistiú saoráid ag an gColáiste.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQUA) i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmligean d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligean le NQAI agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá inchomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás dámhachtana seo a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Cuireadh críoch le agus áitíodh sraith d'fhoirgnimh d'ardchaighdeán a bhuaigh duais, mar atá, Lárionad na Mac Léinn, an Foirgneamh Riaracháin, an Foirgneamh Turasóireachta agus Fáilteachais agus iad mórthimpeall ar chlós le linn na tréimhse 2005 – 2007. Chuir siad go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraithe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, chun teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaíochta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolas-bhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta seo don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharáid Mhór, Corcaigh agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheoirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d'ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Príobháideach. Thug an Comhpháirtí Poiblí Príobháideach, Hochtfief, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar láimh go hoifigiúil d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreachta na hInstitiúide ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na hInstitiúide www.cit.ie a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de CIT forbraíodh dhá thionscadal bhreise a raibh mar chuspóir leo seirbhísí thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus mic léinn na hInstitiúide. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne (gateway.cit.ie) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn (www.mycit.com) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990dí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a forbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe, T.D., Staidiam Spóirt nua.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe, T.D., cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpaig a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as na SA chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuímh agus an Fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht phrintíseachta ar champas Bhaile an Easpaig dá cuid. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'Institiúidí tríú leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun an Conradh le Tyco a shíniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus an Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad NIMBUS le haghaidh taighde ar Chórais Leabaithe. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) in 2007, is é NIMBUS an chéad fhoirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léirigh sé comhoibriú agus bainistiú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtirí, conraitheoirí tógála agus an fhoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú i gcrích go dtí córas seachadta curaclaim modúlbnaithe faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspóirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlacháin ag CIT. Chomh maith le córas modúlbnaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na cláir fhochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandersford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Le bliana beaga, tá Conarthaí sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun comhoibriú a dhéanamh ar chlár acadúla agus taighde. Tá naisc láidre déanta ag an Institiúid go háirithe le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin agus le hOllscoil Pune san India.

Mislean agus Luachanna Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluachanna na hInstitiúide.

Ráiteas Misin

Oideachas mac léinnláraithe a chur ar fáil a bheidh dírithe ar ghairmeacha ar mhaithe le forbairt phearsanta, intleachtúil agus ghairmiúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí go hiomlán.

Croíluachanna

Is Institiúid teagaisc, foghlama agus taighde d'ardchaighdeán agus d'fhoirfeacht í CIT a chuireann rochtain chuimsitheach ar oideachas ar fáil do mhic léinn a bhfuil éagsúlacht inniúlachtaí, riachtanais agus taithí acu thar raon leathan disciplíní agus leibhéal dámhachtana.

Tá CIT tiomanta dá ról sa tsochaí agus mar sin cinnteoidh sí go ndéanfaidh an Institiúid, a cuid foirne, mac léinn agus céimithe cion bríoch don saol acadúil, eacnamaíoch, tionsclaíoch, sóisialta agus cultúrtha go réigiúnda, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Déanfaidh CIT buanna mhic léinn na hInstitiúide a fhorbairt agus a chothú i dtimpeallacht thacúil. Cuirfidh an Institiúid oideachas ar fáil dá cuid mac léinn a thagann lena n-ionchas agus a dhéanann freastal ar a riachtanais ina ngairmeacha agus mar bhaill den tsochaí.

Leanfaidh CIT de bheith ag forbairt trí chultúr rialachais, bainistíochta agus eagraíochta na comhpháirtíochta, na comhchomhairle agus an chomhoibríthe.

Fís Straitéiseach

Beidh CIT ina soláthraí den chéad scoth d'oideachas gairmdhíríthe a chuireann fáilte roimh an éagsúlacht agus an nuálaíocht.

Cuireann an fhís straitéiseach fíis na hInstitiúide don rath in iúl. Beidh cur i ngníomh na fíise sin le feiceáil i ndea-bhail eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta a réigiúin agus a pobal. Beidh Institiúid dá sórt forásach, solúbtha agus nuálach freisin ina pleanáil agus ina mothálacht do riachtanais an mhic léinn, agus í ag tógáil ar na láidreachtaí atá aici.

Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2005 – 2010.



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Cork Institute of Technology

clár na nábhar

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

1.	Réamhrá	
1.1	Ráiteas ón gCathaoirleach	12
1.2	Ráiteas ón Uachtarán	13
1.3	Ráiteas maidir le Comhionannas	16
1.4	Gaeilge & Cultúr	17
1.5	Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin	18
1.6	Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide	24
1.7	Forbairt Saoráidí Spóirt	25
2.	Rialachas	
2.1	Ballraíocht an Bhord Rialaithe	28
2.2	Cruinnithe an Bhord Rialaithe	30
2.3	Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	31
2.4	Foireann Shinsearach na hInstitiúide	32
3.	Gnóthaí Acadúla & Mic Léinn	
3.1	Ballraíocht na Comhairle Acadúla	36
3.2	Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	40
3.3	Coistí na Comhairle Acadúla	41
3.4	Forbairt Acadúil	42
3.5	Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha	44
3.6	Cúrsaí Faofa – Páirtaimseartha	48
3.7	Údaráis Bhailíochtaithe	52
3.8	Scrúdaitheoirí Seachtracha	55
3.9	Staitisticí Mic Léinn	62
3.10	Duaiseanna Mic Léinn	67
4.	Taighde & Forbairt	
4.1	Gníomhaíochtaí Forbartha	74
4.2	Gníomhaíochtaí Taighde	78
4.3	Naisc Sheachtracha Forbartha	84
4.4	Forbairt Campais	86
4.5	Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí	88
5.	Tuairisc ar Acmhainní Daonna	
5.1	Tuairisc ar Acmhainní Daonna	90
5.2	Líon na Foirne	91
5.3	Éachtaí na Foirne	93
6.	Tuarascáil Airgeadais	
6.1	Tuarascáil Airgeadais	96
6.2	Cuntais Iniúchta	97
7.	Faisnéis Eile	
7.1	Nuacht & Imeachtaí	118
7.2	Cumann na gCéimithe	123
7.3	Pointí Teagmhála	124



Lárionad Taighde Nimbus

1. Réamhrá

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach
- 1.2 Ráiteas ón Uachtarán
- 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas
- 1.4 Gaeilge & Cultúr
- 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin
- 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide
- 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach



Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain 2009/2010 a chur i láthair. Leanann CIT de bheith ag iarraidh a misean a chomhlíonadh. Is é sin an t-oideachas mac léinnláraithe is fearr sa tír a chur ar fáil ar mhaithe leis na mic léinn agus chun leasa don tsochaí ina hiomláine. Mar thacaíocht lena hiarratas ar stádas ollscoile, lean CIT le linn na bliana dá sprioc a bheith ainmnithe ina hOllscoil Theicneolaíoch a chur chun cinn.

Ar na forbairtí suntasacha bonneagair ag Campas Bhaile an Easpaig bhí fáil suíomh “Tyco”, síneadh Rubicon agus Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Nimbus a chur i gcrích, agus críoch a chur le hArdán an Lucht féáchana ag an gCoimpléacs Spóirt Lasmuigh. Ba fhorbairt é a raibh an-fháilte roimhe é bunú an Bhord Comhairliúcháin do Pháirc Nuálaíochta agus Teicneolaíochta Eolaíochta Chorcaí, atá le bheith suite sna tailte taobh le Campas Bhaile an Easpaig.

D'oscail Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT Dánlann Ché Wandesford lena húsáid le haghaidh taispeántas poiblí agus mar spás breise oibre.

Lean an Coláiste Náisiúnta Mara d'fhiontair thráchtála a fhorbairt a bhfuil mar thoradh orthu úsáid fheabhsaithe na saoráide.

Glacadh na chéad chéimeanna i bhforbairt caidrimh le hOllscoil Pune san India mar chuid den iarracht i dtreo an idirnáisiúnachais.

Lean CIT dá hacmhainn agus dá cáil taighde a fhorbairt agus fuair sí maoiniú suntasach breise ó SIF agus PRTLI Timthriall 5 araon, ar a n-áirítear maoiniú do shaoráid nua taighde.

San imshaol dúshlánach eacnamaíochta leanúnach, le linn na bliana d'éirigh le CIT a cuid spriocanna airgeadais agus rialachais a bhaint amach, agus oideachas den scoth á sheachadadh aici do líon méadaithe mac léinn.

Léiríonn rath leanúnach na mac léinn in iomaíocht sheachtrach ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta cáilíocht an teagaisc, na foghlama, na nuálaíochta agus an taighde laistigh den Institiúid agus is mór an chreidiúint don fhoireann acadúil é sin.

Sa deireadh, ba mhian liom buíochas a ghlacadh le baill an Bhord Rialaithe, leis an Uachtarán, an Dr Brendan Murphy, leis an mBainistíocht agus leis an bhFoireann ag CIT as a dtiomantas agus a gcuid crua-oibre le linn 2009/2010.

An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach

1.2 Ráiteas ón Uachtarán



Is í seo an séú bliain dom bheith san oifig agus is mar seo a leanas atá mo Ráiteas ón Uachtarán:

A. Foirgnimh agus Eastáit

Cheannaigh an Institiúid maoin lámh léi (TYCO), a bhfuil inti foirgneamh ar dhéanamh monarchan agus 3.24 heicteár talún. Bhí an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O’Keeffe, T.D., i láthair nuair a síníodh an Conradh ar 16 Deireadh Fómhair 2009. Cuireadh tús les an Síneadh le Lárionad Nuálaíochta Rubicon i nDeireadh Fómhair agus cuireadh críoch leis an obair i mBealtaine 2010. D’fhonn forbairt Lárionad Acmhainní Foghlama (LRC) na hInstitiúide a éascú, rinneadh carrchlós na gcuariteoirí a athshuíomh go dtí an limistéar idir an Foirgneamh TF agus an Foirgneamh Riaracháin. Osclaíodh Ardán an Lucht Féachana go hoifigiúil ag Coimpléacs Spóirt na hInstitiúide ar 4 Meitheamh agus ba é an tAire Fiontair, Trádála & Nuálaíochta, Batt O’Keeffe, T.D., a rinne an oscailt. Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford go hoifigiúil ar 18 Meitheamh. Bainfear úsáid as an Dánlann mar thimpeallacht foghlama gairmiúla do mhic léinn Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT.

B. Gnóthaí Acadúla

Bronnadh céimeanna Cheolscoil Chorcaí CIT ar 2 Samhain. D’fhreastail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O’Keeffe, T.D. ar fháiltiú agus chur i láthair ar 9 Samhain chun éachtaí Fhoireann Scileanna Domhanda na hÉireann, a chríochnaigh sa 2ú háit ag an 40ú Comórtas Scileanna Domhanda in Calgary, Ceanada, a chomóradh. Mic léinn de chuid CIT a bhí i gcúigear den fhoireann de 11. Bronnadh céimeanna ag Campas Bhaile an Easpaig ar 12 agus 13 Samhain. Fuair 2,293 réamhchémí ar fad a gcuid pár. Síníodh go foirmiúil an Meabhrán Comhoibríthe idir CIT agus UCC i nDánlann Ealaíne Crawford ar 30 Samhain. Rinneadh an tUasal Kieran O’Callaghan de chuid Vision RETM a onóru leis an Global Student Entrepreneurship Finalist Award agus é ag déanamh ionadaíochta ag an Global Student Entrepreneurship Awards Final in Kansas City, SA ó 18 go 20 Samhain.

Síníodh leasú leis an gComhaontú Cuibhreannais idir Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt agus CIT ar 15 Eanáir d’fhonn comhdhámhachtainí a dhéanamh in:

- (i) Baitsiléar Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin
- (ii) Baitsiléar Ealaíon i Meáin Dhigiteacha
- (iii) Máistir Ealaíon i nDearadh Meán
- (iv) Máistir Ealaíon i Stiúradh Meán

Rinne toscaireacht faoi cheannas an Uas. Michael Loftus, Ceann Dámh na hInnealtóireachta & Eolaíochta, an Dr Eamonn Cashell, Ceann na Scoile Eolaíochta, an Dr Niall Smith, Ceann Taighde agus baill foirne ón Scoil Eolaíochta freastal ar collóiciam déthaobhach taighde agus nuálaíochta dar teideal: “Collaboration in Science and Technology” ag Ollscoil Pune, India ar 18 agus 19 Eanáir. Bronnadh céimeanna ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 19 Feabhra 2010. Fuair 66 réamhchémí ar fad a gcuid pár agus ina measc den chéad uair bhí grúpa mac léinn ó Sheirbhís Mhuirí na hÉireann ar éirigh leo an tArdteastas in Ealaíona i Staidéar Ceannaireachta, Bainistíochta & Cabhlaigh a bhaint amach. Ghnóthaigh an mac léinn PhD in Innealtóireacht Mheicniúil, an tUas. Xiao Fang Zhang Duais Nuálaíochta Mic Léinn na hEorpa sa bhFrainc ar 2 Márta. Agus í ina ball d’Fhoireann Med-WareTM d’fhionn agus dhear an tUas. Zhang feiste nua chun bolgáin aeir a bhrath agus a dhíbirt as línte iondoirte leighis. Tharla Bronnadh Bliantúil duaiseanna chun céimithe dearscnaitheacha na bliana 2008/2009 de chuid na hInstitiúide a onóru ar 26 Aibreán ag Campas Bhaile an Easpaig. Tá tús curtha ag an Ollamh Greg Boyer le tréimhse taighde ocht mí i Roinn na Ceimice, CIT. Is taighdeoir críochnaithe é an tOllamh Boyer agus sealbhóir Chomhaltacht Walton ó Fhúndúireacht Eolaíochta na hÉireann. Bronnadh céimeanna ar 17 Meitheamh i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann. Fuair 44 réamhchémí a gcuid pár. Bhí Searmanas Gradaim do na Comórtais Náisiúnta Scileanna 2010 ar siúl ar 25 Meitheamh agus ba iad Ardmhéara Chorcaí, an Comh. Michael O’Connell agus an tAire Fiontair, Trádála & Nuálaíochta, Batt O’Keeffe, T.D. a bhí i gceannas.

C. Gnóthaí Straitéiseacha

Bunaíodh an Chomhairle um Phleanáil Straitéiseach (CPS) i nDeireadh Fómhair 2009 tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Rialaithe agus le Bord Feidhmeannais na hInstitiúide. Tá an CPS freagrach as gach gné straitéise agus pleanáil straitéiseach le linn na tréimhse 2011 go 2016. Déanfaidh sé maoirseacht ar dheilbhíú, ar chur i bhfeidhm agus ar athbhreithniú Phlean Straitéiseach na hInstitiúide. Cuireadh tús le Plean Straitéiseach CIT a dheilbhíú in Eanáir 2010. Ach i ngeall ar ghníomhaíocht náisiúnta thionsclaíoch agus an mhoill a bhain leis an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas a fhoilsiú, cinneadh i Meitheamh 2010 an obair ar an CPS a chur ar athló go ceann tamaill.

D. Foireann

Chuaigh an Dr Noel Barry i mbun dualgais mar Cheann Gníomhach ar Staidéar Acadúil, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 1 Meán Fómhair 2009. Chuaigh an Dr Joe Connell i mbun dualgais mar Cheann Gníomhach in Innealtóireacht Leictreach ar 1 Meán Fómhair 2009. Chuaigh an tAth. David McAuliffe i mbun dualgais mar Shéiplíneach na hInstitiúide in ionad an Ath. Kieron O'Driscoll a bhí ina shéiplíneach institiúide ar feadh ocht mbliana. Ceapadh an Dr Roy Sleaton, Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíoch ina Eagarthóir Ceannais ar an iris idirnáisiúnta dar teideal “Bioengineering Bugs” atá piara-athbhreithnithe agus í á foilsiú ag Landes Bioscience (SA). Fuair an tUas. Seán McKiernan, léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT an Duais chluíteach Gradam Ceoil TG4 don bhliain 2010.

E. Ealaíona, Cultúr agus Spórt

Thug CIT a cion don “Oíche Chultúir” a bhí ar siúl ar 25 Meán Fómhair 2009 ag breis agus 50 ionad ar fud Chathair Chorcaí trí shraith taispeántas agus léachtaí a óstú ag Campas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT agus Ceolscoil Chorcaí CIT. Bhí Aonach Bliantúil na Nollag de chuid CIT ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig ar 10 agus 11 Nollaig agus bailíodh airgead a raibh géarghá leis do Chumann Treoirmhadraí na hÉireann. D’óstaigh Club Lúthchleasaíochta na hInstitiúide an chéad ócáid reatha trastíre oíche riamh in Éirinn ag Campas Bhaile an Easpaig ar 11 Nollaig. Tionóladh Craobhchomórtais Trastíre Mhumhan Theas na Scoileanna agus bhí 400 mac léinn dara leibhéal páirteach iontu ag láthair spóirt na hInstitiúide ag Campas Bhaile an Easpaig ar 29 Eanáir. D’óstaigh Club Camógaíochta na hInstitiúide Craobhchomórtais Ardoideachais Ashbourne agus Purcell ag Staidiam Spóirt na hInstitiúide ar 20/21 Feabhra. Chuir Ceolscoil Chorcaí CIT “Guys & Dolls” i láthair in Halla Curtis ón 24 go 27 Feabhra. D’óstaigh Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT lá léachtaí poiblí ar 15 Márta ag a raibh Felicity Aylieff agus Takeshi Yaduda, beirt ealaíontóirí clúiteacha domhanda sa cheirmeacht i láthair. Bronnadh an GOLD Green Hospitality Award ar an Roinn Staidéar Turasóireachta agus Fáilteachais ar 11 Márta. Tionóladh Craobhchomórtais Trastíre Scoileanna agus Ollscoileanna na hÉireann Uile ag an Institiúid ar 13 Márta. Ghnóthaigh Club Peile CIT na mBan Craobh an H.E.C. Shield ar 20 Márta nuair a fuair an lámh in uachtar ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Ghlac mic léinn de chuid Ceolscoil Chorcaí CIT den uile aois agus leibhéal páirt i Maratón Ceoil 12 uair an chloig – an Lá Náisiúnta Ceoil – i gCeolscoil CIT ar 16 Aibreán. Bhí na ceolchoirmeacha saor in aisce agus tugadh gach síntiús ar an lá do Charthanas Barnardos. Mar chuid den cheiliúradh ar fhiche bliain den chaidreamh déthaobhach taidhleoireachta idir Éirinn agus an Rómáin, tionóladh ceolchoirm i gCeolscoil Chorcaí CIT ar 8 Bealtaine agus thug baill foirne agus Rómánaigh atá ina gcónaí i gCorcaigh léirithe. Bhí Gradaim Bhliantúla Spóirt na hInstitiúide ar siúl san Institiúid ar 11 Bealtaine. Bronnadh Graduate Achievement Award ar an Uas. Denis Walsh, Bainisteoir Iománaíochta Sinsir Chorcaí. Bhí Searmanas Lárionad Chorcaí le haghaidh Thaispeántas Oideachais Ailtireachta agus an Bronnadh Duaiseanna ar siúl ar 28 Bealtaine. Bronnadh Duais Venise Biennale ar an mac léinn ab fhéarr a chruthaigh, Patrick F Shier. Ba í Cuideachta Seirbhísí Mic Léinn de chuid na hInstitiúide an chéad Cheaintín Mic Léinn tríú leibhéal a fuair an Green Hospitality Award ar 4 Meitheamh. D’óstaigh an Institiúid Campaí Samhraidh Sacair an FAI ón 26 go 30 Iúil.

F. Nuálaíocht agus Taighde

Ceapadh an tUas. Kieran Moynihan mar chéad Fhiontraí Cónaí na hInstitiúide i Meán Fómhair 2009. Rinne an mac léinn taighde iarchéime, Garry O'Connor, ionadaíocht don Institiúid ag Comhdháil Dhomhanda na gCóras Iompair Cliste in Stockholm agus bhuaigh sé an Duais Chré-Umha agus €7,500. Bhí Duais CIT don Innovation Showcase agus Awards Ceremony ar siúl i Lárionad na Mac Léinn ar 19 Márta. Tugadh an chéad duais agus Fiontraí CIT na Bliana do “Hydrostack” ó Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla. Bhí innealtóir Nuálaíoch Mic Léinn na Bliana (Leibhéal 7 agus 8) ar siúl ar 20 Aibreán agus tugadh na gradaim seo a leanas:

- (i) An Chéad Áit agus Innealtóir Mic Léinn Nuálaíoch CIT na Bliana (Leibhéal &7)
Jack Bermingham, Tionscadal: Taighde agus Forbairt ar Fhuinneamh Gaoithe in Éirinn
- (ii) An Chéad Áit agus Innealtóir Mic Léinn Nuálaíoch CIT na Bliana (Leibhéal 8)
David Kelleher, Tionscadal: Forbairt Chóras Braite Sine 3D

Sheol an tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin, T.D., “17 gCuideachta nua Éireannacha” ag an 12ú Annual Genesis Enterprise Programme 2010 Awards & Showcase ag an Institiúid ar 29 Márta. Bhí an 24ú Taispeántas Bliantúil Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bithleighis Chorcaí ar siúl ar 29 Aibreán i Lárionad na Mac Léinn. Ba é téama thaispeántas 2010 ná “Inbhuaine san Innealtóireacht – Oideachas agus Taighde”. Bhí an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Eamon Ryan, T.D. i láthair agus labhair sé le lucht éisteachta mór an taispeántais. Gnóthaíodh dhá mhórghradam don Institiúid ag Duaischraobh Fiontar Éireann/Invest Northern Ireland, a bhí ar siúl ar 3 Meitheamh. Ba é Billy Kelleher, T.D., Aire Trádála agus Tráchtála a bhronn na gradaim ar:

- (i) Gradaim Fiontair Mic Léinn Dara hÁit
Foireann: Mobilis (a raibh Myles Murray, Gavin O’Sullivan agus Mark Keane cuimsithe inti)
- (ii) Fiontar Éireann/Invest Northern Ireland Award of Merit
Foireann: Tip Top Cue Tip (a raibh Jonathan Howley, Daniel Henderson, Aidan Vaughan agus Ronan O’Donoghue cuimsithe inti)

Bhí mar thoradh ar chomhthogra a bhí curtha isteach ag CIT agus Tyndall – Taighde larchéime ar an bhFótónaic mar Theicneolaíocht Chumasaithe (PROPHET), go bhfuarthas maoiniú ón Marie Curie Training Network (ITN). Íocfaidh an maoiniú de €4.8m as 14 mac léinn PhD agus 5 thaighdeoir iardhochtúireachta ar feadh ceithre bliana.

I mí Iúil 2010, bronnadh €3.889m ar fad ar an Institiúid ar a n-áirítear maoiniú caipitil faoin gclár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) Timthriall V.

G. An Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas

Táthar ag súil go seolfar an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go luath. Cáipéis an-tábhachtach í seo do CIT agus don ardoideachas in Éirinn i gcoitinne de bhrí go rianfaidh sí forbairt an chórais sna blianta atá ag teacht. Rinne CIT aighneacht mhionsonraithe agus bhí sí rannpháirteach freisin i roinnt de na seisiúin fhoirmiúla a bhí á stiúradh ag an nGrúpa Straitéise. D’iarr aighneacht CIT go mbunófaí earnáil theicneolaíoch, údarás aonair cáilíochta don ardoideachas agus athleasú ar mheicníocht mhaoinithe an ardoideachais go samhail a bheadh níos mac léinnbhunaithe agus níos feidhmíochtbhunaithe.

An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas

Is fostóir deiseanna comhionannais í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann idirdhealú ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Oibreoidh sí i gcónaí ar son díothú cleachtas míchóir agus cuirfidh sí chun cinn agus forbróidh sí éiteas comhionannais laistigh den Institiúid.

1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

1.5 Maidir le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar chúig phríomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbruachbhailte thiar Chathair Chorcaí
 Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CIT CCAD) atá suite i gCathair Chorcaí
 Ceolscoil Chorcaí (CIT CSM) atá suite i gCathair Chorcaí
 Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) atá suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí
 Lárionad Chorcaí d'Oideachas Ailtireachta (CCAÉ) atá suite i gCathair Chorcaí, faoi chomhriarachán in éineacht le UCC

Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas a bhfuil achar 35 heicteár ann suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Gnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin agus an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla agus an Leas-Uachtaráin do Chúrsaí Airgeadais & Riaracháin.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad NIMBUS suite ar an gcampas seo freisin.

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CIT CCAD)

Is foirgneamh liostaithe é Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT atá ann ó go luath sna 1900dí i Sráid Sharman Crawford agus cuimsíonn sé na ranna Mínealaín & Dearadh Ceirmeach, Oideachas Ealaíne & Dearaidh agus Teiripe Ealaíne & Amharc-Oideachas Leantach. Is cuid de CIT CCAD freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig.

Ceolscoil Chorcaí CIT (CIT CSM)

Téann stair CIT CSM siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarcháir, Staidéar Sreinge, Gaothuirisí, Cnaguirlisí, Staidéar Gutha & Drámaíochta agus Staidéar Ceoltóireachta & Acadúil.

Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI):


Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingeas tráchtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (INS). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid tráchtála den Choláiste.

Lárionad Chorcaí d'Oideachas Ailtireachta (CCAÉ):

Is comhfhiontar é Lárionad Chorcaí d'Oideachas Ailtireachta a bunaíodh in 2006 idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí. Agus tacaíocht aige ó Chomhairle Chathair Chorcaí agus ó ghairm na hailtireachta laistigh den réigiún, is fiontar uathúil é Lárionad Chorcaí d'Oideachas Ailtireachta agus is forbairt nádúrtha ar chomhoibriú agus ar chomhpháirtíocht thrasinstiúideach é.

Cuireann sé cúrsaí céime agus iarchéime comhdháfa (múinte agus taighde) ar fáil san ailtireacht.

1.5 Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide



1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta a fheidhmíonn laistigh den Institiúid.

Feidhmíonn na Lárionaid agus na hAonaid seo a leanas faoi choimirce an Leas-Uachtaráin d'Fhorbairt

1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD)

Trí bhithin RCCD, tá CIT ag athrú dearcaí i leith na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta go dearfach agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad dearscnaitheachta i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíochta bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCCD lárionad dearscnaitheachta ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún san eolaíocht rud a chhothaíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann 25,000 cuairteoir cuairt ar RCCD in aghaidh na bliana.

2. Lárionad NIMBUS do Thaighde i gCórais Leabaithe Líonraithe

Is foirgneamh taighde úrscothach a tógadh le sainchuspóir é Lárionad NIMBUS de 1,800m² arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Chórais Leabaithe Líonraithe a chnámh droma. Cuimsíonn NIMBUS an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad le haghaidh Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionscail le Rubicon agus cuireann “siopa aon stad” ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad Rubicon deis ar fáil do thionscal úsáid a bhaint as saotharlanna tionscail agus teacht ar chlár thacaíochta. Beidh foireann de 80 idir thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime lonnaithe ann nuair a bheidh sé lán.

3. Lárionad Rubicon

Is Lárionad Goir ar champas CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta tosaithe eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliaint, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirsí Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tár éis áit a bhaint amach mar chatalaíoch don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m². Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhiú agus forás gnólachtaí dianeolaíoch go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaíochta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

4. Aonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéise

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéise ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar Thionscadail an Chiste Nuálaíochta Straitéise (SIF) atá á dtreorú ag CIT *An tOideachas san Fhostaíocht* (Timthriall 1) agus Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná naoi nInstitiúid Teicneolaíochta agus dhá Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear *Aistriú Eolaíoch sa Churaclam* atá á threorú ag WIT, an *Tionscadal Foghlama Solúbtha* atá á threorú ag IOTI agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschuir na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteachta a phríomhshruthú.

Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla:

1. An tAonad Teagaisc & Foghlama (TLU)

Cuireadh an tAonad Teagaisc & Foghlama ar bun i Meán Fómhair 2008. Tá an tAonad freagrach as bainistiú, éascú agus monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí seo a leanas laistigh de CIT:

- Timpeallacht Éifeachtach Foghlama a fhorbairt;
- Straitéisí Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe a fhorbairt;
- Teagasc agus Foghlaim le cabhair na Teicneolaíochta (TLT) a fhorbairt;
- Dearscnaitheacht agus Nuálaíocht i dTeagasc agus i bhFoghlaim a chur chun cinn;
- Taighde sna réimsí Teagasc, Foghlaim agus Measúnú;
- Tacú le Dearadh agus Forbairt Clár agus Curaclam.

Tagann baill an TLU as gach Dámh laistigh den Institiúid agus tugann baill bhreise dá gcuid saineolais sna réimsí r-fhoghlaim agus teagasc le cabhair na teicneolaíochta.

Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta:

1. An Grúpa Straitéiseach Bith-Fhionnachtana (Bio-Explore)

Is é atá sa Ghrúpa Straitéiseach Bith-Fhionnachtana ná grúpa idisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, Cheimic, Fhísic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleighis. Aslonnóidh taighdeoirí Bith-Fhionnachtana go dtí foirgneamh nua in 2013. Cuirfidh an Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht idisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil do thionscal agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn Bio-Explore:

- MEDIC – an Lárionad d'Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforbairt a thabharfaidh roinnt coincheap táirgí leighis go dtí staid an réamhthráchtálaithe gach bliain. Dhá sprioc ardleibhéil atá ag MEDIC, cur le hacmhainn Taighde Bithleighis agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí sin a forbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtálaithe (e.g. cuideachta atá ann trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischiudeachtaí campais). díreoidh MEDIC ar thrí shnáithe taighde: feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice i bhfeistí leighis amháil ionchlannáin ortaipéideacha); Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar an siúl chun táirgí agus teicneolaíochtaí a forbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróic agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fhísiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach; agus Leigheas Teiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnáimhe, comhdhúilí athghiniúnacha agus antabhaictéireacha;
- Taighde Micribhitheolaíochta/Vireolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus comhdhúile nua antaimiocróbacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine;
- Taighde ar Bhithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíochta;
- Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a forbairt;
- Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghniómhachtaí – dírithe ar leithlisiú, thréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící mais-speictriméadrachta a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fiosraithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha leis an Roinn na hInnealtóireacht Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí agus le Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaithe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach do thionscal agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality agus Cumann na hInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhbhall é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta do Thaighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leantach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar cláir shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

3. An Lárionad d'Anailís Dromchla & Comhéadain (CSIA)

Tá an lárionad d'Anailís Dromchla & Comhéadain (CSIA) bunaithe i Roinn na Fíisce Feidhmí agus na hIonstraimíochta, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Forbraíodh an Lárionad seo le cistiú rialtais agus Aontais Eorpaigh, mar shainsaoráid d'anailís dromchla agus cláréadáin ábhar. Cuireann an Lárionad an raon seirbhísí seo a leanas ar fáil ar bhonn tráchtála:

- Seirbhísí Anailíseacha: seirbhís tráchtála anailíse dromchla atá dírithe ar úsáideoirí tionscail agus úsáideoirí eile, a bhfuil i gceist léi iompú thart tapa i réiteach fadhbanna a bhaineann le dearbhú cáilíochta, aimsiú saincheisteanna próisis agus táirgeachta eile;
- T & F Conartha: T & F réamhiomaíoch agus iomaíoch trí bheith rannpháirteach ar bhonn comhpháirtíochta i dtionscadail a eascraíonn ó laistigh de thionscal;
- Oideachas agus Oiliúint: cúrsaí gearra a chur ar fáil ar theicneolaíochtaí anailíseacha agus ar thopaicí gaolmhara;
- Comhairliúchán: rochtain ar shainchomhairle a chur ar fáil, bíodh sí sin trí shaineolas inti nó trí bhunachair sonraí agus líonra de chonarthaí seachtracha;
- Baintear leas as teicneolaíochtaí amháil speictreascópacht leictreoin Auger (AES), speictreascópacht fhótaleictreoin X-gha (XPS) agus scannadh micreascópachta leictreoin (SEM) chun anailís a dhéanamh

4. Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCAÉ)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006. Agus Comhairle Chathair Chorcaí agus gairm na hailtireachta laistigh den réigiún ag tacú leis, is fiontar uathúil é Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcompháirtíocht thrasinstiúideach.

Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

5. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ag Campas Bhaile an Easpaig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choisctheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar a tugadh tacaíocht dó. I ngach tír ina bhfuil lárionad dearscnaitheach dá leithéid, is ag nó i gcomhar le rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadhbheathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionscail.

Is comhlacht neamhspleách é an CTC, arb é a misean comhairle agus cabhair a thabhairt do thionscal, don Rialtas agus don tsochaí araon maidir le patrún inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta. Cinntíonn iontaofacht agus cáil an CTC measúnú neamhchlaonta ar shaincheisteanna comhshaoil. Is é atá mar sprioc aige tomhaltas agus patrúin táirgeachta a bhogadh i dtreo chur chuige atá níos coiscthig, trí Tháirgeacht Níos Glaine agus úsáid na Teicneolaíochta Níos Glaine. Baineann buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil le táirgeadh níos glaine. Ó shin i leith, tá forás tagtha air sin go "táirgeacht inbhuanaithe" a bhfuil san áireamh inti gnéithe amháin freagracht shóisialta chorparáideach.

Óna thús, aithníodh CTC mar lárionad dearscnaitheacha i réimse an bhainistithe comhshaoil agus mar cheann den dream is mó a chuireann chun cinn an táirgeacht níos glaine agus na cuir chuige choisctheacha le haghaidh chosaint an chomhshaoil in Éirinn agus san Eoraip. Bhí sé gníomhach riamh i dtaighde agus sainchomhairleacht i gcúrsaí comhshaoil chun comhairle mhaith agus cabhair a chur ar fáil do raon leathan cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. Orthu siúd áirítear cuideachtaí aonair, grúpaí eárnálacha, agus scátheagraíochtaí tionsclaíocha. Tá punann tionsclaíoch de bhreis agus 250 cuideachta ag CTC. Ar na cliant eile tá údarais áitiúla, áisinteachtaí náisiúnta, Ranna Rialtais chomh maith le roinnt Stiúirtheoireachtaí Ginearálta de chuid Choimisiún na hEorpa. Chuir CTC 120 tionscadal taighde ar an gcomhshaoil i ngníomh le breis agus 100 compháirtí as breis is 30 tír.

6. Lárionad Náisiúnta na hÉireann don Teicneolaíocht Seicne (INCMT)

Tá Lárionad Náisiúnta na hÉireann don Teicneolaíocht Seicne (INCMT) bunaithe i Roinn na hInnealtóireachta Ceimice & Próisis.

Cuireadh an INCMT ar bun chun taighde acadúil a chothú i gcur i bhfeidhm na teicneolaíochta seicne agus chun aistriú na teicneolaíochta a chur chun cinn sa réimse sin. Is é ráiteas misin an INCMT ná:

- (i) Úsáid na teicneolaíochta seicne ag tionscal a chur chun cinn in Éirinn,
- (ii) Tionscadail T & F a chur i ngníomh a chothóidh aistriú na teicneolaíochta in Éirinn agus cur le tuiscint acadúil agus
- (iii) Líonra náisiúnta a chruthú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na hearnálacha ábhartha tionscail, lucht acadúil, soláthraithe seicne agus córas seicne, agus páirtithe leasmhara eile.

Tá líonra beomhar bunaithe ag INCMT a bhfuil suim acu i réimse na teicneolaíochta deighilte seicne trí shraith de chomhdhála gearra ar éirigh thar barr leo, agus a raibh tinreamh orthu ó 50 go 100 rannpháirtí ó na hearnálacha bithchógaisíochta, míncheimiceáin, bia, comhairleachta dearaidh agus acadúla. Faoi láthair tá an Lárionad ag oibriú i dtreo chomhoibríthe foirmiúla a bhunú le heagraíochtaí taighde eile atá gníomhach i réimsí a bhaineann go hábhartha lena réimse taighde féin agus le grúpaí eárnála. Tá mar aidhm aige freisin Coiste Stiúrtha a bhunú a mbeidh a chuid taighde dírithe ar riachtanais tionscail d'fhonn a chuid taighde a thráchtáil.

Nascann fócas INCMT ar dheighiltí seicne le fócas Lárionad Glanteicneolaíochta CIT ar fhorbairt polasaí agus ar thacaíocht thionsclaíoch i réimse na dteicneolaíochtaí glana.

7. An Grúpa Straitéiseach Taighde ar an Ard-Fhótónaic

Cuimsíonn an Grúpa Straitéiseach Taighde ar an Ard-Fhótónaic an Lárionad d'Ard-Fhótónaic agus Anailís Próisis (CAPP) agus an Grúpa Réalteolaíochta agus Ionstraimíochta (AIG). Feidhmíonn CAPP lárionad cláréadain-tionscail ó Campas Bhaile an Easpaig agus bunaíodh é faoin Scéim um Fheabhsú Taighde Fheidhmigh de chuid Fhiontar Éireann in 2008 agus é mar phríomhchuspóir ag an lárionad anailís a dhéanamh ar Cháilíocht Fhíorama phróisis déantúsaíochta tionscail gan gá a bheith ann cur isteach ar an bpróiseas. Tá thart ar 30 taighdeoir ag CAPP, seachtar ar Champas Bhaile an Easpaig agus 23 ina chuid saotharlanna in Institiúid Náisiúnta Tyndall. Agus an phróifíl réigiúnach thionsclaíoch agus a cuid riachtanas á cur san áireamh, cuimsíonn na sprícearnálacha do CAPP feistí leighis, cúrsaí chógaiseolaíochta, an leictreonaic, agus ar ndóigh an fhótónaic féin. Tá 15 chomhpháirtí tionscail ag CAPP, ar a n-áirítear Alcon Ireland, Logitech agus Epi-Light.

 Teideal: Small Scale Waste Water Treatment Plants
 Comhpháirtí Tionsclaíoch: Taighde agus Forbairt
 Maoirseoir: Leonard O'Driscoll Uas.

Ainm an Mhic Léinn: **Brian Connolly**
 Teideal: The Civil and Structural Design of Wind Farms
 Comhpháirtí Tionsclaíoch: Taighde agus Forbairt
 Maoirseoir: Donogh Coleman Uas.

28. Bhí Searmanas Bronnta Duaise na hInstitiúide ar siúl i Seomra na Comhairle, An Foirgneamh Riaracháin ar 26 Aibreán 2010. Léiríonn an bronnadh bliantúil duaiseanna seo onóir do shárchéimithe 2009. Bronnadh duaiseanna ar na mic léinn seo a leanas:

- **Pauline Frizelle** – Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearn – MA i Léiriú Ceoil – Ceolscoil Chorcaí CIT
- **Conor Palliser** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearn – BMus- Ceolscoil Chorcaí CIT
- **Michelle Gunning** – Mac Léinn na Céime Máistir is Fearn – MA i dTeiripe Ealaíne – Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- **Claire Marie Hurley** – Mac Léinn na Céime Baitsiléir is Fearn – BA i Mínealaín i gColáiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- **William Lawlor** – Duais HETAC don Sár-Mhac Léinn in Ealaín & Dearadh – BA (Onór) i Mínealaín - Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- **William Lawlor** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearn – BA (Onór) i Mínealaín - Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- **Aoife Murphy** – Duais Marshall Hutson – An Mac Léinn is Fearn in Oideachas Ealaíne – Diplóma in Oideachas Ealaíne & Deartha - Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- **Patrick Hourigan** – An Mac Léinn is Fearn go Foriomlán – MSc i bhForbairt Bogearraí – Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
- **James Barrett** - Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearn – MBus – Dámh Ghnó & Daonnachtaí
- **Marcus Flynn**- Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearn – MBus – Dámh Ghnó & Daonnachtaí
- **Karen Hogan** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearn – BA (Onór) in Oideachas & Forbairt Pobail – Dámh Ghnó & Daonnachtaí
- **Ana Santos** – Mac Léinn na Céime Baitsiléir is Fearn – BA i mBainistíocht Acmhainní Daonna – Dámh Ghnó & Daonnachtaí
- **John Ahern** – Mac Léinn na Céime Baitsiléir is Fearn – BEng in Innealtóireacht Leictreach – Dámh na hInnealtóireachta
- **Donal Caples** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearn – BSc (Onór) i gCórais Chumhachta Leictreachais – Dámh na hInnealtóireachta
- **Patrick Hourigan** – Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearn – MSc i bhForbairt Bogearraí – Dámh na hEolaíochta
- **Donal Kennedy** – Mac Léinn na Céime Baitsiléir is Fearn – BSc i bhFisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht – Dámh na hEolaíochta
- **Michael Edward McCarthy** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearn – BSc (Onór) i bhFisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht – Dámh na hEolaíochta
- **Peter Michael Cahill** – Mac Léinn na Céime Baitsiléir is Fearn – BEng in Innealtóireacht Gléasra Muirí – Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- **John Dawson** – Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearn – BSc (Onór) in Eolaíocht Mhuirí - Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

29. Bhí Gradaim Bhliantúla Spóirt 2010 na hInstitiúide ar siúl ar 11 Bealtaine 2010 i bhFoirgneamh na Turasóireachta & an Fháilteachais. Bronnadh na gradaim seo a leanas ar an lá:

Gradaim Aonair

- **Cathal Owens** – Gradam don Luthchleasaíocht – 1ú Bliain Innealtóireacht Mheicniúil
- **Gillian O'Brien** – Gradam do Pheil na mBan – 1ú Bliain Áineas & Fóillíocht
- **Ronan Kinane** – Gradam do Racquetball – 2ú Bliain Innealtóireacht Seirbhísí Foirgníochta
- **Ann-Marie Ryan** – Gradam don Chamógaíocht – 4ú Bliain Bainistíocht Foirgníochta
- **Ken Murphy** – Gradam don Sacar – EPS 4ú Bliain
- **Paul Sutton** – Gradam don Dreapadh Carraige – 2ú Bliain Innealtóireacht Leictreach
- **Ursula Day** – Gradam do Pheil na mBan – Máistir i Staidéar Gnó
- **Billy Allen** – Gradam don Chairteoireacht – 3ú Bliain Innealtóireacht Shibhialta
- **Ross McBride** – Gradam don Tae Kwon Do – 4ú Bliain Staidéar Gnó

Gradam Mic Léinn Céad Bhliana

- **Ciaran Sheehan** – Gradam don Pheil Ghaelach – 1ú Bliain Áineas & Fóillíocht

Club na Bliana Dara hÁit Club Peile na mBan

Duais don Chlub is Fearr An Club Lúthchleasaíochta

Gradaim d'Éachtaí Speisialta

Bronnadh iad ar naonúr mac léinn atá sa bhliain dheiridh in CIT agus a bhí sármhaidh ag leibhéal idirnáisiúnta nó idirchontae sinsearach.

- **Clíodhna Sargent** – Imreoir Hacaí Sinsearach na hÉireann
- **Mark O'Donovan** – Iomróir na hÉireann
- **Julie McGrath** – Imreoir Camógaíochta Shinsearaí do Thiobraid Árann
- **Daniel Goulding** – Peileadóir Sinsearach Chorcaí
- **Paul Kerrigan** - Peileadóir Sinsearach Chorcaí
- **Ray Carey** - Peileadóir Sinsearach Chorcaí
- **Colm O'Neill** - Peileadóir Sinsearach Chorcaí
- **Paul O'Flynn** - Peileadóir Sinsearach Chorcaí
- **Cathal Naughton** – Iománaí Sinsearach Chorcaí

30. Bhronn an tUachtarán Duais Venice Biennale ar an mac léinn is fearr a bhí ag baint céime amach, **Patrick F Shier**, ag oscailt Searmanas Taispeántas agus Bronnadh Duaise Cheolscoil Chorcaí ar 28 Bealtaine 2010.
31. Léiríodh meas ar mhic léinn de chuid CIT nuair a fuair siad gradaim ag an Fiontar Éireann/ Invest Northern Ireland Student Enterprise 2010 ón Aire Trádála agus Tráchtála, Billy Kelleher, T.D., ar 3 Meitheamh 2010. Rinneadh aighneachtaí na mac léinn a ghearrliostú go 15 as breis is 350 aighneacht. Ba iad na Foirne mar seo a leanas:

Gradaim Fhiontar Mhic Léinn Dara hÁit – Mobilis

A chuimsíonn **Myles Murray**, **Gavin O'Sullivan** agus **Mark Keane** a rinne forbairt ar Chóras londoirt Infhéitheach atá ceaptha le cumas soghluaiseachta a uasmhéadú.

Gradam Fiúntais Fhiontar Éireann/Invest Northern Ireland – Tip Top Cue Tip

A chuimsíonn **Jonathan Howley**, **Daniel Henderson**, **Aidan Vaughan** agus **Ronan O'Donoghue** a bhfuil Rinn Cleathóige Snúcair agus Púil saor ó chailc á forbairt acu.

32. Bhí Bronnadh Céimeanna Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar siúl ar 17 Meitheamh 2010. Fuair 43 réamhchémí ar fad a gcuid pár.
33. Fógraíodh Buaiteoirí Duais Idirnáisiúnta Mic Léinn na hInnealtóireachta Leighis ar 24 Meitheamh 2010 in Westminster, Londain, agus ghnóthaigh na mic léinn **David Kelleher** agus **Ciara McKenna** trí cinn de na ceithre phríomhdhuais, ar a n-áirítear an chéad áit go foriomlán.

Sa Chomórtas Idirnáisiúnta Innealtóireachta Leighis – fuair **David Kelleher** an Chéad Duais ar fad don Tionscadal Foilsithe agus Curtha i Láthair is Fearr le haghaidh Fhorbairt Chóras Braite Sine Bó 3D le haghaidh Críocha Dífhabhtaithe, faoi mhairseacht an Dr Michael J. O'Mahony.

Sa Chomórtas Idirnáisiúnta Innealtóireachta Leighis – an Tionscadal is Fearr a bhaineann le Dearadh/Forbairt Feiste Leighis, fuair **David Kelleher** an Chéad Áit arís, agus fuair **Ciara McKenna** an Dara hÁit le haghaidh Measúnú ar neart tarraingthe amach scríonna ortaipéadacha i bhforbairt suimint nua cnáimhe. Ba é an Dr Hugh O'Donnell a maoirseoir siúd.

Tar éis gearrliostú as iontráil mhór idirnáisiúnta, téann gach tionscadal sna Duaiseanna Idirnáisiúnta Mic Léinn d'Innealtóireacht Leighis trí phróiseas uileghabhálach imscrúdaithe ar aighneachtaí, cur i láthair fréamhshamhlacha, léiriú agus taispeántas roimh phainéal oiric moltóireachta de Thionsclóirí agus Ollúna Innealtóireachta a bhaineann le hInnealtóireacht Mheicniúil agus a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.

34. Bhí an Searmanas Gradaim do na Comórtais Scileanna Náisiúnta 2010 ar siúl i Lárionad na Mac Léinn ar 25 Meitheamh 2010. Bhí an tArd-Mhéara, an Comh. Michael O'Connell agus an tAire Fiontair, Trádála & Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, T.D., i láthair.

Is máistircheardaithe iad na hiomaitheoirí agus an chuid is fearr sa tír i 9 réimse:- Suiteálacha Leictreacha, Rialú Tionsclaíoch, Feistí Gléasra Foirgníochta, Déanamh Miotail, Obair Phlástair, Cearpantóireacht, Siúinéireacht, Táthú agus Cuisniú. Bhí na réamhchomórtais buaite cheana ag na craobhiomaitheoirí go léir sna hInstitiúidí Teicneolaíochta éagsúla ar fud na tíre.

4. Taighde & Forbairt

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha
- 4.2 Gníomhaíochtaí Taighde
- 4.3 Naisc Sheachtracha Forbartha
- 4.4 Forbairt Campais
- 4.5 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí

4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

Tá CIT tiomanta do chabhair a thabhairt d'fhiontraithe agus do thosuithe nua gnó agus cuireann sí tacaí agus deiseanna ar fáil freisin do chuideachtaí atá ann cheana lena gcuideachtaí a chur chun cinn go dtí an chéad leibhéal eile. Chomh maith le Lárionad Rubicon, réachtálann an Institiúid roinnt clár agus cúrsaí chun cuidiú le fiontraithe ag céimeanna difriúla d'fhorbairt na cuideachta.

Lárionad Rubicon

Cuireadh tús leis an síneadh de 900 méadar cr le Lárionad Rubicon i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i gcrích é faoi Mheitheamh 2010. Chuir an síneadh 70 “suíochán” breise leis an Rubicon, agus cuireadh leis an spás iomlán goir go 2,100 m.cr. Bhog céad chliant an tsínidh isteach sa Lárionad in Iúil 2010. Cuireann an fairsingiú seo le lorg coise an ghor gnó agus nuálaíochta ar Champas Bhaile an Easpaig agus cuireann in iúl go soiléir don fhoireann agus do na mic léinn gur gníomhaíocht thábhachtach í an fhiontraíocht arbh fhiú a bheith rannpháirteach inti agus tacú léi. Tugann oscailt Lárionad Taighde NIMBUS, atá buailte leis an Rubicon, deis le haghaidh breis idirghníomhaíochta idir na fiontraithe agus an pobal taighde. Baineann cuid mhaith de chuideachtaí Rubicon atá bainteach le CIT leas as clár Dearbháin Nuálaíochta Fhiontar Éireann.

I ngeall ar an síneadh, féadfaidh Lárionad Rubicon freastal ar 220 duine, arb ionann é sin agus 55 cuideachta. I ndeireadh Lúnasa, ba é an sealbhú ná 45 cuideachta. Coinníonn Lárionad Rubicon an comhchruinniú cuideachtaí tosaithe is mó ar oileán na hÉireann.

I nDeireadh Fómhair 2009, chuidigh Bainisteoir Lárionad Rubicon i gcomhar le Comhairle Chontae Chorcaí le roinnt cuideachtaí chun dul ar mhisean trádála go Chicago. Tá Contae Chorcaí nasctha le Contae Cook in Chicago. Mar thoradh ar an gcuairt sin, d'oscail ceann de chuideachtaí Rubicon oifig i ngoradán i gContae Cook agus tá oibríocht rathúil SA ar siúl aici óna bunáit ansin.

Thug roinnt cuairteoirí mór le rá de chuid CIT cuairt ar an Rubicon. Orthu siúd bhí:

1. Batt O’Keeffe T.D., Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta
2. Billy Kelleher T.D., Aire Trádála agus Tráchtála
3. Frank Ryan, POF Fiontar Éireann
4. Brian Crowley, FPE

Tugadh faisnéis dóibh go léir ar raon leathan gníomhaíochtaí CIT i réimse na tacaíochta don nuálaíocht agus don fhiontar.

In Aibreán 2010, d’aontaigh AIB deontas a thabhairt mar chuid de chostas caipitil Shíneadh Rubicon. Mar chuid den chomhaontú, d’aontaigh AIB urraíocht a dhéanamh freisin ar Ghradaim Chlár Genesis ar feadh tréimhse cúig bliana.

Tá naisc dhíreacha le CIT ag beagnach 40% de na cuideachtaí atá bunaithe i Lárionad Rubicon. Ar na naisc sin tá comhthaighde, socrúchán mac léinn, tionscadail mhic léinn nó úsáid saoráidí an choláiste.

Clár Fiontraíochta Genesis

Tá an clár seo ar siúl ó 1997 agus go dtí seo thacaigh an clár le 180 fiontraí. Tá tionchar imeartha ag an gclár ar cheantar Chorcaí i dtéarmaí na dtosaithe gnólachtaí. Ina seal, chuaigh roinnt mhaith cuideachtaí “céimí” Genesis ar aghaidh chun céimithe CIT a fhosú, is foinse rialta socrúchán iad do mhic léinn CIT agus tá tionscadail chomhoibrítheacha chonartha taighde ag cuid mhaith díobh le CIT. Déanann aitheantas ó thríú páirtithe ar obair Genesis iarrachtaí CIT agus a comhpháirtithe sa chlár a bhailíochtú. Éiríonn go maith go rialta le cuideachtaí Genesis i gcomórtais náisiúnta agus ar bhuaiteoirí na bliana seo tá:

- Ferfics (Clár Genesis 2008/2009) ar éirigh leo i gcaobhacha an Chomórtais Uile-Oileánda Seedcorn agus a ghnóthaigh ciste duaise de €25,000 agus an duais ardchlú don Chuideachta Ard-Fhás is Fearr i gCúige Mumhan;
- Radisens (Clár Genesis 2008/2009) a aithníodh ar an gcuideachta thosaithe ba mhó ab fhiú infheistiú inti i measc na gcuideachtaí Eorpacha a rinne cur i láthair ag an gcomhdháil síol-infheistíochta “Going International”. Bhí Radisens sa chraobh freisin i gComórtas 2009 Seedcorn de chuid InterTrade Ireland;
- Treemetrics (Clár Genesis 2004/2005) arbh iad an buaiteoir foriomlán ag Smartcamp IBM iad agus a fuair meantóireacht ó IBM chun plean gnó ullmhaithe don infheisteoir a réiteach.

I mí an Mhárta, d’fheidhmigh Micheál Martin, T.D., Aire Gnóthaí Eachtracha, ag Gradaim agus Taispeántais Fhiontar Éireann Genesis. Chuir an searmanas gradaim críoch le bliain na rannpháirtithe sa chlár agus tháinig na 17 rannpháirtí as raon eárnálacha ar a n-áirítear fuinneamh, bia, an leictreonaic, teileachumarsáid agus dearadh troscáin.

Bronnadh Gradam Alumni Genesis 2010 ar Pat Ryan Uas. de chuid Abtran (Clár Genesis 1998/1999). Bronntar an Gradam go bliantúil ar alumnus Chlár Genesis a rinne éachtaí suntasacha ina réimse tráchtála féin nó a chuir ar bhealach suntasach le forbairt gnólachtaí eolasbhunaithe sa réigiún.

I mBealtaine, sheol Billy Kelleher, T.D., Aire Trádála agus Tráchtála, clár na bliana 2010/2011 go hoifigiúil.

Cuireadh Clár Genesis ar an ngearrliosta le haghaidh Ghradam Fhiontar Eorpach an AE. Rinne an clár Genesis ionadaíocht d'Éirinn agus in éadan iomaíochta ó bhreis is 330 tionscadal ó 28 tír, d'éirigh leis a bheith ar an 12 a ainmníodh ar an ngearrliosta don ghradam. Tugann na gradaim aitheantas agus luach saothair ar an dearscnaitheacht i measc comhlachtaí poiblí agus an fhiontraíocht agus mionghnólachtaí á gcur chun cinn acu ag na leibhéil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Cé nár ghnóthaigh Genesis an gradam, tháinig sé sa dara háit agus moladh go hard é as spiorad na fiontraíochta a chur chun cinn.

Tús na Fiontraíochta (Enterprise Start)

Le linn na bliana seo, lean CIT de chlár Tús na Fiontraíochta, a bhí páirtmhaoinithe ag Fiontar Éireann, a reáchtáil. Cuidíonn Tús na Fiontraíochta le fiontraíthe folaigh cinní a dhéanamh maidir le hindéantacht a smaoinimh agus tugann léargas ar na gnéithe bunriachtanacha a bhaineann le gnólacht nua a chruthú. Ag deireadh an chláir, tugtar an deis do gach rannpháirtí a bplean gnó a chur i láthair phainéal saineolaithe. Faigheann na rannpháirtithe comhairle agus tacaíocht freisin maidir le cár cheart breis cúnaimh a lorg chun a smaoineamh gnó a fhorbairt. Ar chríochnú don chlár dóibh, leanann tuairim is 80% díobh ar aghaidh chun a gcoincheap gnó a fhorbairt ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha. Baintear úsáid as an gClár seo freisin faoi thosca dúnta cuideachta agus cuireadh roinnt clár i gcrích áit a raibh cuideachtaí ilnáisiúnta i mbaol líon a gcuid fostaithe a laghdú. Bhí clár Tús na Fiontraíochta ar siúl in Harris Semiconductor le linn na bliana.

Discovery Zone

Go luath in 2010, rinne Lárionad Rubicon clár nua darb ainm Discovery Zone a cheapadh agus a sheachadadh. Bhí an clár 12-sheachtain dírithe ar dhaoine aonair a raibh taithí roinnt blianta acu i mbainistíocht shinsearach i dtimpeallacht ilnáisiúnta agus a chaill a gcuid postanna le gairid. Ba mhian leis na rannpháirtithe go léir gnólacht nua a bhunú ach ní raibh smaoineamh le haghaidh gnólachta acu uile. Mar dhaoine aonair agus mar fhoirne, tugadh uirlisí do na rannpháirtithe chun cabhrú leo deiseanna a aimsiú agus a mheasúnú agus chuir siad a smointe i láthair i gcomhair measúnaithe ag deireadh an chláir. Tá beirt de na rannpháirtithe tar éis aistriú sáil go dtí Clár Fiontar Genesis. Mhainigh CIT, Fiontar Éireann agus Comhairle Chontae Chorcaí an clár seo. Táthar ag súil an clár seo a reáchtáil arís in 2011.

Solas Network

I rith na mblianta, rinne thart ar 350 rannpháirtí freastal; ar cheann de chlár CIT do chuideachtaí tosaithe, i.e. Genesis, Enterprise Start nó Discovery. Chreid CIT go raibh gá le cineál éigin Líonra nó mogall lena chinntiú go bhféadfadh CIT leanúint de bhaint a bheith aici leis na hiar-rannpháirtithe agus chun cabhrú leo. Cuireadh Solas Network ar bun agus éascaíonn sé seisiúin do na rannpháirtithe faoinar féidir leo fadhb/ábhar imní/deis chomónta a aontú agus go dtig leo teacht le chéile chun an cheist a phlé. Má bhíonn oiliúnaí nó éascaitheoir seachtrach de dhíth, féadfaidh Solas é sin a chur ar fáil.

Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta

Mar chuid de chur i ngníomh Straitéis Aistrithe Eolais CIT (cuid de Straitéis Taighde 2011 CIT) agus chun tacú le breis idirghníomhaíochta le tionscal, chuir an Oifig Idirchaidrimh le Tionscal acmhainn thiomanta aistrithe teicneolaíochta ar bun. Chuir an méadú ar an leibhéal agus ar na cineálacha caidrimh le cuideachtaí ar thug na trí Lárionad um Fheabhsú Taighde Fheidhmigh (TEC, CAPPa agus MEDIC) in iúl go raibh gá le hacmhainn lánaimseartha.

Le linn na bliana Acadúla 2009/2010, baineadh amach an ghníomhaíocht aistrithe teicneolaíochta seo a leanas amach:

- Ceadúnais, Roghanna 1
- Nochtadh Fionnachtana 11
- Paitinní 5

Lena chois sin, síníodh conradh le DIT a bhféadfadh ceadúnas a bheith mar thoradh air. Bhí DIT i gceannas ar thionscadal, IMMAS, a bhí maoinithe faoi chiste Forbartha Teicneolaíochta Fhiontar Éireann. Bhí ceithre chomhpháirt ag córas bogearraí agus d'fhorbair CIT páirt amháin den chóras. Tá ceann amháin de chomhpháirteanna DIT ceadúnaithe agus tá an seans fós ann go mbeadh gá ag úsáideoirí eile an chórais le gach ceann de na ceithre chomhpháirt.

Dréachtaíodh Polasaí nua Maoine Intleachtúla (IP) agus tá sé ag fanacht le faomhadh deiridh a fháil sula ndéanfar polasaí de. Reáchtáladh roinnt sainchúrsaí oiliúna le linn na bliana don phobal taighde chun a bhfeasacht ar chúrsaí IP a mhéadú. Taispeánadh dóibh conas IP a chosaint agus na roghanna chun IP a shaothrú agus a thráchtáil.

Duais CIT don Nuálaíocht 2010

Bhí Duais CIT don Nuálaíocht ar siúl i Lárionad na Mac Léinn ar 19 Márta agus ba é Conor Buckley Uas., a ainmníodh mar Phearsa Chorcaí na Bliana 2009, an príomhchainteoir.

Thaispeáin “Fiontraihte” (14 fhoireann a raibh breis is 44 mac léinn iontu) a gcuid gnólachtaí le linn an taispeántais agus bronnadh ciste duaise de €10,000 ina iomláine ar na hontrálacha a bhuaigh. Rinne Boird Fhiontair Chontae agus Chathair Chorcaí urraíocht ar an gcomórtas agus chomh maith leis na duaiseanna airgid tá buanchorn ar taispeáint i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla.

D’óstaigh an Institiúid Clár Fiontair Scoileanna Chorcaí freisin a bhí ar siúl le linn na “Duaise don Nuálaíocht”. Tá mar aidhm ag Clár Fiontair Scoileanna Chorcaí oideachas a chur ar mhic léinn dara leibhéal maidir leis na fíricí a bhaineann le gnólacht a chur ar bun agus a réachtáil.

Gradaim Mhic Léinn 2010

Cuireadh buaiteoirí Duais CIT don Nuálaíocht isteach ar na Duaiseanna Mic Léinn Uile-Éireann, a thugann deis do mhic léinn ar fud na hÉireann dul san iomaíocht don teideal Fiontraihte Coláiste na Bliana, a bhfuil tóir air, agus sciar den chiste duaise de €50,000 a ghnóthachtáil. D’éirigh go maith riamh le CIT sa chomórtas seo agus bhuaigh sí an duais fhoriomlán in 2004, Gradam Nuálaíochta Cruickshank & Co Technology in 2005, duais an Choláiste in 2006, an duais fhoriomlán in 2009, Gradam Nuálaíochta Cruickshank & Co Technology in 2008 agus an 2ú háit in 2010.

Sna Gradaim Mhic Léinn Uile-Éireann 2010, ghnóthaigh CIT na duaiseanna seo a leanas:

- Bronnadh an Dara Duais agus ciste duaise de €6,500 ar Mobilis
- Bronnadh Gradam Tuillteanais arbh fhiú €4,000 ar Tip Top Cue Tips.

Tionscadail Chiste Straitéiseach Nuálaíochta

Tá CIT i gceannas ar dhá mhórhionscadal faoi Chiste Straitéiseach Nuálaíochta IAO, an tionscadal Timthriall 1 SIF Oideachas i bhFostaíocht agus an tionscadal Timthriall 2 SIF Mapa Bóthair le haghaidh Comhpháirtíochta Fostóir-Acadúil (MBCFA). Leanann an dá thionscadal de bheith ag forbairt agus ag leathnú an bhaint atá ag an gcomhpháirtíocht le fostóirí agus Institiúidí Ardoideachais. Tá dhá ollscoil agus naoi nInstitiúid Teicneolaíochta bainteach leis an gCuibhreannas iomlán. Le linn na bliana, lean an tionscadal an tOideachais i gcúrsaí Fostaíochta dá chuid oibre ar leathadh a chuid cinní agus ar a acmhainn agus cumas i bhFoghlaim Obairbhunaithe agus Aitheantas don Réamh-Fhoghlaim (ARF) a fhorbairt ach go háirithe. Áirítear san obair seo:

- Páipéar ar FOB a cuireadh i láthair ag Acadamh Bainistíochta na hÉireann i Meán Fómhair 2009;
- Cur i láthair don ghrúpa Creatlónra Cur i bhFeidhm (CLCF) de Chumann Ollscoile na hÉireann (COÉ) ar chur i bhfeidhm ARF – bunaithe ar chinntí agus thuarascáil an tionscadail ÚAO i mBaile Átha Cliath ar 24 Feabhra 2010;
- Comhpháirtí i gCeardlann sa Bhruiséil ar ARF leis an QAA agus Rialtas na hAlban;
- Rannpháirtíocht chomhoibrítheach le CIT, NUIG agus AIT i gcruinniú faoi chur i bhfeidhm ARF ar iarratas an NQAI ag oifigí NQAI ar 22 Márta 2010;
- Forbairt tuarascála bunaithe ar thaighde ar fhoghlaim Obairbhunaithe in earnáil na Turasóireachta agus na Foilíochta ag AIT i gcomhpháirtíocht le fiontair áitiúla – ar fáil ar an láithreán gréasáin www.eine.ie;
- Seisiún leantacha Forbartha Foirne in Institiúidí comhpháirtíochta ar Pholasaí agus Chleachtas ARF
- Cur i láthair d’fhoireann tríú leibhéal Cuibhreannas agus Chomhairleoirí Treoirghairme na Sionna ar ARF agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil i Lárionad Lárchathrach UL ar 22 Aibreán 2010;
- Foilsiú Lámhleabhar Siompóisiam 2009 ar a n-áirítear gach cion do Shiompóisiam 2009 ar Foghlaim Obairbhunaithe;
- An Tríú Siompóisiam Bliantúil ar Foghlaim Obairbhunaithe in DIT ar 5 Bealtaine 2010;
- Cur i láthair do Chumann Tráchtála Chorcaí ar spriocanna an tionscail MBCFA/IAO i gCorcaigh ar 8 Márta;
- Cruinniú leis an Aire Imeachtha, Mary White, T.D., agus cur i láthair na tuarascála ar Imirceoirí san Ard-Oideachas don Aire Imeachtha, Mary White, T.D., Corcaigh ar 14 Bealtaine 2010;
- Cur i láthair ar Imirceoirí san Oideachas i Luimneach ar iarratas Doras Luimní ar 21 Bealtaine 2010.

San athbhreithniú lárthearma ar Thionscadail Chiste Straitéiseach don Nuálaíocht, tugadh an rátáil is fearr don tionscadal CIT-Threoirithe an tOideachas i gcúrsaí Fostaíochta. Dúirt an Dr Davies:

“Úsáid mhaith bainte as acmhainní teoranta, ar a n-áirítear ciondáileadh inmheánach cistí chun gníomhaíocht na comhpháirtíochta a léiriú, seachas leibhéil réamhshocraithe. Torthaí praiticiúla. Spriocanna agus cuspóirí bainte amach

faoi-bhuiséad agus chun tosaigh ar an sceideal; plean inbhuaine i bhfeidhm. Tá an tionscadal seo ríthábhachtach in aeráid eacnamaíochta an lae inniu.”

Tar éis gur baineadh amach spriocanna an Oideachais i gcúrsaí Fostaíochta, comhthátháíodh an tionscadal isteach sa tionscadal atá á threorú ag CIT Timthriall 2 Mapa Bóthair don Chomhpháirtíocht um Chúrsaí Fostaíochta-Acadúla (MBCFA). Is iad príomhspriocanna an tionscadail MBCFA ná scrúdú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ag raon leathan caidrimh chomhpháirtíochta, trí anailís a dhéanamh ar riachtanais fhoghlama san ionad oibre, athbhreithniú ar chineálacha comhpháirtíochta, forbairt sainchúrsaí, malartuithe foirne idir líAO agus ionaid oibre agus forbairt rianta gairmiúla iarchéime. Tá tuairisc chomhoibritheach ar Riachtanais Fhoghlama eárnálacha roghnaithe foilsithe agus tá obair á déanamh ar thuarascáil faoi Shocrúchán Comhoibritheach mac léinn fochéime a chuimseoidh sraith de threoirínte dea-chleachtais, le haghaidh foghlaimoírí, fostóirí agus líAO. Le linn na bliana chuimsigh obair thionscadail MBCFA:

- Imeachtaí éagsúla taispeántas Tionscail agus comhpháirtíochta a éascú sna hinstiúidí comhpháirtíochta;
- Tacaíocht don chlár Discovery Zone i Lárionad Rubicon, a bhí ceaptha chun cabhrú leis an lucht gairmiúil ag a raibh taithí a dteastaíonn uathu smaointe nua a fhorbairt, gnólacht a thosú nó ar mhian leo bealaí nua a scrúdú chun a scileanna a úsáid chun deiseanna eile tráchtála a thapú trí chomhpháirtíocht le fiontraithe eile nó le hinstiúidí acadúla;
- Taighde ar dhea-chleachtas i socrúchán oibre i gcláir thrú leibhéal ag cur tuairimí líAO, fhostóirí agus mhac léinn i dtoll a chéile;
- Mór-Fhóram ar chlár Shocrúcháin in líAO in Éirinn – in UCC ar 15 Aibreán – a ndearna breis is 70 duine freastal air ó níos mó ná 14 líAO;
- Fóram ar líne a bhunú le haghaidh socrúcháin agus é ar fáil ag <https://listserv.heanet.ie/placement-1.html> a thugann deis dóibh siúd atá bainteach le socrúchán a gcuid ábhar inní agus a smaointe a chomhroinnt;
- Forbairt, saincheapadh agus comhtháthú le bogearraí Moodle of DiaryPro i gcomhair pleanála, bainistithe, torthaí foghlama taighde le haghaidh socrúcháin a chur suas – ITT;
- Comhoibriú le Forfás, IBEC agus an Sainghrúpa ar Scileanna Riachtanacha sa Toghcháin ar an ngníomhaíocht socrúcháin oibre agus Aitheantas don Réamhfhoghlaim;
- Éascú, trí thacaíocht WBL agus RPL a chur ar fáil, idirbheartaíochtaí comhpháirtíochta ar shainchlár ríomhaireachta idir EMC agus CIT;
- Tacaíocht agus comhordú faisnéise ar éagsúlacht sainfhorbairtí cúrsa dírithe ar na n-instiúidí comhpháirtíochta;
- Comhoibriú leanúnach leis an tionscadal WIT-threoirithe KTC ar rianta Gairmiúla larchéime agus plécháipéis a fhorbairt le cur leis an dioscúrsa;
- Cur i láthair ar MBCFA agus EIE ag Fóram CGO Chorcaí ar Oideachas ar Feadh an tSaoil ag Oifigí na Roinne Oideachais Corcaigh ar 21 Aibreán 2010;
- Cur i láthair agus Ceardlann á dtreorú ag foireann MBCFA mar chuid d'Fhóram Ollscoile-Gnó AE sa Bhruiséil ar 4 agus 5 Bealtaine 2010;
- Nuachtlitir tionscadail a fhorbairt agus a scaipeadh – ar fáil ar www.reap.ie;
- Dhá pháipéar curtha i láthair ag an gComhdháil in Amsterdam i Meitheamh 2010 *The Power of Lifelong Learning*;
- Pleanáil ar siúl ar mhórchomhdháil ar an tríú misean de chuid na hearnála Ardoideachais atá beartaithe do Theach Farmleigh i Meán Fómhair.

San athbhreithniú lárthearma ar thionscadail SIF, fuair an tionscadal MBCFA an rátáil is airde do thionscadal Timthriall 2. Dúirt an Dr Davies ina thuarascáil:

“Tá na torthaí go dtí seo go maith agus seans go nglacfaidh instiúidí eile leo le himeacht ama. Baineann ábharthacht speisialta leis an tionscadal san eacnamaíocht reatha.”

Tacaíocht do Thionscal agus Forbairt Cúrsa

Bith-Chomhdháil

I mí na Samhna, i gcomhar le Comhairle Chontae Chorcaí agus UCC, rinne CIT urraíocht ar chomhdháil aon lae dar teideal: *The Changing Face of the Pharmaceutical Industry*. Rinne an chomhdháil cur síos agus plé ar na hathruithe atá ar tí tarlú i dtionscail na Cógaisíochta agus na Bithchógaisíochta ar fud an domhain. Dream idirnáisiúnta a bhí sna cainteoirí agus d'fhreastail níos mó ná 100 rannpháirtí ar an imeacht. Thug IDA Éire agus áisinteachtaí ábhartha eile a gcion do na himeachtaí.

Campas Taighde Muirí & Fuinnimh agus Mogall Tráchtála (MERC³)

Síníodh Meabhrán Comhthuisceana idir CIT (NMCI san áireamh), UCC agus Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann i Márta 2010. Cuirfidh MERC³ comhoibriú chun cinn a rachaidh chun tairbhe do na hinstiúidí faoi seach agus don eacnamaíocht náisiúnta trí Champas Taighde Muirí & Fuinnimh agus Mogall Tráchtála a fhorbairt a bheidh suite lámh le suíomh NMCI ag Rinn an Scidigh.

4.2 Gníomhaíochtaí Taighde

Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha - Ginearálta

Sa bhliain acadúil 2009/10, ghnóthaigh taighdeoirí na hInstitiúide thart ar €16m i nduaiseanna taighde a bhí cistithe go seachtrach. I mí Iúil 2010, bronnadh €3.889m ar CIT mar chuid den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL I – Timthriall C). I Márta 2010, shealbhaigh CIT Lárionad nua NIMBUS le haghaidh Taighde ar Chórais Leabaithe Líonraithe (maoinithe faoi PRTL I – Timthriall IV).

D'fhoilsigh taighdeoirí CIT timpeall is 180 páipéar comhdhála, agus páipéar irise piara-léirmheasta; lean dá gcaidreamh láidir le tionscal, agus baint acu le breis is 200 cuideachta i dtionscadail T&F; agus chuir níos mó ná 400 tionscadal fochéime i gcrích le comhpháirtithe tionsclaíocha.

PRTL I V

Faoi PRTL I V, d'éirigh le CIT i dtrí cinn dá ceithre iarratas mar a d'fhógair an tÚAO ar 16 Iúil 2010. Taispeántar sa tábla thíos iad:

Teideal	Maoiniú a Bronnadh	Tuairisc ar an Tionscadal
Lárionad Taighde in Ard-Innealtóireacht Theiripeach	€3,297,000	Foirgneamh taighde 1400m ²
Ed4Life	€293,000	PhD Struchtúrtha in Eolaíocht Bhitheach (CIT-threoraithe)
INSPIRE	€299,000	PhD Struchtúrtha i naineolaíocht (comhpháirtí CIT)

Foirgneamh Taighde CREATE

Mar a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil do 2008/09, is é atá i gceist le coincheap an Lárionad um Thaighde ar an Ardteicneolaíocht Theiripeach ná foireann taighde ildisciplíneach chomhoibritheach a chur le chéile san fhoirgneamh úrscothach céanna, agus na trí réimse, eolaíochtaí Bitheolaíocha, bithleighis agus ard-bhithíomháithe a nascadh chun taighde ar an Ard-Innealtóireacht Theiripeach a spreagadh. Déanfar an foirgneamh, atá faofa le déanaí, a thógáil ag bun Bhloc-C, agus é dhá stór ar airde agus súil le hollachar urláir de 1400 m² a bheith aige.

Is as dhá cheann de na Mogaill Straitéiseacha Taighde de chuid CIT a thagann trí shnáithe chomhlántacha taighde *CREATE*, agus soláthraíonn siad coinbhéirseacht ar thaighde aistritheach sláinte thar an speictream ó chúram othair go forbairt táirge. Is é atá i gceist le Fionnachtain Bhithmhóilíneach ná anailís ar pheiptíd agus innealtóireacht ar a n-áirítear bithfhaisnéisíocht agus diognósic mhóilíneach agus iad dírithe ar fheidhmeanna teiripeacha i ngalraí infhabhtaíocha, sláinte phutóige agus ailse. Díróinn Innealtóireacht Bithleighis ar ardáin theicneolaíochta ionchlannáin, ar a n-áirítear feistí cliste máinliachta, athshlánú iarobráide agus bithábhair le haghaidh teiripe in vivo agus athshlánú i gcomhpháirt le cliniceoirí agus tionscal. Díróinn Ard-Íomháu ar fheistí nua a fhorbairt le haghaidh feidhmeanna íomháithe optaigh in anailís bithleighis agus phróisis i gcomhpháirt le tionscal agus lucht acadúil.

Tá *CREATE* dírithe ar roinnt réimsí atá sainaitheanta a bheith rithábachtach d'fhorbairt ár gcuid acmhainní T&F, amhail “buneolaíochtaí bithleighis, teicneolaíocht faisnéise, bithinnealtóireacht agus forbairt drugaí” agus, mar thoradh air sin, a thacóidh go díreach le agus a chuirfidh saineolaithe ar fáil sna hearnálacha sin ina bhfuil tosaíocht tugtha d'fhás T & F. Imreoidh sé ról tábhachtach i dtacú agus i gcur le príomhthionscail réigiúnacha, go háirithe tionscail na bhfeistí bithchógaisíochta agus bithleighis a bhíonn ag brath ar smaointe nuálacha agus ar chéimithe an-sciliúla. Trí chláir rochtana ar an tsaoráid ag líAO agus tionscail, a bheidh pleanáilte agus bainistithe go cúramach, cabhróidh *CREATE* le hacmhainn T & F a neartú sa réigiún agus go náisiúnta.

Tig le taighdeoirí CIT tairbhe a bhaint cheana féin as an “*CREATE ADVANTAGE*” faoinar féidir iarratais ar mhaoiniú nó ar chomhoibrithe le tionscal fiúntas breise a fháil trí rochtain éasca a bheith acu ar shaotharlanna ildisciplíneacha agus ar shaineolaithe thar roinnt disciplíní. Nuair a bheidh foirne uile *CREATE* comhshuite san fhoirgneamh nua, meastar go mbeidh mar thoradh ar na sineirgí a ghinfear aschuir mhéadaithe taighde agus nuálaíochta.

Clár Struchtúrtha PhD Ed4Life agus INSPIRE

Is clár struchtúrtha PhD é Ed4Life (Oideachas do na hEolaíochtaí Beatha) atá á threorú ag CIT, agus le comhoibrithe in UCC agus Teagasc, An Chloch Liath. Cuirfidh an tionscadal curaclam mac léinn-láraithe ar fáil chun tacú leis na cohóirt taighde mic léinn atá ann faoi láthair nó a bheidh sa todhchaí, a chumasóidh iad chun dul i ngleic leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus chun cabhrú go mór leis an gCeathrú Leibhéal in Éirinn. Meastar go n-imreoidh an clár seo tionchar mór ar chúrsaí oideachais, oiliúna agus infhostaíochta, ach go mbeidh mar thoradh air freisin:

- Méadú ar mhéadracht taighde: maoiniú, páipéir, foireann paitinní, etc. ag teacht le straitéis taighde CIT;
- Idirghníomhú agus comhoibriú tionsclaíoch a bhuanú agus a fhorbairt tuilleadh a bheidh ábhartha go speisialta do na tionscail feistí bithleighis agus bithchógaisíochta;
- Cumas jabanna agus aschuir eacnamaíochta agus réigiúnacha a ghiniúint agus a spreagadh.

Fuair Photonics SRC maoiniú de €299k mar chuid den Chlár Náisiúnta don Oideachas Céimí i Naineolaíocht agus Nainteicneolaíocht. Is iad na comhpháirtithe eile sa chlár de €3.4m ná Coláiste Ollscoile Chorcaí/Institiúid Tyndall, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus Ollscoil Luimnigh. Tógann an clár céimí seo ar chomhoibriú rathúil an Ardáin Chomhtháite Naineolaíochta d'Éirinn (INSPIRE) arna mhaoiniú ag PRTL4.

Is comhoibrí í CIT freisin i gclár oiliúna céimí eile ar a n-áirítear:

- an Chomhghuaillíocht Taighde;
- Aistriú Bitheolaíochtaí isteach sa tSláinte (BSI West);
- Clár Céimí Imshaoil agus Athrú Aeráide.

PRTL IV – Foirgneamh Taighde NIMBUS arna Shealbhú ag Taighdeoirí

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad nua NIMBUS do Thaighde ar Chórais Leabaithe agus, ar 16 Márta, d'athshuigh 65 taighdeoir agus mac léinn láithreacha éagsúla in CIT go dtí foirgneamh NIMBUS. Cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus é sin faoin mbuiséad.

Tá Lárionad NIMBUS buailte le Lárionad Rubicon agus ceangailte leis. Léiríonn sé sin diongbháilteacht thaighdeoirí NIMBUS ní amháin taighde d'ardchaighdeán a dhéanamh ach a chinntiú freisin go gcothaíonn an taighde an nuálaíocht agus an tráchtáil trí cheadúnú agus tosaithe chuideachtaí nua. Léiríonn comhtháthú an Lárionaid le haghaidh Chomhtháthú na dTeicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (arna mhaoiniú ag Fiontar Éireann faoin gclár d'Fheabhsú Taighde Fheidhmigh (ARE) le NIMBUS an diongbháilteacht sin. Cuireann sé mic léinn iarchéime an Lárionaid i dteagmháil freisin le moltaí na tuarascála nuafhoilsithe ón Tascfhórsa ar an Nuálaíocht a éilíonn béim níos treise go mór ar a chinntiú go gcothaíonn an taighde buntáistí inláimhsithe do thionscal agus ar chéimithe a tháirgeadh atá in ann cuidiú go díreach le heacnamaíocht eolais na hÉireann, atá ag fás go tapa. Sa chomhthéacs sin, tá NIMBUS ag oileadh 32 taighdeoir iarchéime faoi láthair agus tá baint ghníomhach ag foireann NIMBUS le teagasc fochéime agus iarchéime i Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice in CIT.

Cuireann Lárionad NIMBUS spás ar fáil do 80 táirgeoir ar a mhéid, ar a n-áirítear saoráidí i gcomhair tionscadail fochéime, mic léinn iarchéime chuairte agus taighdeoirí ó institiúidí eile agus stáisiúin oibre thiomanta do chuairteoirí tionscail, atá in úsáid faoi láthair, áit ar féidir le taighdeoirí cuideachta oibriú i ndlúthchomhar le taighdeoirí eile agus le cuideachtaí a bhfuil suim acu sna topaicí sin agus i dtopaicí gaolmhara.

Oscloídh Batt O'Keeffe, T.D., Aire Fiontair, Trádála & Nuálaíochta, NIMBUS go hoifigiúil ar 20 Meán Fómhair 2010.

CIT@Tyndall

I Meán Fómhair 2008, nocht an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe, T.D., plaic ag Institiúid Náisiúnta Tyndall chun an comhoibriú rathúil taighde idir Institiúid Náisiúnta Tyndall agus CIT a chomórath.

Mar thoradh ar an gcomhoibriú sin, maoiníodh Líonra Céad Oiliúna Marie Curie, Taighde Iarchéime ar an bhFótónaic mar Theicneolaíocht Chumasaithe (PROPHET) le CIT agus Tyndall ag feidhmiú mar chomh-chomhordaitheoirí. Díróinn an clár oiliúna taighde PROPHET de luach €4.8m ar an bhfótónaic mar theicneolaíocht chumasaithe, agus cumhdóidh sé feidhmeanna amhail teilceumarsáid gásbhraite le haghaidh monatóireacht imshaoil, fuinneamh gréine agus íomháu leighis. Cuirfidh an líonra oiliúint ar 14 mhac léinn PhD agus cúigear taighdeoirí iardhochtúireachta ar feadh ceithre bliana sa speictream leathan scileanna atá riachtanach le haghaidh slí bheatha ildisciplíneach, thionscal-dírthe san fhótónaic. Tá deis ar leith ag na taighdeoirí atá maoinithe laistigh den líonra PROPHET oiliúint chuimsitheach a fháil san fhótónaic, agus

maoiniú flaitiúil Marie Curie a chuimsíonn tuarastal iomaíoch agus líúntais i gcomhair taistil agus iniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí slí bheatha. Ní amháin go mbaineann siad leas as na saoráidí den scoth agus na saoráidí atá ina n-institiúid óstach, ach faigheann siad taithí freisin le cuairteanna ar iasacht ar chomhpháirtithe líonra eile, a bhfuil cáil dhomhanda orthu go léir mar cheannairí ina réimse féin. Gheobhaidh gach taighdeoir taithí luachmhar as bheith ag obair i dtionscal, a bhuí sin leis an mbainteacht láidir le tionscal sa líonra. Beidh na taighdeoirí óga mar chroílár líonra bheoga ar fud na hEorpa de thaighdeoirí san fhótónaic, le ceardlanna oiliúna bliantúla, scoil samhraidh, agus comhdháil dheiridh líonra. Bíonn glaonna ITN ar mhaoiniú an-iomaíoch; i nglao na bliana 2010 inar maoiníodh PROPHET, níor éirigh ach le 63 togra as an 863 a cuireadh isteach. Sin ráta ratha de díreach 7%. Is é atá in PROPHET ná ceann amháin den dá ITN i nglao 2010 atá á chomhordú ag comhpháirtí Éireannach.

Taighde le hOllscoileanna Indiacha

Mar mhórfhorbairt, tá curtha ag CIT lena caidreamh straitéiseach le mór-ollscoil Indiach le tacaíocht ó thionscal. Tá Ollscoil Pune (UoP) ar cheann de na hollscoileanna is suntasaí san India agus is mó a bhfuil meas uirthi. Tá pobal mac léinn iarchéime de 6,000 aici agus pobal mac léinn fochéime de 650,000 ina cuid coláistí comhcheangailte. Shínigh CIT agus UoP Meabhrán Comhthuisceana in 2008 agus tá comhaontaithe acu anois sraith leathan tograí a chur i ngníomh i dtaighde, malartú mic léinn agus baill foirne agus eiceachóras nuálach a fhorbairt. Tá tacaíocht thábhachtach á cur ar fáil ag an gcuideachta Chorcaíoch, Zenith Teicnologies Ltd., ar príomhsholáthraithe réitigh córais chur i bhfeidhm na huathoibríochta agus na déantúsaíochta í le haghaidh raon tionscal, chun an caidreamh a mhéadú, ag teacht lena spriocanna forbartha gnó in Éirinn agus san India.

Thug UoP cuireadh do CIT páirt a ghlacadh i mórcholóiciam déthaobhach taighde agus nuálaíochta in Eanáir 2010 a bhí dírithe ar an téarma “Comhoibriú san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht”. Ghlac toscaireacht bainisteoirí sinsearach agus baill foirne taighde páirt i sraith ceardlanna, cur i láthair taighde, léachtaí, cuairteanna ar shaotharlanna agus cruinnithe le tionscal le comhpháirtithe ó UoP chun deiseanna a shainiúint a rachadh chun leasa don dá institiúid. Dúirt Ceann na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta, Michael Loftus Uas., gurb é “an toradh ná mionphlean don chomhoibriú a mbeadh baint aige le taighde, malartuithe dáimhe agus mic léinn agus forbairtí curaclaim, chomh maith le eiceachóras nuálaíoch a chothú agus béim ar an taighde a aistriú isteach ina tháirgí agus ina phróisis tráchtála. Is cúis mhór do CIT é margaidh domhanda a oscailt le haghaidh cuideachtaí Éireannacha dlúthnaisc a fhorbairt leis an India”.

Ag tionscnamh na comhdhála, labhair a Shoilse, Ken Thompson Uas., Ambasadóir na hÉireann don India, faoin tiomantas a bhí léirithe ag an dá thaobh i dtéarmaí líon na dtoscaireachtaí faoi seach (arbh í an toscaireacht ó CIT an ceann ba mhó riamh ó institiúid Éireannach a thug cuairt ar ollscoil Indiach) agus sinsearach an phearsanra araon.

De réir an Dr Niall Smith, Ceann Taighde, CIT, *“baineann forbairt shuntasach ar leith go dlúth le cuairt atá pleanáilte ag baill foirne Pune ar CIT, chun breathnú agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn taighdeoirí CIT i ndlúthchomhar le tionscal mar chuid d’eiceachóras nuálach ó thús deireadh. San áireamh ansin tá tuiscint chuimsitheach ar conas smaointe taighde a aistriú isteach ina réaltacht tráchtála ionas go dtiocfaidh leas eacnamaíoch as gníomhaíochtaí taighde, cultúr a bhí i gceartlár na gníomhaíochta beoga taighde agus nuálaíochta in CIT ar feadh an scór bliain seo caite”.*

Ar na príomhréimsi taighde a neartófar tríd an gcomhoibriú tá an fhótónaic (giniúint agus brath solais, le feidhmeanna don chéad ghlúin eile d’fheistí idirlín), comhábhair ghníomhacha bitheolaíochta (as foinsí iomadúla, luibheanna san áireamh, le raon leathan feidhmeanna leighis), bithmhéadracht, teicneolaíocht braiteora, agus innealtóireacht bhithleighis. Baineann an-tábhacht le gach réimse do thionscal in Éirinn agus san India araon.

Taighde agus Nuálaíocht ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI)

Leanann an gníomhaíocht i dtaighde agus nuálaíocht de bheith ag fás ag NMCI agus meastar go dtiocfaidh tuilleadh fáis uirthi leis na deiseanna a chuirfidh an Mogall Taighde Mara agus Fuinnimh (MERC), atá á mhaoiniú ag PRTL V, a bheidh suite gar do NMCI ar fáil. Shínigh CIT, UCC agus Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann Meabhrán Comhaontaithe maidir le MERC i Márta 2010. Tá roinnt samplaí den taighde agus den nuálaíocht a bhaineann le gníomhaíochtaí NMCI liostaithe thíos:

	Comhpháirtithe tionscadail	Clár	Stádas	Téama	Treoraithe ag NMCI agus príomh-chomhpháirtithe
1	IMCORE	Interreg	Gníomhach	Samhaltrú do bhainistiú riosca tuile	CIT, Baile an Easpaig
2	Ardán Oideachais Mhuirí	Leonardo	Gníomhach	Oideachas muirí/cianfhoghlaim	NMCI, William Kavanagh
3	PERSEUS	FP7	Gníomhach	Faireachas do chosaint teorann mara	INS, Martin Counihan
4	Seftec Innovation Partnership	EI	Gníomhach	Comhrac dóiteáin – monatóireacht agus samhaltú 3D	CIT, Baile an Easpaig Willie Roberts
5	Optamú athghléasta loinge	Staidéar PhD UCC	Gníomhach	Samhaltrú sriantachta agus anailís costais is tairbhe	Think Smart, James Little, Bob Scarrott

Léiriú Taighde

Bhí ócáid léirithe ar siúl ag taighdeoirí fótónaice in CIT ar 23 Márta in Amharclann Rory Gallagher ar Champas CIT Bhaile an Easpaig, nuair a cuireadh i láthair forbheathnú ar na gníomhaíochtaí beoga taighde ar an bhfótónaice atá á ndéanamh ag taighdeoirí. Tugadh cuireadh do bhaill foirne agus/nó do mhic léinn leasmhara bheith i láthair agus tuilleadh a fhoghlaim faoin bhfótónaice, a fháil amach conas is féidir léi tionchar a imirt ar a réimse staidéir féin, agus ceisteanna a chur agus plé neamhfhoirmiúil a dhéanamh le taighdeoirí fótónaice CIT. Rinneadh freastal maith ar an ócáid agus tá beartaithe imeacht bhliantúil a dhéanamh di.

Tá Léiriú ar Eolaíochta Beatha beartaithe do Mheán Fómhair 2010.

Líon na nIarchéimithe

Tá líon reatha na dtaighdeoirí liostaithe thíos:

Mic Léinn PhD	53
Lánaimseartha	47
Páirtaimseartha (Líon iomlán agus CLA)	06
Céim Máistir ag Mic Léinn taighde	114
Lánaimseartha	93
Páirtaimseartha (Líon iomlán agus CLA)	21
Taighdeoirí Iardhochtúireachta	04

Lárionaid um Fheabhsú Taighde Fheidhmigh (ARE)

D'éirigh i gcónaí go hiontach le trí Lárionad ARE, le méadú ar líon a gcuid tionscadal agus breis maoinithe go díreach ó thionscal. Bogfaidh dhá cheann de na Lárionaid ARE – CAPPA agus MEDIC – go dtí foirgneamh nua CREATE in 2013, rud a chuirfidh bonneagar feabhsaithe taighde agus breis trealaimh ar fáil dóibh, le linn dóibh a bheith leabaithe freisin i dtimpeallacht ildisciplíneach taighde agus nuálaíochta.

Oiliúint Mhaoirseora

Rinne an Oifig Taighde trí chúrsa oiliúna a sheachadadh do mhaoirseoirí in 2010 a ndearna 54 ball foirne ar fad freastal orthu. Ullmhaíodh an oiliúint mhaoirseora i gcomhar leis an gCumann Náisiúnta um Chomhtháthú Teagasc agus Foghlaim Taighde (NAIRTL), UCC, TCD, NUIG, agus WIT. Fuarthas aischothú dearfach ón oiliúint. Meastar oiliúint mhaoirseora a bheith ina príomhghné d'Eiceachóras Nuálaíochta na hInstitiúide. Tá beartaithe Fóram Maoirseora a bhunú chun cur leis an Oiliúint Mhaoirseora in 2011.

Réimsí Reatha Speisialaithe Agus Saineolais

Faoi láthair tá dhá ghrúpa déag ghníomhacha taighde ag feidhmiú i ranna ar fud na hinstitiúide chomh maith le maoirseoirí aonair taighde.

Is mar seo a leanas atá cuid de na príomhréimsí taighde:

- Teileachumarsáid, Córais Oiriúnaitheachta Gan Sreang;
- Bitheolaíocht Mhóilíneach/Géineolaíocht Mhóilíneach Fheidhmeach, Imshaoil (Muirí agus Fionnuisce), Modheolaíocht Bhithanailíseach, Diagnóisic Leighis, Sábháilteacht Bia agus Cáilíocht Táirge;
- Éiceatocsaineolaíocht, Próitéamaíocht, Monatóireacht & Rialú Truailithe, Glanteicneolaíochtaí Táirgeachta, Forbairt Inbhuanaithe, Bainistiú Imshaoil agus Cáilíocht Aeir;
- Físic Dhromchla, Eolaíocht Ábhar, Nanaitheicneolaíocht, Ionstraimiú Ríomhairithe, Bithfhísic, Réaltfhísic, Fótónaic/Optaic;
- Innealtóireacht Leictreonach: Próiseáil Nua-aimseartha Comharthaí, Rialú Oiriúnaitheachta, Feidhmeanna i gCórais Chumarsáide, Córais Chumhachta Leictreonacha, Innealtóireacht Bhogearraí, Optaleictreonaic;
- Innealtóireacht Mheicniúil, Strusanailís, Fuinneamh In-athnuaite, Cóimhiotail Alúmanaim, Tomhas Comhpháirteanna Tuirbín, Bithbhreoslaí agus Innealtóireacht Bhithleighis;
- Forbairt Bogearraí, Líonraí Néaracha;
- TFC in Oideachas, Foghlaim Ghréasánbhunaithe, Ilmheáin Dhigiteacha, Foghlaim Obairbhunaithe, Oscailte agus Chianfhoghlaim, Creata Deimhniúcháin/cáilíochtaí agus Anailís Riachtanais Scileanna/Inniúlachta;
- Cúram Sóisialta;
- Ealaín agus Dearadh – ábhair nua agus ábhair dhúchasacha (taighde ceirmeachta agus teilgcheárta);
- Ceol (Cumadóirí Éireannacha 20ú hAois).

Tá an taighde sin le cois an taighde agus na comhairleachta a dhéantar laistigh de Lárionaid Teicneolaíochta san Institiúid. Is lárionaid acmhainní náisiúnta iad na lárionaid sin agus cuireann siad ar fáil saineolas, comhairle agus cabhair neamhspleách d'earnálacha difriúla comhlachtaí tionscail, gnó agus rialtais. Cuimsíonn siad:

- Cuireann an Lárionad d'Ardchórais Déantúsaíochta agus Bainistithe (CAMMS) deiseanna ar fáil don duine aonair agus do chuideachtaí chun staidéar a dhéanamh ar mhaithe le cáilíochtaí agus chun cáilíochtaí a bhaint amach i sainréimsí chomh maith le seirbhísí taighde agus comhairleachta do raon tionscal i réimsí mar leagan amach agus optamú próisis.
- Cuireadh an Lárionad don Ghlanteicneolaíocht (CTC) ar bun mar fhreagra ar riachtanas atá ag síor dhul i méid chun dramhail a íoslaghú ag an bhfoinse mar mhalairt ar chóireáil agus diúscairt dramhaíola. Cuireann an lárionad seo oiliúint agus comhairleacht ar fáil do thionscal chomh maith le taighde ar theicneolaíochtaí táirgeachta níos glaine, rangú dramhaíola agus íoslaghú dramhaíola ag na leibhéil náisiúnta agus AE. Ba é an láimhdeachas in 2009/10 ná thart ar €1m.
- Lean Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe dá feidhmíocht an-láidir mar thionscnóir náisiúnta innealtóireachta agus eolaíochta agus thug breis is 45,000 duine cuairt uirthi in 2009/10. Ba í an réadlann an ceann scríbe oideachasúil ba mhó tóir air i gContae Chorcaí do mhic léinn dara leibhéal. D'óstaigh sí cuid mhath imeachtaí d'ardphróifil agus chuir sí an eolaíocht chun cinn sa tsochaí i dtionscal eolasbhunaithe áitiúla agus náisiúnta agus i gcúrsaí ealaíne agus oidhreachta.

Institiúid Chógasbhitheach an Bhia (API)

Síníodh Meabhrán Comhthuisceana idir CIT, API agus Teagasc chun comhoibriú foirmiúil a chur ar bun a bheadh bunaithe ar na naisc chomhoibritheacha taighde atá bunaithe go maith cheana féin idir na páirtithe sna Bitheolaíochtaí. Ar na réimsí comhnaisc taighde tá an fhionnachtain bhithmhóilíneach, bith-theiripe, galar tógálach, frithmhiocróbaigh, sláinte putóige, agus ailse.

Maoiniú

Le linn na bliana, rinneadh laghdú suntasach ar na deiseanna a bhí ann le haghaidh iarratais ar mhaoiniú ó fhoinsí Éireannacha. D'aistarraing Fiontar Éireann, ar foinse phríomhúil don mhaoiniú taighde iad, roinnt clár agus rinne ciorrú ar an gcuid eile. D'ainneoin sin, fuair taighdeoirí CIT roinnt maoinithe i gcónaí:

- Thug Fiontar Éireann €110,000 do thaighdeoirí sa Mogall Straitéiseach Taighde ar an bhFótónaic le haghaidh taighde atá dírithe ar thionscal, ar mhaoinigh na comhpháirtithe tionsclaíocha €25,000 de;
- Thug Fiontar Éireann maoiniú de €100,000 ar an Lárionad TEC atá bunaithe i bhfoirgneamh NIMBUS i gComhpháirtíocht Nuálach le comhpháirtí tionsclaíoch;
- Bronnadh Comhpháirtíocht Nuálach de €120,000 ar CIT/NMCI i gcomhpháirtíocht le cuideachta áitiúil;
- Cuireadh timpeall is 30 Dearbhán Nuálaíochta i gcrích le comhpháirtithe tionsclaíocha sa réigiún. Is dearbháin bheaga (€5,000) iad sin a gcuireann cuideachtaí isteach orthu d'Fhiontar Éireann agus ar féidir, ach iad a bheith faofa, a úsáid in institiúidí tríú leibhéal ar bith. Ba é an chéad uair é do chuid mhaith cuideachtaí idirghníomhú le hinstitiúid tríú leibhéal agus chuir an dearbhán ar chumas na cuideachta leibhéal éigin taighde nó nuálaíochta a chur i gcrích. Go minic lean an caidreamh le CIT ar aghaidh tar éis don tionscadal dearbháin teacht chun críche.

4.3 Naisc Sheachtracha Forbartha

Le linn na bliana lean an Institiúid de naisc a chothú agus a chur chun cinn le heagraíochtaí agus institiúidí seachtracha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Orthu sin bhí:

- IDA
- FÁS
- Fiontar Éireann
- Bord Fiontair Chathair Chorcaí
- Bord Fiontair Chorcaí Theas
- Bord Fiontair Chorcaí Thuaidh
- CorkBIC
- Cumann Tráchtála Chorcaí
- it@cork
- Cork Electronics Industry Association

Páirc Nuálaíochta & Teicneolaíochta Eolaíochta Chorcaí (CSITP)

Ceapadh an Bord Comhairleach don CSITP agus tháinig siad le chéile in Eanáir. Cuimsíonn an Bord ionadaithe ó thionscal, áisinteachtaí tacaíochta sa réigiún (CIT, UCC, Fiontar Éireann, IDA, Cumann Tráchtála Chorcaí, Comhairle Chontae Chorcaí) agus ionadaithe ó na húinéirí talún áitiúla.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil: Clár Erasmus

Gníomhaíochtaí Soghluaisteachta Erasmus

Le linn 2009/2010, lean na gníomhaíochtaí faoin gclár LLP Erasmus de bheith ag forbairt. Bronnadh Cairt Ollscoile Leathnaithe Erasmus ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don tréimhse 2007-2013, rud a chuireann ar chumas na hInstitiúide cur isteach ar mhaoiniú soghluaisteachta chun malartuithe agus socrúcháin mhic léinn a airgeadú agus a riar, chomh maith le malartuithe foirne acadúla agus cuairteanna forbartha foirne, ar bhonn bliantúil.

Fuarthas cistiú de €166,449 ina iomláine ón ÚAO (Áisinteacht Náisiúnta Erasmus) le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta le bheith ar siúl le linn na tréimhse ó 1 Meitheamh 2009 go 30 Meán Fómhair 2010.

I gcaitheamh na bliana 2009-2010, ghlac 21 mac léinn páirt sa chlár Malartuithe Staidéir Erasmus, agus rinne 35 mac léinn socrúcháin thar lear a bhí maoinithe ag Erasmus.

Rinne 12 léachtóir de chuid CIT malartú múinteora Erasmus ag institiúidí páirtíochta, agus tharla an líon céanna léachtóireachta isteach freisin. Maoiníodh roinnt cuairteanna monatóireachta socrúcháin Erasmus chomh maith.

Chuir CIT fáilte roimh 140 mac léinn Erasmus isteach le haghaidh malartuithe staidéir le linn 2009/2010.

Is iad seo a leanas na ranna a raibh baint acu leis an gclár malartaithe le linn na bliana Acadúla:

- Córais Chuntasáíochta & Faisnéise
- Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
- Ailtireacht
- Eolaíochtaí Bitheolaíochta
- Ceolscoil Chorcaí CIT
- Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Imshaoil
- Ríomhaireacht
- Foirgníocht
- Innealtóireacht Cheimiceach & Próisis
- Ceimic
- Innealtóireacht Leictreonach
- Bainistíocht & Margaíocht
- Innealtóireacht Mheicniúil
- Meáin Chumarsáide
- Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais

Tharla malartuithe le hinstiúidí comhpháirtíochta sna tíortha seo a leanas: An Ostair, An Danmhairg, An Fhrainc, An Fhionlainn, An Ghearmáin, An tSualainn, An Ísiltír, An Spáinn, An Bheilg, An Pholainn, An RA, Poblacht na Seice, An Iodáil, An Ungáir, An Ghréig agus An Rómáin.

Comhpháirtíochtaí Malartaithe

Faoi láthair tá breis is 100 comhaontú malartaithe Erasmus ag CIT le hinstiúidí comhpháirtíochta Eorpacha. Bhí an Institiúid ina comhpháirtí in iarratais rathúla ar dhá Dhianchlár Erasmus a raibh na Ranna Meáin Chumarsáide, Bainistíocht & Margaíocht, agus Staidéar Sóisialta & Ginearálta agus Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Ceolscoil Chorcaí CIT páirteach iontu. Beidh an deis ag mic léinn ó na ranna sin freastal ar chúrsaí seachtaine in institiúidí comhpháirtíochta sna trí bliana seo chugainn.

Dianchlár Erasmus

Tá faomhadh maoinithe faighte ón AE ag Dianchlár dar teideal “I dTreo na Fiontraíochta Cruthaithí”. Is ceann de chúig chomhpháirtí Eorpacha í CIT atá bainteach leis an tionscadal, atá á chomhordú ag Polaiteicnic Lahti, institiúid chomhpháirtíochta Erasmus de chuid CIT le fada an lá, sna réimsí Ceol, Mínealaín, Turasóireacht agus Obair Shóisialta. Is iad na comhpháirtithe eile ná Norges Musikkhogskole, Oslo, Eesti Muusike-ja Teatriakadeemia, Tallin, agus Solent University Southampton. Tionólfadh an grúpa a chéad chruinniú i bhfómhar 2010 chun an dianchlár 10 lá a phleanáil a mbeidh grúpa foirne agus mac léinn ó gach institiúid chomhpháirtíochta páirteach ann. Is é an maoiniú iomlán don tionscadal ná €38,227.50. Is iad na ranna de chuid CIT atá bainteach leis: Ceolscoil Chorcaí CIT, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, Roinn na Meán Cumarsáide, agus an Scoil Ghnó. Rinne grúpa deichniúr mac léinn agus triúr ball foirne CIT freastal ar an gcéad chlár “I dTreo na Fiontraíochta Cruthaithí” san institiúid óstaigh, Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Lahti, An Fhionlainn, in Eanáir 2010. Beidh an clár á óstú ag CIT in 2011.

Is comhpháirtí í CIT freisin in dhá Dhianchlár eile ar éirigh leo maoiniú a fháil lena n-aghaidh, a bhfuil baint ag an Roinn Staidéar Sóisialta agus Ginearálta agus an Scoil Ghnó leo.

Scoláireacht Síochána George J. Mitchell

Lean CIT dá rannpháirtíocht sa chlár scoláireachta malartaithe seo, a bunaíodh le comóradh a dhéanamh ar Chomhaontú Aoine an Cheasta.

Clár AE-Ceanada in Ardoideachas, Oilíuint agus Óige

Rinneadh an clár AE-Ceanada a fhoirmiú d'fhonn comhthuisctint a chur chun cinn idir muintir Ceanada agus muintir an Aontais Eorpaigh ar a n-áirítear eolas níos leithne ar a dteangacha, a gcultúir agus a gcuid institiúidí.

D'éirigh le CIT maoiniú a fháil le haghaidh dhá thionscadal An Bia-Nasc agus M-CAPSS faoin gClár AE-Ceanada 2006-2013.

An Bia-Nasc

Bhunaigh an tionscadal seo bianasc idirnáisiúnta chun eolas sna réimsí córais cháilíochta, sábháilteachta agus trádáil idirnáisiúnta a chomhroinnt. Rinneadh athchóiriú agus forbairt ar na cúrsaí chun iad a dhéanamh aonchineálach nuair a bhí sé praiticiúil. Bhí an deis ag na mic léinn taisteal thar lear ar feadh seimeastair iomláin, áit a bhfuair siad oideachas a bhí creidiúnaithe i dtreo a gclár cúrsa ina n-institiúidí baile. Cláraíodh iad le haghaidh seimeastair iomláin agus múineadh iad i bpeirspictíocht úrnua chomh maith le bheith tumtha i gcultúr nua. Bhí deis ag na mic léinn iarchéime sna hinstiúidí comhpháirtíochta taighde a dhéanamh ag institiúid idirnáisiúnta i réimse a raibh baint aige le bia. Ag brath ar na spriocanna agus ar na cuspóirí taighde, bhí idir roinnt seachtainí agus seimeastar d'fhad sa tréimhse a chaith siad ann. Bhí comhpháirt socrúcháin oibre/téarma san áireamh freisin sa tionscadal seo. Cuireadh socrúcháin oibre le tionscal san áireamh ar feadh suas le ceithre mhí. Bhí Meabhráin Chomhthuisceana mar bhuntacaíocht le 49 malartú mic léinn idir na hinstiúidí rannpháirtíochta. Thug tascanna teagaisc foirme tacaíocht don fhorbairt churaclaim agus do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta mic léinn. Forbraíodh ábhair ríomhaire-agus gréasánbhunaithe agus tástáladh iad le haghaidh cúrsaí roghnaithe. Chuir comhoibriú iltaobhach sa réimse dírithe seo den ardoideachas agus taighde cuid mhaith "breis luacha" ar fáil do gach ceann de na coláistí rannpháirtíochta agus do na heagraíochtaí taca. Leanfaidh an tionscadal de bheith ag feidhmiú trí chomhoibriú leanúnach na sé chomhpháirtí agus na n-áisín-teachtaí taca a bhfuil baint acu leis tar éis dáta deiridh an tionscadail, arb é Meán Fómhair 2010 é.

Comhpháirtithe

AE

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (treoir-chomhpháirtí AE)
Ollscoil Nottingham
Ollscoil Copenhagen

Ceanada

Fisheries and Marine Institute, Memorial University of Newfoundland (treoir-chomhpháirtí Ceanadach)
Ollscoil Dalhousie
Institiúid Teicneolaíochta British Columbia

M-CAPSS

Tugadh faoi thionscadal ar Shábháilteacht agus Slándáil Foirne agus Paisinéirí Mara (M-CAPSS) a raibh baint ag sé institiúid chomhpháirtí leis, trí cinn díobh san AE agus trí cinn i gCeanada. Forbraíodh cúrsaí a bhí ag teacht le riachtanais STCW mar atá leagtha síos ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Mhuirí (IMO). Bhí an tionscadal dírithe ar chúrsaí comónta a chomhlíon STCW 95 i Sábháilteacht Mhuirí, Slándáil agus Bainistiú Slua agus Éigeandála. Forbraíodh ábhar cúrsa faoi gach ceann de na ceanteidil sin, ionas go raibh uasleas á bhaint as acmhainní gach institiúid comhpháirtíochta. Ar an gcaoi sin rinneadh uasmhéadú ar na buntáistí do mhic léinn agus bhaill foirne na n-institiúidí comhpháirtíochta. Baineadh úsáid as malartuithe mic léinn agus dáimhe chun na hábhair chúrsa a bhailíochtú. Chuidigh an tionscadal freisin chun an caidreamh a bhí ann cheana idir na hinstiúidí AE a neartú. Tá Meabhrán Comhthuisceana ar chomhoibriú sa todhchaí sínithe idir CIT agus an treoir-chomhpháirtí Ceanadach, an Institiúid Mhuirí (Talamh an Éisc).

Comhpháirtithe

AE

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann)
(Willem Barentsz Maritime Institute (An Ísiltír)
Ecole Nationale de la Marine Marchande de Nantes (An Fhrainc)

Ceanada

Marine Institute (Talamh an Éisc)
Pacific Marine Training Campus de chuid British Columbia
Institute of Technology (British Columbia)
Institut Maritime du Quebec (Quebec) IMQ

Gníomhaíochtaí Fiontraíochta Fochéime

Tá méadú á chur ag CIT in aghaidh na bliana ar ghníomhaíocht a cuid fochéimithe i réimse na fiontraíochta. Imríonn an Oifig Forbartha príomhról sa réimse sin in éineacht leis na ranna acadúla. Is buntáiste mór é Lárionad Rubicon i gcur chun cinn na hoibre sin.

Intéirneach Fiontraíochta

Earcaíodh Intéirneach Fiontraíochta i gcaitheamh an tsamhraidh a chuaigh i mbun dualgais i Meán Fómhair 2009. Is é ról an intéirneigh ná an fhiontraíocht a chur chun cinn i measc an phobail mhic léinn. Tá an t-intéirneach bunaithe san Oifig Forbartha agus teacht aige/aici ar an bhFoireann Acadúil agus ar Lárionad Rubicon agus ar na cuideachtaí atá bunaithe ann. Caitheann an t-intéirneach 20 uair an chloig sa tseachtain ar an bhfiontraíocht a chur chun cinn ar champas le linn Máistir a bheith ar siúl aige/aici in CIT. D'eagraigh an t-intéirneach roinnt comórtas le linn na bliana, ar a n-áirítear comórtas do mhic léinn dara leibhéal a bhí ar siúl ar Lá Oscailte na hInstitiúide. Tá an post páirtmhaoinithe ag an tionscadal SIF, Luathú Fiontraíochta Campais, agus páirtmhaoinithe ag CIT.

4.4 Forbairt Campais

Forbairt Campais

Lárionad Acmhainní Foghlama (LRC)

Faoi láthair tá na tairiscintí ó na trí thairgeoir roghnaithe á meas ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta d'fhonn an tairiscint is tairbhí go heacnamúil chun an tsaoráid a thógáil agus a fheidhmiú a mheas. Meastar go ndéanfar cinneadh go luath an bhliain seo chugainn. Chun forbairt an LRC a éascú, tá carrchlós reatha na gcuairteoirí athshuite go dtí an limistéar idir an Fhoirgneamh TF agus an Foirgneamh Riaracháin. Tá 27 spás sa charrchlós nua agus é infheidhme go hiomlán faoi láthair.

Suirbhé ar an bhFoirgneamh Bunaidh (1974)

Is é a bheidh i gceist leis an tionscadal seo ná mionsuirbhé ar bhail an fhoirgnimh bhunaidh i dtéarmaí na fabraice seachtraí agus na seirbhísí go léir, chomh maith le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta reatha. Cuimseoidh an tuarascáil a bheidh mar thoradh air na moltaí agus na costais a bhainfidh le huasghrádú an fhoirgnimh go caighdeán reatha, go háirithe i dtaca le rátáil fuinnimh de. Rinneadh soláthar na Foirne Gairmiúla a thabharfaidh faoin tseirbhís de réir Rialacháin an AE agus is é ceannaire na foirne ná Coady Partnership Architects. Tá tús curtha leis an obair ar an suirbhé agus táthar ag súil leis an tuarascáil dheiridh go luath in 2011.

Córas CCTV

Tá suiteáil an chéad dá chéim de chóras digiteach CCTV curtha i gcrích. Tá 60 ceamara nua ar fad suiteáilte chomh maith le seomra nua rialaithe. Féadfar éifeachtacht an chórais a mheasúnú i gcaitheamh na míonna seo chugainn lena fháil amach an mbeidh ceamaraí breise ag teastáil.

Tionscadal Inbhuaine Champais

D'éirigh leis an Institiúid cúnaimh deontais a fháil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chun cuidiú le roinnt tionscnamh a fhorbairt sna réimsí athchúrsáil dramhaíola agus tomhaltas leictreachais agus uisce mar seo a leanas:

- D'fhonn athchúrsáil dramhaíola a mhéadú, tugadh córas dathchódaithe boscaí bruscair isteach ar fud an champais le linn laethanta saoire an tsamhraidh;
- Tá tús curtha le tuilsoilsiú LED a thabhairt isteach go céimnithe. Tá teaghlaim de lampaí LED 90 Watt agus 30 Watt á gcur in áit na lampaí 400 Watt atá ann faoi láthair;
- I gcomhfhiontar idir CIT agus BSL, tá pointe luchtaithe do charranna leictreacha á thógáil ar champais;

- D'fhonn tomhaltas uisce a laghdú, tá sriantáin á bhfeistiú ar sconnaí chun an sruth uisce a laghdú. Tá dhá leithreas feistithe le fualáin gan uisce mar thionscadal píolótach.

Tionscadail Oibreacha Samhraidh

Cuireadh roinnt miontionscadail i gcrích le linn thréimhse an tsamhraidh. Ba é an costas iomlán ná thart ar €500k agus ba iad na príomhthionscadail mar seo a leanas:

- Athsholáthar céimnithe na soilse dín i bhfoirgneamh 1974 curtha i gcrích;
- Ardaitheoir paisinéara suiteáilte sa phríomhfhoirgneamh;
- Suíochánra srathach athsholáthraithe in IT3;
- Clúdaigh urláir ar roinnt dorcláí athsholáthraithe sa phríomhfhoirgneamh;
- Córas teasa uasghrádaithe i gceaintín na mac léinn;
- Bealach isteach na hAmharclainne uasghrádaithe agus méadú curtha ar mhéid an tSeomra Poist;
- Oscailteoirí dorais leictreonaic-chuidithe do 12 dhoras throma suiteáilte;
- Leithreas ban breise tógtha ar an 2ú Urlár den Fhoirgneamh Riaracháin;
- Cianrialaitheoirí do bhacainní carrchlóis uasghrádaithe.

Foirgneamh Tyco

Cheannaigh an Institiúid an mhaoin chomharsanach seo i dtreo dheireadh 2009 agus cuimsíonn sí foirgneamh de chineál monarchan (thart ar 7,500 m. cr.) ar 3.24 heicteár talún. Tar éis próiseas suntasach comhairliúcháin aontaíodh roinnt úsáidí don fhoirgneamh agus tá pleananna urláir réitithe ag RKD Ailtirí agus iad bunaithe ar na riachtanais a aontaíodh. Tá na pleananna sin lóisteáilte leis an Rannóg Pleanála, Comhairle Chathrach Chorcaí, chun athrú úsáide a lorg don fhoirgneamh. Bainfear úsáid as na pleananna freisin chun iarratas a réiteach maidir le Sábháilteacht Dóiteáin don fhoirgneamh agus tá an obair sin ar siúl anois. Tá suirbhé ar bhail na seirbhísí leictreacha agus meicniúla á dhéanamh faoi láthair chomh maith le suirbhé aispeiste.

Tá athchóiríú déanta ar na spásanna atá cionroinnte don CTC agus do ghníomhaíochtaí Elite Sports agus iad sealbhaithe faoi láthair. Tá roinnt achar eile ag staid an mhiondearaidh.

Lárionad na Mac Léinn

Rinneadh roinnt forbairtí laistigh den fhoirgneamh. Tá an siopa Gala athshuite go dtí aonad níos mó atá ainmnithe go foirmiúil lena úsáid mar bheár. Tá aonad an tseansiopa Gala aistrithe ina Lárionad Teicneolaíochta Oiriúnaitheachta agus ceithre spás déag cruthaithe ann do mhic léinn le riachtanais speisialta. Tá ceann de na seomraí

cruinnithe atá in achar na Dánlainne curtha in oiriúint ar bhealach solúbtha ionas gur féidir é a leathnú chun seomra seimineáir a chruthú agus suíocháin ann do 120 duine.

An Lárionad Taighde (NEMBES)

Cuireadh tús leis an obair tógála ar an tsaoráid seo de 1,800 m. cr. in Eanáir 2009. Cuireadh i gcrích í i dtreo dheireadh na bliana. Shealbhaigh baill foirne agus mic léinn taighde é den chéad uair i Márta 2010.

Síneadh le Larionad Rubicon

Cuireadh tú leis an obair tógála ar an síneadh seo de 900 m. cr. i nDeireadh Fómhair 2009 agus cuireadh i gcrích í i mBealtaine 2010.

Ardán Féachadóra an Raon Lúthchleasaíochta

Cuireadh tús leis an tógáil i Meitheamh 2009 agus críochnaíodh den chuid is mó í faoi dheireadh 2009. Cuireadh isteach an suíochánra in Earrach 2010. Cuimsíonn an t-ardán cóiríocht suíocháin, ionad réamhaclaíochta, oifigí agus leithris. D'oscail Batt O'Keeffe, T.D., Aire Fiontair, Trádála & Nuálaíochta, an t-ardán féachadóra go hoifigiúil ar 4 Meitheamh 2010.

Deireadh á Chur le Seomraí Réamhdhéanta ar Bhonn Céimnithe

Tá plean réitithe chun deireadh a chur leis na seomraí réamhdhéanta ar champas Bhaile an Easpaig agus tá sé curtha thart ar an bhFoireann Shinsearach. De réir an phlean, bainfear as formhór mór an stoic réamhdhéanta le linn an dá bhliain seo chugainn. Tá cinneadh straitéiseach déanta freisin cóiríocht i bhfoirgneamh buan a thabhairt do dhuine ar bith ag a bhfuil oifig i seomra réamhdhéanta faoi dheireadh shamhradh 2011.

4.5 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí

Is tosaócht don Institiúid i gcónaí é feasacht ar chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta a mhéadú agus, d'fhonn cuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach, chuaigh Coiste Sábháilteachta agus Foireann Fhreagartha Éigeandála CIT i gcomhar le chéile chun roinnt imeachtaí speisialta a eagrú le linn 2009/2010. Orthu sin bhí foireann dá gcuid a bheith i bhfeidhil seastáin Sláinte agus Sábháilteachta le linn Sheachtain Sábháilteachta CIT, taispeántais ag Briogáid Dóiteáin Chathair Chorcaí faoi conas múchtóirí dóiteáin a úsáid agus olloilúint 129 ball foirne agus mac léinn le linn dhá lá in úsáid CPR agus AED (Dífhibrileoir).

Aslonnú Éigeandála & Tástáil Aláram Dóiteáin

Rinneadh cleachtaí aslonnaithe éigeandála mar a bhí sceidealaithe ar fud na hInstitiúide le linn na bliana acadúla 2009/2010. Cuireadh tástáil ar gach aláram dóiteáin agus cloigín i gcrích agus deimhníodh iad. Cuireadh tástálacha ar mhúchtóirí dóiteáin agus spóil osáin i gcrích de réir an chomhaontú seirbhíse.

Sábháilteacht Ghinearálta & Oiliúint

Reáchtáladh cúrsaí Oilíúna Foirne sna réimsí Garchabhair Cheirde, Uath-Dhífhibrileoirí Seachtracha (HeartSaver AED), Teiripe Ocsaigine agus Bainistiú Bealaí Aeir, Láimhseáil Láimhe, Sainaitheint Guaise agus Measúnú Riosca, VDU agus Eirgeanamaíocht Stáisiún Oibre, Feasacht ar Shábháilteacht Cheimiceáin, Láimhseáil agus Stóráil Gás, Ardáin Ardaithe Shoghluaiste Oibre, Cúrsa do Thiománaithe Forcardaitheora agus tuilleadh.

Measúnuithe Guaise agus Riosca

Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ag na Ranna ar shainaitheint guaise agus measúnú riosca ar bhonn leanúnach agus cuireadh breis oilíúna ar fáil do bhaill foirne ar an ábhar sin nuair a iarradh í.

Ráiteas Sábháilte

D'fhonn an tAcht Sábháilte Sláinte & Leasa ag an Obair 2005 agus Feidhmeanna Ginearálta Sábháilte Sláinte & Leasa ag an Obair 2007 a chomhlíonadh, d'iarr an Institiúid tairiscintí le Córas Bainistithe Sábháilteachta nua a fhorbairt chun leasanna uile CIT a chumhdach. Beidh an córas nua seo á chur i bhfeidhm le linn na bliana acadúla 2010/2011.

5. Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna
- 5.2 Líon na Foirne
- 5.3 Éachtaí na Foirne

5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Líon na Foirne

Le linn 2009/10, ba é líon iomlán na Foirne ná 1,465 arbh ionann é sin agus 955.07 Cóibhéiseach Lánaimseartha. Ba í an chatagóir foirne ba mó ná Foireann Acadúil arbh ionann í sin agus 66% den líon iomlán (64% de CLA).

Imithe ar Scor

Chuaigh na baill foirne seo a leanas ar scor i rith na bliana:


An Dr Julian Campbell, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
 James T Connolly, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice
 Matt Cranitch, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice
 Denis Cremin, Léachtóir, Roinn na Matamaitice
 Peter Deasy, Léachtóir (Struchtúrtha), Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla
 Dan Duloherly, Oifigeach Teicniúil, Roinn na Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
 An Dr Evelyn Grant, Léachtóir Ceolscoil Chorcaí CIT
 Roger Hannam, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
 Seamus Harrington, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla
 John J Healy, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla
 Patrick A Hegarty, Léachtóir, Roinn na hAiltireachta
 Kevin Kehily, Léachtóir, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
 Gerard J Kelly, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT
 Kevin Kelly, Ceann Roinn na Matamaitice
 Donal A Linehan, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla
 Anthony P Lynch, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla
 Breda Lynch, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
 Annegret Mannion, Léachtóir, Roinn Bainistíochta & Margaíochta
 Harry McCormick, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
 An Dr Patrick J Moroney, Léachtóir, Roinn na Ceimice
 John Mulhare, Léachtóir, Roinn na Matamaitice
 Paul F Murray, Léachtóir, Roinn na hAiltireachta
 Tricia Murray, Oifigeach Cléireachais, Oifig Airgeadais
 Eamon P O'Connor, Bainisteoir Gnóthaí Riaracháin & Mic Léinn
 Gerard O'Driscoll, Léachtóir, Roinn na Matamaitice
 Patrick J O'Shea, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla
 Donie O'Sullivan, Cuspa Ealaíne, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
 John O'Sullivan, Léachtóir, Roinn Foirgníochta
 Donal Power, Léachtóir, Roinn na Meán Cumarsáide
 Edward J Rearden, Léachtóir, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
 Nuala Reardon, Léachtóir, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
 Edward Sheehan, Airíoch, Ceolscoil Chorcaí CIT
 George Treacy, Léachtóir, Roinn na hAiltireachta
 Eamonn Walsh, Léachtóir, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise

5.2 Líon na Foirne

Líon Iomlán na Foirne

	CLA	Líon
Buan	763.45	982
Sealadach CLA	191.62	483
IOMLÁN	955.07	1465


Líon Iomlán na Foirne



Foireann de réir Catagóire

	CLA	Líon
Bainistíocht	10.00	10
Acadúil	608.34	964
Riarachán & Leabharlann	136.08	158
Teicneoir	77.87	79
Tacaíocht	56.22	86
Seirbhísí Mic Léinn	29.71	125
Taighdeoirí	36.85	43
IOMLÁN	955.07	1465

Foireann de réir Catagóire




Treochtaí Foirne – Stair 2 Bhliain

	08/09	09/10
Bainistíocht	10.00	10.00
Acadúil	624.64	608.34
Riarachán & Leabharlann	148.84	136.08
Teicneoir	80.76	77.87
Tacaíocht	59.25	56.22
Seirbhísí Mic Léinn	29.14	29.71
Taighdeoirí	25.5	36.85
IOMLÁN	1009.66*	955.07**

* Baineadh na figiúirí seo as filleadhain ráithe na hEarnála Poiblí mar a bhí 31 Nollaig 2008.

** Baineadh na figiúirí seo as filleadhain ráithe na hEarnála Poiblí mar a bhí 31 Nollaig 2009.

Treochtaí Foirne – Stair 2 Bhliain



5.3 Éachtaí na Foirne

Rinneadh comhgháirdeas leo seo a leanas:

- Orla Flynn, Ceann Gníomhach, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, a ceapadh do Bhord an Choláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha (NCAD);
- An Captaen Cormac MacSweeney, Léachtóir, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann, ar bhronn Institiúid Chairte Lóistíochta & Iompair duais air toisc go bhfuair sé na marcanna is fearr in Éirinn sna scrúduithe don Bhaitiléir Gnó i mBainistíocht Soláthar Slabhra & Iompair;
- Nicole Panizza, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT, a fuair Scoláireacht Fulbright chun staidéar a dhéanamh mar Chomhalta Cuairte ag Ollscoil Harvard agus Scoil Cheoil Manhattan ó Eanáir go Iúil 2010;
- Debbie Dawson, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, a roghnaíodh chun bheith ag obair le Peadar Lamb ar thionscadal coimisiúnaithe don Irish Repertory Theatre, Nua Eabhrac;
- An Dr Roy Sleator, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíoch, ar bronnadh Duais Dearsnaitheachta Taighde an European Society for Clinical Microbiology and Infectious Diseases air mar aitheantas dá shaothar chun teiripic fheabhsaithe a dhearadh chun déileáil leis na galraí tógálacha 'sárfhrídí', mar a thugtar orthu;
- Seán McKiernan, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT, ar bronnadh air ceann de na honóracha is airde a bhronntar ar cheoltóirí traidisiúnta, Gradam clúiteach Ceoil TG4 do 2010;
- Pamela Hardesty, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, a fuair an 2009 Arte & Arte Foundation Purchase Award ag Taispeántas Idirnáisiúnta Miniartextil, Como na hIodáile;
- Regina Crowley, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí CIT, a cháiligh mar chéad Mhúinteoir Gutha Linklater na hÉireann;
- Rose McGrath, Ceann Gníomhach Roinn na Meán Cumarsáide, a ceapadh ar Bhord Institiúid Dearthóirí na hÉireann;
- Michael Murphy, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, a ceapadh ina Stiúrthóir ag Cork Printmakers;
- John Cronin, Léachtóir, Roinn na hAiltireachta, a ghlac páirt sa Haven House Build do Haiti. Chaith John seachtain mar oibrí deonach agus é ag tógáil tithe in Quanaminthe, Háiti, i nDeireadh Fómhair agus bhailigh sé níos mó ná €4,000 don chúis fhiúntach seo;
- An Dr Ailbhe Ní Bhriain, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, a fuair Sparánacht Chomhairle Ealaíon na hÉireann do na hAmharcealaíona 2010;
- An Dr Gabriela Mayer, Ceann Roinn Staidéar Méarchláir, Ceolscoil Chorcaí CIT, a ghlac páirt mar ionadaí ar son AEC ar athhbhreithniú institiúideach Acadamh Ceoil Cluj, an Rómáin, i mBealtaine;
- Sue Cunliffe, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, a thug taispeántas aonair dar teideal "Laughter and Tears" ag Dánlann Doswell i Meán Fómhair. Bhí Sue ina duaiseoir ag an Impressions Exhibition 2009 ag Lárionad Ealaíon na Gaillimhe agus ag an Wrexham International Print Exhibition sa Bhreatain Bheag araon;
- An fhoireann léachtóireachta ó Roinn an Oideachais Leantaigh i ngeall ar chomh maith agus a d'éirigh leo i Scrúduithe Gairmiúla 2 na gCuntasóirí Cairte de chuid Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Bhain triúr de mhic léinn na Roinne áiteanna sna deich n-áit ba airde as 1,300 mac léinn ar fad i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Ba iad seo a leanas an fhoireann léachtóireachta:
 - Bernard Valley
 - Bert Ahern
 - Joe Healy
 - Paul Gosal
 - Niall McLoughlin
 - Paul Mahony
 - Sarah Cuihane

- Baill foirne de chuid Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT a raibh saothar dá gcuid i dtaispeántais le déanaí ag na leibhéal náisiúnta agus Idirnáisiúnta:
 - An Dr Julian Campbell
 - Colin Crotty
 - Sue Cunliffe
 - Debbie Dawson
 - Pamela Harsesty
 - James Hayes
 - Catherine Hearne
 - Jo Kelley
 - Breda Lynch
 - Leo McCann
 - An Dr Ailbhe Ní Bhriain
 - Christine Pybus
 - Helle Helsner
 - Helen Farrell
 - Eileen Healy
- Ar na Baill Foirne ar bronnadh céimeanna orthu tá:
 - Sharon Cahill, Teicneoir Deimhnithe VAT
 - Glynis Dennehy, Dioplóma Iarchéime i gCaidreamh Poiblí
 - Colin Donoghue, MSc i mBainistíocht Tionscadal Foirgníochta
 - David Hamilton, Máistir Innealtóireachta
 - Joseph Kehoe, MSt i nDearadh Idirdhisciplíneach san Imshaol Tógtha
 - Patrick Kennedy, MSc i Sábháilteacht & Sláinte Cheirde
 - Margaret Mulderrig, Ard-Dioplóma i gCóitseáil Phearsanta & Fheidhmeannach
 - Olive Murphy-O'Dwyer, Máistir Staidéar Gnó
 - Máire Ní Mhuimhneacháin, BA i mBainistíocht Acmhainní Daonna
 - Regina O'Flynn, Dochtúir Fealsúnachta
 - Jane O'Keefe, Máistir Staidéar Gnó
 - Niall Ó Luasa, MA Léiriú Ceoil (Pianó)
 - Amy Prendergast, MA Léiriú Ceoil (Fliúit Shasanach)
 - An Dr Roy Sleator, Dioplóma Iarchéime i dTeagasc & Foghlaim in Ardoideachas, agus, Teastas i mBithfhaisnéis
 - Lucia Woods, BCL Onóracha

Ceapacháin Nua

Deimhníodh na baill foirne seo a leanas le haghaidh ceapacháin le linn na bliana acadúla 2009/10:

- An Dr Noel Barry, Ceann Gníomhach Staidéar Acadúil, NMCI
- An tOir. David McAuliffe, Séiplíneach na hInstitiúide
- Joseph Croke, Léachtóir Cúnta, Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíocha
- Gwen Lettis, Léachtóir Cúnta, Roinn na Meán Cumarsáide
- Jason O'Shaughnessy, Léachtóir Cúnta, Roinn na hAiltireachta
- Donogh Coleman, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Imshaoil
- John Twohig, Ceann Lárionad Staidéar Ceirde
- An Dr Christopher Mamo, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- An Dr Patrick Walsh, Léachtóir Cúnta, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla
- David Kelly, Roinn na nEolaíochtaí Bitheolaíocha
- Emma Callanan, Teicneoir, Seirbhísí Ríomhaire

6. Tuarascáil Airgeadais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí


- 6.1 Tuarascáil Airgeadais
- 6.2 Cuntais Iniúchta 2009/2010

6.1 Tuarascáil Airgeadais

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2009 go dtí 31 Lúnasa 2010. Le linn na tréimhse d'fhás an t-ioncam beagán agus d'fhan an caiteachas foriomlán ag leibhéal na bliana roimhe sin.

Ioncam

Tháinig méadú ar an ioncam de €1.6m ó €97.3m go €98.9m. Ba é ba mhó ba chúis leis an méadú ná gníomhaíochtaí Taighde & Forbartha. Tháinig méadú ar an ioncam ón Táille Clárúcháin Mic Léinn agus na Táillí Teagaisc de €5.1m agus €2.2m faoi seach. Ach fritháiríodh é sin le laghdú de €6.8m sa Deontas Stáit. D'fhan an cion don ioncam foriomlán ó na trí fhoinse maoinithe sin gan athrú ó 2009 ag €73m.



Caiteachas Reatha

Bhí caiteachas iomlán reatha na hInstitiúide gan athrú. Tháinig athrú le linn na tréimhse ag €95.5m. Tháinig méadú ar an gcaiteachas ar Thaighde & Forbairt de 10% go €14.2m agus thit an caiteachas i Ranna Acadúla de 3% go €55.3m ar féidir a chur síos do laghdú ar chostais sholáthar foirne.

Thit pábhille na hInstitiúide ó €66m in 2009 go €63m in 2010 agus anois is ionann é agus 65% den chaiteachas i gcomórtas le 70% an bhliain roimhe sin. Le linn na tréimhse, tharla titim armheánlín na bhfostaithe freisin de 30 go 1,113. Ó 2008 thit meánlín na bhfostaithe de bhreis is 7%.

Sa tréimhse chomhfhreagrach, tháinig méadú ar líon na mac léinn cóibhéiseach lánaimseartha de 9% beagnach ó 7,509 go 8,178 a raibh mar thoradh air méadú ar an éifeachtacht i seachadadh na gclár acadúil.

Caiteachas Caipitil

Ba é €14.5m an Caiteachas Caipitil don tréimhse, ar caitheadh €12m de ar bhreiseanna le stoc foirgneamh na hInstitiúide, ar a n-áirítear Lárionad Taighde NIMBUS agus foirgneamh Tyco in aice láimhe a chuir méadú ar rian coise champas Bhaile an Easpaig.

Taighde & Forbairt

Tháinig méadú ar ioncam ó gníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Féinmhaoinithe de 10% go €13.9m de bhrí go bhfuil foirne fostaithe anois agus ag feidhmiú ag cuid mhaith de na tionscadail taighde is mó scála. Leanann an Institiúid de bheith ag forbairt sa réimse tábhachtach seo.

Cúlchistí

Bhí barrachas oibriúcháin de €3.3m ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2010. Aistríodh €2.1m go dtí Cúlchiste Forbartha Caipitil agus díscríobhadh an Fiachach Stáit de €2.6m mar thoradh ar athrú ag an ÚAO ar mhodh maoinithe na hInstitiúide. Ba é an glantordadh ná laghdú ar an mbarrachas carntha ag deireadh na bliana ó €1.9m in 2009 go €0.8m.

6.2 Cuntais Iniúchta 2009/10

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste – Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite

Clár Comhardaithe

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Inmheánach Rialaithe Airgeadais

Admhaíonn an Bord Rialaithe freagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais. Is é atá sa chóras inmheánach rialaithe airgeadais ná na próisis sin a úsáidtear chun na rioscaí suntasacha atá roimh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mbainistiú a cuid gnóthaí a shainiú agus a mheasúnú. Tá an córas ceaptha chun rioscaí a bhainistiú seachas iad a dhíothú, agus é á aithint nach féidir ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram á dhéanamh ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chúí a chinntiú, ar a n-áirítear

- Tá na gnáthaimh agus na rialacháin airgeadais doiciméadaithe go dáta, curtha i ngníomh agus cothrom le dáta.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, ar a n-áirítear feidhmiú airgeadais curtha i gcomórtas le réamhaisnéisí.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta atá sonraithe go soiléir.
- Tá coiste iniúchóireachta ann, ag a bhfuil cairt shonraithe iniúchóireachta, le téarmaí tagartha soiléire, a bhíonn ag plé le saincheisteanna suntasacha rialaithe agus a fhaigheann tuairiscí ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.
- Tá rioscaí gnó sainaitheanta ag an mBord Rialaithe agus déantar iad a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Tá Samhail Gníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun cuidiú leis an mbainistiú agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá ann a cuid oibríochtaí a bhainistiú. Comhtháthaíonn an tsamhail sin an Próiseas Straitéiseach Pleanála, Bainistiú Riosca, Príomhtháscairí Feidhmíochta, Rialú Inmheánach, Rialachas agus próisis Iniúchóireachta Inmheánaí.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh atá foinsithe allamuigh ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, a oibríonn de réir Chreachdóid an Scothchleachtas mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá forbairt déanta ar straitéis iniúchóireachta inmheánaí do 2009 atá bunaithe ar mheasúnú rioscaí. Tá an straitéis iniúchóireachta faofa ag an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag an mBord Rialaithe.

Buaileann an Coiste Iniúchóireachta leis na hIniúcháirí Inmheánacha ar bhonn rialta chun obair na hIniúchóireachta Inmheánaí, ar a n-áirítear tuairisc ar ghníomhaíocht na hIniúchóireachta inmheánaí, a athbhreithniú. Cuimsíonn an creat don rialú Inmheánach airgeadais 14 phríomhghníomhaíocht airgeadais agus sainiúnn seiceálacha nach mór a dhéanamh go rialta chun éifeachtacht na timpeallachta rialaithe inmheánaí a mheasúnú. Cuimsíonn clár na hIniúchóireachta Inmheánaí do 2009/2010 athbhreithniú ar 5 cinn de na 14 réimse. Lena chois sin, rinneadh athbhreithniú níos leithne ar Rialú Inmheánach d'fhonn druidim le formáid an Ráitis ar Rialú Inmheánach atá leagtha amach sa Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann a chomhlíonadh.

Tá Creat Rialaithe Inmheánaigh á fhorbairt don earnáil agus cuirfear é sin in oiriúint de réir mar is iomchuí d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair an Uachtaráin agus na mBainisteoirí Feidhmeannacha Institiúide laistigh d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe agus ar obair Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.

Deimhnímid go ndearna an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais.

Tá an Bord Rialaithe tiomnaithe go hiomlán don Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann a chur i ngníomh agus tá sé ag obair i dtreo bheith in ann faoi 2011/12 Ráiteas ar Rialú Inmheánach a chur ar fáil a chomhlíonann an formáid atá leagtha amach sa Chód.

Sínithe ar son an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach




An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.2 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach
- aon athrú tábhachtach ar chaighdeán chuntasáíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Bob Savage
Cathaoirleach



An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2010 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leo go Coitianta in Éirinn é an creat tuairisceoireachta airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán.

Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas cruinn agus cóir ar ghnóthaí na hInstitiúide agus ar a hioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Tá m'iniúchadh á dhéanamh agus aird ar na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus oibriúchán.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (RA agus Éire) agus agus Caighdeán Eiticíúla Bhord na gCleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí á gcomhlíonadh agam.

Scóip leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúcháireacht ná leordhóthain fianaise a aimsiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais a d'fhágfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis sin saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis sin. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé acu an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar nochtáíodh go leordhóthain iad

- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis air á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na mbeart airgeadais le linn an iniúchta.

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cóir ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2010 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinneithe ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair a dtugaim tuairisc orthu trí eiseacht

Tuairiscím trí eiseacht

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta, nó
- má thug an t-iniúchadh faoi deara aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríocha a bhí ceaptha dóibh nó áit nach raibh na bearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar Rialú Inmheánach comhall na hInstitiúide leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má aimsím go bhfuil ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh inar riaradh gnó poiblí.

Níl aon cheo le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.

John Buckley An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Samhain 2011

6.2.4 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2010

Is mar seo a leanas atá na polasaithe suntasacha cuntasaíochta ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí:

1. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glactha leo go coitianta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an costais stairiúil (cés moite de shealúchais áirithe atá cuimsithe ag a luacháil) agus le ceanglais an Aire Oideachais agus Scileanna. Tá CIT Innovation Centre Limited agus Cosmos Education Limited san áireamh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite. Ar an mbonn nach bhfuil siad ábhartha, ní chuirtear cláir chomhardaithe Institiúide agus chomhdhlúite ar leith ar fáil.

2. Aitheantas Ioncaim

Deontais Stáit:

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déantar déileáil le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

Deontais Dhéabhlóidithe:

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidíú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile. Áit nár caitheadh airgead déabhlóidithe, i dtaca leis an scéim seo, déantar déileáil leis mar ioncam iarchurtha, ar choinníoll gur faomhadh na tionscadail a bhfuil siad tiomanta dóibh ag an mBord Rialaithe, go bhfuil siad sonraithe go hiomlán, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastacháin ar na costais.

I ngach cás eile aithnítear cistiú deontais déabhlóidithe sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Deontais Taighde agus Conarthaí:

Déantar Ioncam ó Dheontais Taighde a mheaitseáil le caiteachas agus tá sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

Taispeántar gach ioncam agus caiteachas taighde faoin gceannteideal 'Taighde, Forbairt agus Féinchiú'.

Ioncam ó Tháillí

Déantar déileáil le hioncam ó Tháillí ar bhonn fabhráithe.

Ioncam ó Ús:

Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

3. Gníomhaíochtaí Coimhdeacha

Ní cuid de chuntais na hInstitiúide iad ráitis airgeadais roinnt aonán. Déanann iniúcháirí neamhspleácha na ráitis sin a iniúchadh. Tugann Nóta 23 eolas maidir le gníomhaíochtaí coimhdeacha ar a n-áirítear Ioncam agus Caiteachas agus Achoimre ar Chlár Comhardaithe.

4. Stoic

Breacat caiteachas ar leabhair agus ar stoic inchaite don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe, cés moite de thalamh, ar a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha. Luaitear talamh ar a chostas stairiúil nó luacháil.

(a) Costas nó Luacháil

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe a bhí ann ó 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaigh) ar a luacháil. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 14. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh i mbun tógála ar a gcostas bunaithe ar luach theastas an ailtire agus chostais dhíreacha eile a thabhaítear go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní dhéantar dímheas orthu go dtí go mbíonn siad in úsáid.

(b) Trealamh

Déantar gach trealamh a bhfuil luacháil de €3,000 nó níos mó ar an mír aonair a chaipitliú.

(c) Dímheas

Leanfar de chaitheamh leis na sócmhainní go léir a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2009 agus a caipitíodh mar shócmhainní seasta agus déanfar dímheas orthu go dtí deireadh a saoil inúsáidte.

Déantar soláthar do dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe, seachas talamh, ar bhonn dronlíne chun a gcostas stairiúil nó a luachálacha a dhíscríobh thar an saol a meastar iad a bheith inúsáidte mar seo a leanas:

	Blianta
Foirgnimh	30 – 50
Foirgnimh réamhdhéanta, daingneáin, gléasra agus innealra	10
Mór-ríomhairí	7
Trealamh eile ríomhaire	4
Trealamh oideachasúil agus riaracháin	5
Troscán	5
Feithicilí Mótair	5

Leanfar de dhímheas a dhéanamh ar Threalamh Ríomhaire a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2010 ar bhonn pholasaí dímheasa dronlíne ceithre bliana. Déanfar trealamh ríomhaire a ceannaíodh ina dhiaidh sin ar bhonn saol trí bliana.

Déanfar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar saol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta go léir eile.

Déantar dímheas ar Thalamh agus Fhoirgneamh ar Léas thar saol an léasa.

6. Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó de réir na rátaí conartha réamhcheannacháin áit a bhfuil conarthaí dá leithéid.

7. Pinsin

Is faoi scéim shannaithe sochair a thugtar gach teidlíocht pinsin foirne faoi Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980 agus déanann an Státchiste freastal ar oibleagáidí pinsin de réir mar a tharlaíonn siad.

Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar a Úsáidtear agus coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá cistiú.

Ní thugann an Institiúid ranníocaíocht don scéim agus níl aon dualgas uirthi i leith teidlíochtaí.

8. Cuntas Caipitil Iarchurtha

Is éard atá sa Chuntas Caipitil Iarchurtha ná luach amúchta an ioncaim charntha atá cionroinnte do shócmhainní seasta.

9. Cúlchiste Sriantha

Is éard atá sa Chúlchiste seo ná méideanna atá curtha ar leataobh as Táillí Clárúcháin a íocann mic leinn agus cistí ó thrú páirtithe, i dteannta ús bainc a thuilleann an t-airgead seo, d'fhonn saoráidí mic léinn a sholáthar agus ar mhaithe le forbairt fhadéarmach na hInstitiúide. Níl an Cúlchiste sin ann a thuilleadh ag 31 Lúnasa 2010.

10. Cúlchiste Caipitil Forbartha

Is éard atá sa Chúlchiste Caipitil Forbartha cistí atá curtha ar leataobh ag an Institiúid chun críocha caipitil shainithe forbartha. Eascaíonn cistí dá leithéid as táillí clárúcháin Mhic Léinn, bronntanais chaipitil neamhstáit, táillí saoráide bainc agus aistrithe ó chúlchistí loncaim, a bhfuil réamhchead sa dara cás ón Údarás um Ard-Oideachas, maraon le hús bainc atá tuillte ar an airgead sin. Déanfar cistí dá leithéid a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Caipitil Forbartha ar choinníoll go bhfuil na tionscadail shainithe lena bhfuil siad tiomanta ag teacht le Plean Caipitil Forbartha na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastachán ar na costais.

11. Sócmhainní ar Léas

Déantar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin a chur mar mhúirear leis an gcuntas loncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.

6.2.5 Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2010

IONCAM	NÓTA	2010 €000	2009 €000
Deontas Stáit	1	47,248	54,080
Táillí Teagaisc	2	16,142	13,963
Táille Clárúcháin Mic Léinn	3	10,266	5,096
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	17	6,175	6,191
Deontais agus Conarthaí Taighde	4	13,932	12,831
Ioncam Eile	6	4,350	4,604
Ioncam Aitheanta Tacaíochta Mic Léinn	5	343	300
Ioncam ó Ús		423	251
		<u>98,879</u>	<u>97,316</u>
 CAITEACHAS			
Ranna Acadúla	7	53,599	55,359
Seirbhísí Acadúla	8	1,686	1,784
Costais Saoráidí	9	7,955	7,670
Príomhriarachán agus Seirbhísí	10	8,905	8,532
Costais Ghinearálta Oideachasú	11	579	628
Táillí Clárúcháin Mic Léinn	3	2,126	1,980
Deontais agus Conarthaí Taighde	4	14,218	12,806
Ioncam Maoinithe Tacaíochta Mic Léinn curtha i bhfeidhm	5	343	300
Dímheas	14	6,122	6,172
	12	<u>95,533</u>	<u>95,231</u>
 Barrachas /(Easnamh) Oibriúcháin		 3,346	 2,085
Aistriú go Cúlchiste Sriantha		-	(3)
Aistriú go Cúlchiste Caipitil Forbartha		(2,103)	(611)
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha		287	-
Díscríobh Deontas Athfhillteach an Stáit	15	(2,628)	-
 Barrachas Carntha ar 1 Meán Fómhair		 <u>1,943</u>	 <u>472</u>
Barrachas/(Easnamh) Carntha ar 31 Lúnasa		<u>845</u>	<u>1,943</u>

Níl gnóthachan ná cailteanas ar bith seachas iad siúd a ndéantar déileáil leo sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-29.

Sínithe ar son an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach




An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.6 Clár Comhardaithe Comhdhlúite mar a bhí ar 31 Lúnasa 2010

	NÓTA	2010 €000	2009 €000
SÓCMHAINNÍ SEASTA INFHEISTÍOCHTA	14 25	111,665 50 <u>111,715</u>	103,345 - <u>103,345</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí Airgead sa bhanc agus ar láimh	15	13,654 <u>11,733</u> <u>25,387</u>	10,986 <u>13,019</u> <u>24,005</u>
DLITEANAS REATHA			
Creidiúnaithe agus Costais Fhabhráithe - suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain	16	<u>21,492</u>	<u>19,660</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		<u>3,895</u>	<u>4,345</u>
GLANSÓCMHAINNÍ		<u>115,610</u>	<u>107,690</u>
Dá seasann			
Deontais Chaipitil larchurtha	17	111,665	103,345
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		845	1,943
Cúlchiste Srianata	18	-	74
Cúlchiste Caipitil Forbartha	19	<u>3,100</u>	<u>2,328</u>
		<u>115,610</u>	<u>107,690</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-29.

Sínithe ar son an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach



An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.7 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2010

	2010 €000	2009 €000
Barrachas oibriúcháin á réiteach le sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas / (Easnamh) Oibriúcháin	3,346	2,085
Ioncam ó Ús	(423)	(251)
Dímheas	6,122	6,172
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainne	(6,175)	(6,191)
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	53	19
Cúlchiste Saoráidí á úsáid ar Chaiteachas Athfhillteach	-	(186)
Díscríobh ar Dheontas Athfhillteach Stáit	(2,628)	-
Méid aistrithe ó Chúlchiste go Deontais & Conarthaí Taighde	(730)	-
(Méadú) / Laghdú ar Infheistíochtaí	(50)	-
(Méadú) / Laghdú ar Fhéichiúnaithe	(2,668)	(433)
Méadú ar Chreidiúnaithe gearrthéarmacha	1,832	4,331
(Eis-sreabhadh) / Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>(1,321)</u>	<u>5,546</u>

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

(Eis-sreabhadh) / Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>(1,321)</u>	<u>5,546</u>
Ús faighte	423	251
Caiteachas Caipitil		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	(14,495)	(5,044)
Fáltais ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	-
<i>Eis-sreabhadh glan airgid ar chaiteachas caipitil</i>	<u>(14,495)</u>	<u>(5,044)</u>
Cistiú		
Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	5,923	100
Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	1,539	1,104
Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta	6,645	3,384
<i>Glan-Eisreabhadh Airgid ó Chistiú</i>	<u>14,107</u>	<u>4,588</u>
(Laghdú) / Méadú ar Airgead	(1,286)	5,341

Glan-sreabhadh airgid á réiteach le gluaiseacht i nglan-chisti

Méadú / (Laghdú) ar Airgead	(1,286)	5,341
Glanchistí ar dtús	13,019	7,678
Glanchistí ar 31 Lúnasa	<u>11,733</u>	<u>13,019</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-29.

Sínithe ar son an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach



An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.8 Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1. Deontas Stáit

	Cionroinnte do chaiteachas athfhillteach	Cionroinnte do chaiteachas caipitil	Iomlán 2010	Iomlán 2009
	€000	€000	€000	€000
Deontas stáit do chaiteachas athfhillteach - ÚAO	45,906	1,539	47,445	53,981
Deontas stáit do chaiteachas caipitil – RO&S	7	5,478	5,485	407
Deontas stáit do mhionobreacha caipitil – RO&S	1,335	445	1,780	896
Iomlán - 2010	47,248	7,462	54,710	55,284
Iomlán - 2009	54,080	1,204	55,284	

Íocann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) costas iomlán roinnt cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime trí fhóirdheontas ag an leibhéal náisiúnta. Déantar Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach a pháirtmhaoiniú ón gcúnamh AE seo.

2. Táillí Teagaisc

	2010	2010	2009	2009
	Líon Mac Léinn (CLA)	€000	Líon Mac Léinn (CLA)	€000
Táillí íoctha ag an Stáit	6,047	11,577	5,462	9,618
Táillí Neamh-AE	107	234	128	196
Táillí íoctha ag mic léinn nó ar son mac léinn	849	1,215	717	1,957
Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Táillí Eile	1,175	3,116	1,413	2,192
	<u>8,178</u>	<u>16,142</u>	<u>7,720</u>	<u>13,963</u>

D'íoc an tÚAO táillí teagaisc sa bhliain de €6.226m le haghaidh cúrsaí céime lánaimseartha agus €5.351m le haghaidh cúrsaí ardteastais agus gnáthchéime, a bhfuil a gcostas iomlán páirtmhaoinithe ag an gCSE.

Luaitear líon mac léinn mar chóibhéisí lánaimseartha, bunaithe ar chreidiúintí cláraithe.

3. Táillí Clárúcháin Mic Léinn

- (a) Tá Táillí Clárúcháin Bliantúla iníoctha ag mic léinn, a bhfuil an ráta lánaimseartha socraithe ag €1,500 don bhliain acadúil 2009/10. Faoi threoir ón Údarás um Ard-Oideachas, coinníonn an Institiúid €995 de gach táille lánaimseartha agus úsáidtear é chun an caiteachas athfhillteach a íoc. Bhí suim de €6.951m ann i mbliain an cuntais. Baineadh úsáid as an iarmhéid de €4m chun saoráidí agus seirbhísí a chur ar fáil do na mic léinn.

	2010	2009
	€000	€000
(b) Feidhmiú na dTáillí Clárúcháin		
Olltáillí Clárúcháin ar a n-áirítear ús	10,951	5,770
Lúide Aistriú go Féinchistiú	(604)	(693)
Aistriú ó Chúlchiste Caipitil Forbartha	-	91
Aistriú go Cuntas Caipitil	(81)	(72)
Glanioncam	<u>10,266</u>	<u>5,096</u>
Lúide Aistrithe i dtaca le:		
Coiste Seirbhísí Mic Léinn	2,126	1,980
Cúlchiste Caipitil Forbartha	1,189	451
Aistriú lomlán	<u>3,315</u>	<u>2,431</u>
Coinnithe do Chaiteachas Athfhillteach	<u>6,951</u>	<u>2,665</u>
4. Deontais agus Conarthaí Taighde		
Ioncam		
Ioncam	20,496	16,143
Aistriú go Cuntas Caipitil	(6,564)	(3,312)
	<u>13,932</u>	<u>12,831</u>
Caiteachas		
Costais Lucht Foirne	4,525	4,537
Costais Neamhphá		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	770	603
Costais Ríomhaire	199	287
Oideachas Ginearálta	1,123	1,900
Seirbhísí do Mhic Léinn	5	8
Comhpháirtithe Tionscadail	2,302	80
Trealamh	534	49
Costais Áitribh	884	847
Taisteal & Cothú	1,042	757
Costais Phearsanra	475	557
Táillí Gairmiúla	1,937	2,731
Cumarsáid	70	74
Stáiseanáireacht & Ábhair Oifige	233	218
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	101	141
Costais Airgeadais	9	6
Eile	9	11
	<u>14,218</u>	<u>12,806</u>
Glan-ascaim	<u>(286)</u>	<u>25</u>

San áireamh san Ioncam ó Dheontas Taighde agus Conartha tá suim de €300k i dtaca le haisghabháil fhorchostais. Seasann an fuíleach do chostais dhíreacha a fuarthas ar ais le haghaidh obair thaighde a rinneadh mar a bhfuil cuntas air faoi na ceannteidil do Chaiteachas thuas.

5. Cistiú Tacaíochta Mic léinn

	Míchumas	Cúnamh do Mhic Léinn	2010 €000	2009 €000
Iarmhéid mar a bhí 1 Meán Fómhair 2009	227	105	332	277
Fáltais				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	196	205	401	355
Cionroinnte d'Fhéinchistiú	-	(105)	(105)	-
Cionroinnte do Chaipiteal	-	-	-	-
	<u>196</u>	<u>100</u>	296	355
Suimeanna curtha i bhfeidhm – Neamh-Phá	138	205	343	300
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2010	<u>285</u>	<u>-</u>	285	<u>332</u>

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar fáil faoin bPlean Náisiúnta Forbartha agus tá sé páirtmhaoinithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach.

6. Ioncam Eile

Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe		4,166	4,438
Cíos Saoráidí		19	13
Fáltais ó Dhíolachán Trealamh		19	21
Éilimh Árachais		-	29
Ioncam Ilghnéitheach		146	103
		<u>4,350</u>	<u>4,604</u>

7. Ranna Acadúla

<i>Lucht Foirne</i>			
Teagasc		42,776	45,387
Teicniúil		4,033	4,413
Riarachán agus Tacaíocht		2,503	2,455
		<u>49,312</u>	<u>52,255</u>
<i>Costais Neamh-Phá</i>			
Ábhair & Tomhaltáin Eile		1,134	1,246
Ábhair Leabharlainne		107	76
Costais Ríomhaire		336	188
Oideachas Ginearálta		49	45
Trealamh		916	37
Costais Áitribh		445	396
Taisteal & Cothú		310	260
Costais Phearsanra		202	210
Táillí Gairmiúla		119	68
Cumarsáid		121	97
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige		453	372
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht		74	73
Costais Airgeadais		11	4
Eile		10	32
		<u>4,287</u>	<u>3,104</u>
Iomlán		53,599	55,359

	2010	2009
	€000	€000
8. Seirbhísí Acadúla		
<i>Lucht Foirne</i>		
Foireann Leabharlainne & Ríomhaire	1,267	1,241
<i>Costais Neamh-Phá</i>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	4	65
Ábhair Leabharlainne	76	88
Costais Ríomhaire	116	169
Oideachas Ginearálta	-	5
Trealamh	71	-
Costais Áitribh	45	20
Taisteal & Cothú	6	4
Costais Phearsanra	17	26
Táillí Gairmiúla	28	78
Cumarsáid	36	78
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	20	10
	419	543
Iomlán	<u>1,686</u>	<u>1,784</u>
9. Costais Saoráidí		
<i>Lucht Foirne</i>		
Airígh, Glantachán, Cothabháil	1,588	1,756
<i>Costais Neamh-Phá</i>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	32	52
Costais Ríomhaire	108	100
Oideachas Ginearálta	1	2
Trealamh	331	60
Costais Áitribh	4,856	4,583
Taisteal & Cothú	30	8
Costais Phearsanra	16	34
Táillí Gairmiúla	876	1,007
Cumarsáid	53	38
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	11	11
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	53	19
	6,367	5,914
Iomlán	<u>7,955</u>	<u>7,670</u>

10. Príomh-Riarachán agus Seirbhísí

	2010	2009
	€000	€000
<i>Lucht Foirne</i>		
Riarachán	5,128	4,981
<i>Costais Neamh-Phá</i>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	60	334
Costais Ríomhaire	58	83
Seirbhísí do Mhic Léinn	-	107
Trealamh	244	6
Costais Áitribh	407	604
Taisteal & Cothú	206	218
Costais Phearsanra	550	539
Táillí Gairmiúla	1,305	704
Táille Iníúchta C & AG	56	29
Cumarsáid	151	114
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	214	255
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	121	190
Árachas	372	336
Costais Airgeadais	30	22
Eile	3	10
	<u>3,777</u>	<u>3,551</u>
Iomlán	<u>8,905</u>	<u>8,532</u>

11. Costais Ghinearálta Oideachasúla

<i>Lucht Foirne</i>		
Tacaíocht do Mhic Léinn	544	561
<i>Costais Neamh-Phá</i>		
Speansais Eile	35	67
Iomlán	<u>579</u>	<u>628</u>

12. Anailís ar Chaiteachas

	Costais Fhoirne	Dímheas	Speansais Oibriúcháin Eile	2010	2009
	€000	€000	€000	€000	€000
Deontais agus Conarthaí Taighde	4,525	1,114	9,693	15,332	13,968
Ranna Acadúla	49,312	1,378	4,287	54,977	56,742
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	1,267	538	419	2,224	2,304
Costais Saoráidí	1,588	1,483	6,367	9,438	9,178
Príomhriarachán agus Seirbhísí	5,128	1,408	3,777	10,313	9,932
Speansais Ghinearálta Oideachais	544	-	35	579	628
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn	26	6	317	349	307
Seirbhísí & Saoráidí Mic Léinn	858	195	1,268	2,321	2,172
Iomlán Total	63,248	6,122	26,163	95,533	95,231
Iomlán Total	66,234	6,172	22,825		

Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile

Ábhair & Tomhaltáin Eile	2,035	2,342
Ábhair Leabharlainne	183	165
Costais Ríomhaire	849	870
Oideachas Ginearálta	1,602	1,862
Seirbhísí do Mhic Léinn	509	530
Costais Taighde	(395)	198
Comhpháirtithe Tionscadail	2,302	80
Trealamh	2,121	153
Costais Áitribh	6,995	6,776
Taisteal & Cothú/Fáilteachas & Seimineáir	1,695	1,286
Costais Phearsanra	1,272	1,407
Táillí Gairmiúla	4,694	4,956
Luach Saothar Iniúcháin	56	29
Cumarsáid	452	403
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	977	887
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	297	419
Árachas	386	354
Costais Airgeadais	60	34
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne	53	19
Eile	20	55
	26,163	22,825

13. Cánachas

Níl gníomhaíocht ar bith de chuid na hInstitiúide, seachas an tlonad Nuálaíochta, faoi réir ag Cánachas Corparáideach faoin Stádas Carthanachta a fuair an Roinn Oideachais in Eanáir 1993.

14. Sócmhainní Seasta

	Iomlán	Foirgnimh	Foirgnimh i mBun Tógála	Daingneáin & Feistithe Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	Trealamh Ríomhaire	Gléasra & Innealra	Trealamh	Feithiclí Mótair
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
<i>Costas nó Luacháil</i>								
Ar 1 Meán Fómhair 2009	161,598	116,772	1,573	7,281	14,359	3,943	17,295	375
Breiseanna	14,495	13,762	(1,573)	472	665	-	1,167	2
Diúscairtí	<u>(1,723)</u>	-	-	<u>(40)</u>	<u>(1,231)</u>	-	<u>(452)</u>	-
	174,370	130,534	-	7,713	13,793	3,943	18,010	377
<i>Dímheas</i>								
Ar 1 Meán Fómhair 2009	58,253	25,462	-	4,664	12,250	1,403	14,150	324
Muirear don bhliain	6,122	2,757	-	573	1,162	398	1,219	13
Diúscairtí	<u>(1,670)</u>	-	-	<u>(19)</u>	<u>(1,215)</u>	-	<u>(436)</u>	-
	62,705	28,219	-	5,218	12,197	1,801	14,933	337
Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2010	111,665	102,315	-	2,495	1,596	2,142	3,077	40
Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2009	<u>103,345</u>	<u>91,310</u>	<u>1,573</u>	<u>2,617</u>	<u>2,109</u>	<u>2,540</u>	<u>3,145</u>	<u>51</u>

Costas nó Luacháil:

Tá luacháil déanta ag an Oifig Luachála ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar an dáta sin ar bhonn luach ar an margadh oscailte d'úsáid faoi láthair. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tá ceangaltais ag CIT i leith réadmhaoine atá ar léas d'úsáid acadúil a bhfuil suim €2,950,704.60 i gceist leo.

	2010 €000	2009 €000
15. Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí		
Táillí Teagaisc	1,312	1,051
Deontas Athfhillteach Stáit	2,204	2,628
Deontas Stáit & Deontais Chaipitil Eile	111	248
Deontais agus Conarthaí Taighde	7,723	5,343
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhráithe	457	416
Féichiúnaithe eile	1,847	1,300
Ionlán	13,654	10,986

Ag eascairt as athrú ar an modh a úsáideann an tÚdarás um Ard-Oideachas do chionroinnt maoinithe athfhilltigh d'Institiúidí Teicneolaíochta, rinneadh díscríobh in 2010 ar an bhfiachach athfhillteach deontais de €2.628m ag deireadh 2009.

16. Creidiúnaithe agus Speansais Fhabhráithe

SUIMEANNA DLITE LAISTIGH D'AON BHLIAIN
Íocaíochtaí a fuarthas Roimh Ré

Deontais agus Conarthaí Taighde	13,731	12,576
Cistiú Tacaíochta Míc Léinn Iarchurtha	285	332
Táillí Clárúcháin Mic Léinn Iníochta	-	5
	14,016	12,913
Creidiúnaithe Trádála agus Fabhrúithe	111	234
Deontas Caipitil Stáit	349	1,693
ÍMAT	761	920
ÁSPC	522	558
Cáin Ioncaim Choinnithe	37	50
Creidiúnaithe Eile	72	151
Fabhrúithe agus Ioncam Iarchurtha	5,624	3,141
	7,476	6,747
	21,492	19,660

17. Deontais Chaipitil Iarchurtha

Iarmhéid Tosaigh	103,345	104,492
Deontais Chaipitil Infhaighte		
Deontas Caipitil Stáit – RO&S	5,478	(490)
Cionroinnte ó Dheontas Athfhillteach Stáit - ÚAO	1,539	1,104
Clárúchán	81	72
Taighde, Deontais & Conarthaí	6,564	3,312
Cistiú Míchumais	-	-
Deontas stáit do mhionobreacha caipitil RO&S	445	590
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha	314	456
Aistriú ón gCúlchiste Srianta	74	-
	117,840	109,536
Scaoil d'Ioncam		
Amúchadh ag teacht le dímhéas sócmhainní	(6,122)	(6,172)
Méid scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(53)	(19)
Iarmhéid Deiridh	111,665	103,345

	2010 €000	2009 €000
18. Cúlchiste Srianata		
larmhéid 1 Meán Fómhair	74	71
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	-	3
Aistriú go Cuntais Chaipitil	<u>(74)</u>	<u>-</u>
larmhéid 31 Lúnasa	<u>-</u>	<u>74</u>

19. Cúlchiste Caipitil Forbartha

larmhéid 1 Meán Fómhair	2,328	2,359
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	2,103	611
Aistriú go Caiteachas – Táille Clárúcháin Mic Léinn	-	(91)
Aistriú go Deontais agus Conarthaí Taighde	(730)	-
Aistriú go Caiteachas – Féinchistiú	(287)	(95)
Aistriú go Cuntas Caipitil	<u>(314)</u>	<u>(456)</u>
larmhéid 31 Lúnasa	<u>3,100</u>	<u>2,328</u>

Tá an cúlchiste seo in áit Chúlchiste Saoráidí nar a thugtaí air. Tá an t-aistriú go Cúlchiste de €2.103m comhdhéanta de €2.054 ó Tháille Clárúcháin Mic Léinn, €41k ó ús tuillte agus €8k ó shaoráidí spóirt ar cíos.

20. Ceangaltais Chaipitil a tabhaíodh ach nach bhfuil soláthar déanta dóibh

Níl ceangaltais chaipitil ar bith ann ag deireadh na tréimhse.

21. Deontais Chothabhála Mic Léinn

Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg na gColáistí)	4,918	4,714
Íocaíochtaí le Mic Léinn	(3,904)	(3,800)
Íocaíochtaí le Mic Léinn – (breisithe)	(1,014)	<u>(914)</u>
Insreabhadh Glan Airgid	-	-
larmhéid Tosaigh	<u>-</u>	<u>-</u>
larmhéid ag an Deireadh	<u>-</u>	<u>-</u>

Déanann an Institiúid íocaíochtaí le mic léinn a phróiseáil i dtaca le deontais chothaithe CSE a chuireann an CGC nó an tÚdarás Áitiúil ábhartha in iúl. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuireann an cistiú ar fáil do na híocaíochtaí sin i dteannta cómhaoiniú a chuireann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) ar fáil. Níl na bearta sin cuimsithe ar leithligh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

22. Fostaithe

Ba é meánlíon an lucht foirne a bhí fostaithe ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2010 ná 1,113 (2009: 1,143).

23. Fochuideachta

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Innovation Centre Limited, i Lúnasa 2004. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Innovation Centre Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €5,478 agus ba é luach na nglansócmhainní ná €60,206.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, Cosmos Education Limited, in Eanáir 2008. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí Cosmos Education Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta cailliúint don bhliain de €2,516 agus bhí glansócmhainní don bhliain de €15,738 ann.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Foundation Limited, in Iúil 2007. Tá an Chuideachta díomhain agus ní dharna sí trádáil sa bhliain.

24. Ceaintín agus Siopa na hInstitiúide

Oibríonn cuideachta, CIT Student Services Company Limited, ceaintín agus siopa na hInstitiúide. Déanann iniúchóirí a cheapann an Chuideachta cuntais an cheaintín agus an tsiopa, nach cuid de chuntais na hInstitiúide iad, a iniúchadh.

Rinneadh an chuideachta a chorprú i mí na Nollag 1994. Roimhe sin bhí an ceaintín agus an siopa á mbainistiú ag Coiste de chuid na hInstitiúide. Ghlac an Chuideachta seilbh ar shócmhainní agus ar dhliteanais an cheaintín agus an tsiopa seachas suim de €142,847 atá curtha ar iontaobhas chun dliteanais a chistiú sa todhchaí ag éirí as roinnt conarthaí seirbhíse. Níl taifead ar an gciste, ina raibh €180,910 ar 31 Lúnasa 2008, i gcuntais na hInstitiúide ná i gcuntais na Cuideachta. Le linn na bliana aistríodh an ciste sin go dtí an Chuideachta agus tá taifead orthu ansin mar Chúlchiste Caipitil áit a bhfuil úsáid an airgid srianta “do chur chun cinn leas na mac léinn trí infheistíocht chaipitil i saoráidí” de réir bhuntearmaí an iontaobhais.

Is mar seo a leanas torthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2010:

	€
Ioncam	3,494,283
Caiteachas	3,388,115
Barrachas	106,168
Glansócmhainní	920,882
Cúlchistí Caipitil	321,669

25. Infheistíochtaí

Is leis an Institiúid 15% de ghnáth-scairchaipiteal En-Force Laboratories Limited. Ba chuideachta champais roimhe sin í an chuideachta dar teideal Biological and Environmental Services Unit agus bunaíodh í mar fhiontar príobháideach ar 1 Eanáir 2003. Rinne an Institiúid na scaireanna sin a dhiúscairt mar a bhí 31 Lúnasa 2010.

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tar éis dul i socruithe comhfhiontair le GAC Training and Service Solutions Limited le héifeacht ó 11 Feabhra 2010 agus SEFtec NMCI Offshore Training Limited le héifeacht ó 31 Bealtaine 2010. Tá 25,000 scair ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i ngach cuideachta agus cuimsíonn sé sin 50% den scairshealbhoireacht.

26. Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann & Ceolscoil Chorcaí

Is comhpháirtíocht é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Seirbhísí Muirí na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an Roinn Cosanta. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil NMCI tógtha.

Is comhpháirtíocht í Ceolscoil Chorcaí idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil Ceolscoil Chorcaí tógtha.

Fanann lucht acadúil, teicniúil, riaracháin agus tacaíochta CIT i gCeolscoil Chorcaí agus sa NMCI ina bhfostaithe de chuid CIT.

27. Teidlíochtaí Incriminteacha

Rinneadh éileamh Ard-Chúirte in aghaidh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí le haghaidh teidlíochtaí incriminteacha líomhanta. Tá an cás seo á chosaint.

28. Nochtadh Idirbheart – Baill den Bhord Rialaithe

Féadfaidh an Institiúid sa ghnáthchúrsa socruithe conartha a dhéanamh le gnóthas ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile acu ann. Tá glactha ag an Institiúid le gnáthaimh de réir Chód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus tá na gnáthaimh sin comhlíonta ag an Institiúid le linn na bliana.

29. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D’fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 3 Feabhra, 2011.



7. Faisnéis Eile

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí
- 7.2 Cumann na gCéimithe
- 7.3 Pointí Teagmhála

7.1 Nuacht & Imeachtaí

1. Sheol Maurice Gubbins Uas., Eagarthóir, Evening Echo, Réamheolaire an Oideachais Leantaigh 2009/10 ar 26 Lúnasa 2009.
2. D'eagraigh Cumann Céimithe CIT ócáid Bhreis-Scileanna dá gcuid céimithe agus do mhic léinn na bliana deiridh ar 28 Lúnasa 2009. Clinic faisnéise a bhí ann dóibh siúd arbh mhian leo a gcuid cáilíochtaí a nuashonrú, cáilíochtaí nua a chur leo nó treo a slí bheatha a athrú. D'éascair an ócáid as céimí de chuid CIT a bheith ag moladh conas a d'fhéadfadh an Institiúid cabhrú leo siúd a d'fhéadfadh a bheith dífhostaithe nó a cheap go mba ghá dóibh cur lena scileanna chun a n-ionchas fostaíochta reatha nó sa todhchaí a chur ar láimh sábhála.
3. Ar 7 Meán Fómhair 2009, sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe, T.D., comórtas an **European Energy Saving Award 2009/10**, a bhí urraithe ag CTC agus Bord Gáis le haghaidh scoileanna dara leibhéal in Éirinn agus an **Tionscnamh d'Úsáid Chliste Fuinnimh ar Scoil** a bhí gaolmhar leis.
4. Bhí Oíche Chultúir ar siúl ar 25 Meán Fómhair 2009 ag breis agus 50 ionad ar fud Chathair Chorcaí. Ba é cion CIT don ócáid seo ná sraith taispeántas agus léachtaí a óstú ag Campas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Ceolscoil Chorcaí CIT.
5. Thionóil an Institiúid fáiltiú ar 1 Deireadh Fómhair 2009 in onóir na mac léinn a fuair na gradaim seo a leanas:
 - Duais CIT don Nuálaíocht
 - Gradam Siemens Innealtóirí Éireann d'Innealtóir Nuálach na Bliana
 - Gradam Náisiúnta Cruickshank €7,500 don Táirge ba Nuálaigh ó thaobh na Teicneolaíochta de
 - Gradam Náisiúnta €7,500 Fhiontar Éireann/Invest Northern Ireland Solving Problems for Industry
 - Gradam Acadúil Fhiontar Éireann/Invest Northern Ireland
6. Is Láirionad faofa go hiomlán é ITEC (Láirionad Oiliúna agus Oideachais na hÉireann), CIT, don suathaireacht iomlánaíoch agus spórt araon.
7. Bhí an tAonach Slite Beatha agus Deiseanna 2009 ar siúl ar 6 Deireadh Fómhair i Láirionad na Mac Léinn, CIT. Ba é a bhí san Aonach ná 36 seastán a bhí curtha in áirithe ag cuideachtaí, áisín-teachtaí faisnéise agus eagraíochtaí deonacha. Mar chuid bhreise leis an Aonach bhí roinnt institiúidí ardoideachais i láthair chun deiseanna iarchéime a thairiscint don bhliain acadúil 2010-11.

Bhronn an tUachtarán Sparánacht Intéirneach Tionscnaimh Abbott Ireland ar Paul Walsh, mac léinn na bliana deiridh san Innealtóireacht Mheicniúil ag an Aonach.
8. Bhí an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe, T.D., i láthair san Institiúid le haghaidh shíniú Chonradh Tyco a rinneadh ar 16 Deireadh Fómhair 2009. I láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, CIT, agus Donal O'Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta Tyco Sensormatic Electronics. Ligfidh fáil an tsuimh agus an fhoirgnimh a bhfuil achar iomlán de 7.4 acra iontu, do CIT a cuid printíseach a aistriú ó chóiríocht ar cíos ar ais trasna na cathrach go dtí príomhchamps CIT i mBaile an Easpaig.
9. Bhí an 10ú Searmanas Gradaim Oirthoera/Deileadóra ar siúl san Institiúid ar 22 Deireadh Fómhair 2009. Ba é a bhí ann ná gradaim do roinnt printíseach ag Pas 4 agus Pas 6 san Oirthoireacht agus gradam don "Fhostóir is Fearr" ag an dá phas. Is chun fostóirí na mbuaiteoirí foriomlána a onóru ag an dá leibhéal í sin de bhrí go n-imríonn siad ról nach beag i roghnú agus spreagadh na bprintíseach sin. Bronnadh an "Fostóir is Fearr Pas 4" ar Avoncourt Packaging Ltd., Eastát Tionscail Bhaile Uí Chuirrín, Corcaigh, agus an "Fostóir is Fearr Pas 6" ar Pfizer Biotechnology, Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí.
10. Bhí Bronnadh Céimeanna Cheolscoil Chorcaí CIT ar siúl ar 2 Samhain 2009. Bronnadh Baitsiléir Ceoil (Onóracha) ar 21 mac léinn ar fad agus Máistir Ealaíon i gCeol ar 10 mac léinn.
11. Bhí an chéad Sraith Cainteora Cuairte don bhliain acadúil seo ar siúl sa Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta ar 3 Samhain 2009. Ba é an t-aoichainteoir an Dr Kieran Allen de chuid UCD agus ba é teideal an topaic a bhí aige "Ireland's Economic Crash".
12. Chuir an tUachtarán fáilte roimh Institiúid na dTreoirchomhairleoirí chuig an Institiúid ar 5 Samhain 2009. Rinne roinnt ball foirne cur i láthair dóibh maidir le hinfhaighteacht cúrsaí agus forbairtí nua. Bíonn cuid mhaith de na Treoirchomhairleoirí ag plé le mic léinn dara leibhéal agus ag leibhéal na hIar-Ardteistiméireachta a mbeidh roinnt díobh ag cur iarratas isteach tríd an LOI faoin 1 Feabhra.
13. Ar 6 Samhain 2009, rinne CIT comhóstú ar chomhdháil a raibh "The Changing Face of the Pharmaceutical Industry" á iniúchadh aici, i gcomhar le Comhairle Chontae Chorcaí agus UCC in Halla Chontae Chorcaí. Thug an chomhdháil lucht tionscail náisiúnta agus idirnáisiúnta, lucht acadúil, lucht déanta polasaí, áisín-teachtaí rialtais áitiúil agus Stáit. Ba é ba chuspóir leis an gcomhdháil tuiscint a mhéadú ar shamhail nua ghnó atá ag teacht ar aghaidh san earnáil sin agus straitéisí a mholadh chun an earnáil is cúis le céatadán mór d'onnmhairithe na tíre a chomhtháthú agus a fhorbairt.

14. Rinne an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe, T.D., freastal ar an bhfáilte agus an cur i láthair a bhí ar siúl ar 9 Samhain 2009 san Institiúid chun aitheantas a thabhairt d'éachtaí Fhoireann Scileanna Domhanda na hÉireann a ghnóthaigh an dara háit ar Domhan ag an 40ú Comórtas Scileanna Domhanda in Calgary, Ceanada. Ba é sin an toradh ba airde riamh ag foireann Éireannach ó glacadh ballraíocht ann caoga bliain ó shin. Bhí 950 iomaitheoir san iomaíocht le linn cheithre lá na gcomórtas i ndaichead is a hocht réimse scileanna. D'éirigh go hiontach le foireann na hÉireann, a raibh aon iomaitheoir déag inti, nuair a ghnóthaigh siad trí bhonn óir, dhá bhonn chré-umha agus cúig mheadáille tuillteanais. B'as CIT do chúigear den fhoireann agus ghnóthaigh na mic léinn sin Bonn Óir amháin, Bonn Cré-umha amháin, 4ú háit agus Meadáille Tuillteanais.
15. Tharla Searmanas Gradam Bliantúil Eolaíochta Dhámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta do 2009 ar 11 Samhain 2009.
16. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile Dhámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta agus Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar siúl ar 12 Samhain 2009 i gCampas Bhaile an Easpaig. Ceithre sheisiún bronnta a bhí ann agus fuair 1,107 fochéime i nDámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta a gcuid pár agus 137 i gColáiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT.
- Bronnadh comhdámhachtainí Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, HETAC agus CIT seo a leanas ar mhic léinn:
- Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin agus
 - Máistir Ealaíon (Dearadh Meán)
17. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile de chuid na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl ar 13 Samhain 2009 i gCampas Bhaile an Easpaig. Ceithre sheisiún bronnta a bhí ann agus fuair 1,186 ar fad a gcuid pár.
18. Tharla Searmanas Bliantúil Duaiseanna Innealtóireachta Dhámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta do 2009 Déardaoin 26 Samhain 2009.
19. Rinne Uachtarán CIT, an Dr Brendan J. Murphy agus Uachtarán UCC, an Dr Michael Murphy, ceiliúradh ar chomhoibriú deich mbliana idir CIT agus UCC ar 30 Samhain 2009. Síniódh Meabhrán Comhoibríthe i láthair an Aire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe, T.D., ag searmanas speisialta i gCorcaigh. Ba leitheadach é an comhoibriú idir an dá institiúid le linn na ndeich mbliana seo caite agus é ina threoraí ag an iarracht in Éirinn ar mhaithe le trasphóru in earnáil an ardoideachais.
20. Bhí Bronnadh Sparánachtaí & Scoláireachtaí Spóirt na hInstitiúide ar siúl ar 1 Nollaig 2009. Bronnadh ochtó is ceithre sparánacht ar fad ar lúthchleasaithe i seacht gcineál déag spóirt. Léiríonn na sparánachtaí agus na scoláireachtaí tiomantas CIT d'fhorbairt pholasaí cuimsitheach spóirt. Bronntar iad ar mhic léinn a léiríonn ardleibhéil éachta, tiomantas agus dílseacht don spórt atá roghnaithe acu.
21. Tharla seoladh na tuarascála Aitheantas don Réamhfhoghlaim - Fócas ar Chleachtas in CIT ar 7 Nollaig 2009. D'fhorbair an Tionscadal Ciste Nuálaíochta Straitéiseach Oideachas san Fhostaíocht agus ba é an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe, T.D., a sheol í. Céim mhór chun tosaigh a bhí inti de bhrí go mba fhoilseachán comhoibrítheach í agus í bunaithe ar altanna ó naoi gcinn d'Institiúidí Ardoideachais a chuimsíonn Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta.
22. Rinne Lárionad Rubicon CIT an Lá Domhanda Goir a cheiliúradh ar 8 Nollaig 2009 trí imeacht a óstú ina raibh rogha de chliant Rubicon ag comhionann a gcuid scéalta fiontraíochta agus bhí seisiún ceisteanna agus freagraí oscailte ón urlár.
23. Sheol John Mullins Uas., Príomhfheidhmeannach, Bord Gáis, tuarascáil ar riachtanais fhoghlama i sainearnálacha fostaíochta ar 15 Nollaig 2009. Saothar fhoireann an Mhapa Bóthair – Comhpháirtíochtaí Acadúla (REAP) atá sa tuarascáil agus é maoinithe ag Ciste Nuálaíochta Straitéiseach an ÚAO. Tá an tionscadal REAP á threorú ag CIT agus chuimsíonn sé cúig Institiúid Teicneolaíochta eile agus dhá ollscoil.
24. Bhí an tUachtarán, an Clárítheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Ceann Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT i láthair ag Síniú Leasú don Chomhaontú Cuibhreannais ar 15 Eanáir 2010 idir an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, agus CIT do chríocha comhdámhachtainí a dhéanamh in
- (i) Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Ilmheáin
 - (ii) Baitsiléir Ealaíon i Meáin Dhigiteacha
 - (iii) Máistir Ealaíon i nDearadh Meán
 - (iv) Máistir Ealaíon i Stiúradh Meán
- Tharla cruinnithe freisin maidir le comhoibriú sa todhchaí idir an Institiúid agus an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt.
25. Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad nua NIMBUS le haghaidh Taighde ar Chórais Leabaithe agus, ar 16 Márta, d'aistrigh cúig is seasca taighdeoir as láithreacha éagsúla san Institiúid go dtí foirgneamh NIMBUS. Agus é maoinithe trí Chlár an ÚAO le haghaidh Taighde in Institiúidí Ardoideachais (PRTL) in 2007, is é NIMBUS an chéad foirgneamh a cuireadh i gcrích sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léiríonn sé comhoibriú agus bainistiú an-rathúil ag Oifig Forbartha na hInstitiúide, na hailtirí RKD, na conraitheoirí Walls, agus an fhoireann taighdeoirí ar dearadh an foirgneamh dóibh. Agus airgeadas chomh srianta sin, is an-mholadh ar an bhfoireann é gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

26. Ghlac toiscaireacht ó CIT le cuireadh ó Ollscoil Pune (UoP) bheith rannpháirteach i mórchollóiciam déthaobhach taighde agus nuálaíochta san India ar 18 agus 19 Eanáir 2010. Ba é a bhí sa chollóiciam dar teideal “Collaboration in Science and Technology” sraith ceardlanna, roinnt cur i láthair taighde, léachtaí, cuairteanna ar shaotharlanna agus cruinnithe le tionscal in éineacht le macasamhlacha ó UoP chun deiseanna a rachadh chun tairbhe don dá institiúid a shainaithint. Ba é Ambasadóir na hÉireann chun na hIndia, a Shoilse, Ken Thompson Uas., a bhí i gceannas ar thoscaireacht CIT.
27. Ghnóthaigh iarmhac léinn de chuid CIT, **Fiona Kelly**, Duais Bernstein sa Juilliard School i Nua Eabhrac. Thug an New York Times an-mholadh di i léirmheas. Tá Fiona i mbun Céim Máistir faoi láthair ag Scoil Juilliard agus í ag staidéar le Robert Langevin. Sheinn sí Halil BERNSTEIN, Nochtraí don Fhliúit agus don Cheolfhoireann ar 22 Eanáir 2010 mar chuid den tsraith FOCUS 2010.
28. Fuair an Institiúid fógra go raibh Eolaí Óg BT na Bliana, **Richard O’Shea** reatha san iomaíocht in SciFest CIT go déanach in Aibreán 2009 áit ar ghnóthaigh sé dhá dhuais chéad áit i gcatagóir na Teicneolaíochta agus sa chatagóir Braiteoirí.
29. Sa cheathrú bliain den chomhoibriú uathúil idir na Ranna Innealtóireachta Leictreonaice, CIT agus UCC, chríochnaigh trí is daichead múinteoir ar oiliúint an Diplóma larchéime in Oideachas sa bhunleictreonaic a mhair sé sheachtain. Tá an clár oiliúna bunaithe ar an Modúl Idirbhliana “An Leictreonaic á hlniúchadh” a d’fhorbair CIR le tacaíocht shuntasach ó thionscal agus é mar aidhm an dúrún a bhaint as an leictreonaic sa seomra ranga dara leibhéal. Bhronn an Roinn Leictreonaice in CIT teastais ghnóthachtála ar na múinteoirí agus foireann chrua-earraí chun tacú le húsáid an mhodúil sna scoileanna ina mbeidh siad ag obair.
30. Seoladh comhfhiontar idir Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann agus an Gulf Agency Company (GAC) Training and Service Solutions (GTSS) ar 11 Feabhra 2010, sa Choláiste Náisiúnta sa CNMÉ. Beidh an comhfhiontar dírithe ar phunann cuimsitheach cúrsaí oiliúna a sheachadadh do mharaithe agus phearsanra talambhunaithe araon.
31. Bhí Bronnadh Céimeanna ar siúl ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 19 Feabhra 2010. Den chéad uair, bronnadh dámhachtain ar mhic léinn de chuid Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann a chuir i gcrích go rathúil an tArdeastas in Ealaíona i gCeannaireacht, Bainistíocht & Staidéar Cabhlaigh.
32. Foilsíodh dreas nuachta ar obair vacsaíne CIT ar láithreán gréasáin an Bhord Taighde Sláinte ar 4 Márta 2010. D’fhorbair an Dr Roy Sleator, taighdeoir atá á mhaoiniú ag an mBTS ag CIT agus an Príomh-Imscrúdaitheoir ag Lárionad Cógasbhitheach an Bhia, agus a fhoireann cur chuige nua dóchasach chun dul i ngleic le *Clostridium difficile* (C. difficile), baictéir atá frithsheasmhach i gcoinne antaibheathach. Is é atá i gceist leis an taighde ná cineál amháin baictéir a úsáid chun cineál eile a mharú.
33. I ndiaidh an chruinnithe le déanaí le hAmbasadóir na hIndia i mBaile Átha Cliath, thug an Leas-Ambasadóir, D. Ramamoorthy Uas. cuairt ar an Uachtarán ar 5 Márta 2010. Ba é cuspóir na cuairte ná caidreamh a bhunú le CIT ar son Rialtas na hIndia. Tá an tUasal Ramamoorthy i gceannas ar ghnóthaí eacnamaíochta, tráchtála agus oideachasúla.
34. Thug Billy Kelleher, T.D., Aire Trádála & Tráchtála, cuairt ar Lárionad Rubicon ar 8 Márta 2010. Ba é a sceideal don chuairt mar seo a leanas:
- Forbhreathnú ar CIT
 - Lárionad Rubicon
 - Clár Fiontair Genesis
 - Turas Lárionad CAPPa agus cur i láthair
 - Turas MEDIC agus cur i láthair
 - Forbhreathnú ar Lárionad TEC agus turas NIMBUS
 - Bhuail le hUachtarán na hInstitiúide
35. Ar 9 Márta 2010, bhí an cúigiú searmanas bliantúil Gradaim de chuid na Dáimhe Gnó agus Daonnachtaí do 2009 ar siúl i bhfoirgneamh na Turasóireachta & an Fháilteachais in onóir na gcéimithe is airde éachtaí de chuid Gnó agus Daonnachtaí. Bunaíodh an ócáid sin chun éachtaí a cuid mac léinn dearscnaitheacha a cheiliúradh agus chun aitheantas a thabhairt don méid a rinne an líon mór daoine a thacaigh leo.
36. Tugadh an GOLD Green Hospitality Award (GHA) do Roinn na Turasóireachta & an Fháilteachais agus bronnadh é ar 11 Márta 2010. Tá CIT bródúil as éachtaí an Chlár GHA a forbraíodh tríd an Lárionad Glanteicneolaíochta i gcomhar le comhpháirtithe Hospitality Solutions Consulting ó 2004. Oibríonn GHA ar scála náisiúnta, aithnítear é mar an scéim teastasaithe náisiúnta comhshaoil d’earnáil an Fháilteachais agus tá 170 ball aige a áiríonn óstáin, lónadóirí conartha, bialanna agus bialanna beáir.
37. Bhí ócáid ar siúl san Institiúid ar 12 Márta 2010 chun urraim a léiriú do na baill foirne a chuaigh ar scor ó 1 Meán Fómhair 2007 go 31 Nollaig 2008.
38. Déanann Caibidil 14 den leabhar foilsithe “Education and Social Change” cur síos ar chás-staidéar ar an gcúrsa Céime Onóracha in Innealtóireacht Mheicniúil de chuid na hInstitiúide atá creidiúnaithe go hidirnáisiúnta. Tá an cúrsa sin, a ghnóthaigh duaiseanna, ar siúl ar feadh na mblianta fada i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla agus pléann an chaibidil seo modh chun córais luacha a chuimsiú sa chúrsa a chuireann in iúl conas is féidir an teicníc a ghinearálú do chúrsaí eile.

39. Ar 19 Márta 2010, rinne Fiontraithe sárthaispeántas ar a gcuid gnólachtaí le linn Taispeántas Duaise CIT don Nuálaíocht, áit ar bronnadh €10,000 ar na hiontrálacha a bhuaigh. Rinne Boird Fhiontair an Chontae agus na Cathrach urraíocht ar an gcomórtas. Agus le cois na nduaiseanna airgid, beidh buanchorn ar taispeáint i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla le linn an dá mhí dhéag seo chugainn.
40. D'oscail an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe, T.D., an tSeirbhís Rochtana nua ar 22 Márta 2010 i Lárionad na Mac Léinn, Campas Bhaile an Easpaig.
- Rinne Seirbhís Rochtana CIT cleachtadh cuimsitheach straitéiseach ó Dheireadh Fómhair 2009 go Feabhra 2010. Thug sé sin, maraon le bogadh isteach i láithreán nua laistigh de Lárionad na Mac Léinn, deis an tSeirbhís Rochtana a sheoladh go foirmiúil do na mic léinn agus do na páirtithe leasmhara. Cinnteoidh an tSeirbhís Rochtana go gníomhach rannpháirtíocht leathnaithe i CIT i measc grúpaí tearc-ionadaithe. Beidh an tSeirbhís i dtús cadhnaíochta i soláthar rochtana a bheidh d'ardchaighdeán, gairmiúil agus sofhreagrach. Bainfear é sin amach trí thiomantas láidir do phrionsabail an oideachais agus na cuimsitheachta sóisialta agus trí oibriú i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir.
41. Thug Brian Crowley, FPE, cuairt ar Lárionad Rubicon CIT ar 26 Márta 2010. Tugadh forbhreathnú ar an Institiúid dó, agus taighde, tosúithe gnó agus gníomhaíocht tacaíochta san áireamh.
42. Tá ardchóras scrúdaithe optaigh chun feabhas a chur ar mhonarú Lionsaí lonsúileacha forbartha ag taighdeoirí fótónaice i Lárionad CIT d'Ard-Fhótónaice & Anailís Próisis (CAPP). Tugann an Lionsa lonsúileach, ar a dtugtar go coitianta IOL, an radharc ar ais d'othair chatarachta atá dall nó le radharc lochtach trí lionsa IOL a chur in áit lionsa nádúrtha na súile le linn máinliachta.
- I Márta 2010, tugadh an córas forbartha ar láimh ó CAPP go Alcan Laboratories Ltd. Suiteáladh córas CAPP i saoráid Chorcaí Alcon, a mhonaraíonn an IOL is mó a ionphlandaítear ar domhan. Tar éis oiliúint a fháil in oibriú an chórais ó CAPP, bhí foireann Alcon in ann tús a chur le tástáil bhailíochtaí ar an trealamh ar a líne tháirgthe féin. D'éirigh go maith leis na chéad tástálacha agus chruthaigh na torthaí éifeacht oibríocht theicneolaíochta CAPP ar an líne tháirgthe.
43. Ar 29 Márta 2010, sheol Micheál Martin, T.D., Aire Gnóthaí Eachtracha, seacht gcinn déag de Chuideachtaí nua Éireannacha ag Duaiseanna agus Sárthaispeántas an 12ú Clár Bliantúil de chuid Fhiontar Genesis (GEP) ag CIT. Is éagsúil iad na tionscail atá ar bun acu – fuinneamh, seirbhísi idirnáisiúnta, bia, an leictreonaic, teileachumarsáid, foghlaim leictreonach, feidhmeanna bogearraí, dearadh eirgeanamaíoch troscáin agus oibríocht tumadóireachta. Ag deireadh gach clár bliana Genesis, sa searmanas Gradaim cuirtear na gnólachtaí atá rannpháirteach i láthair an phobail i dtaispeántas agus tugtar aitheantas d'éachtaí na ngnólachtaí ar leith a shroich na clocha míle tráchtála.
44. Bhí Sermanas Bronnta Duaiseanna na hInstitiúide ar siúl ar 26 Aibreán 2010. Léirigh Bronnadh Bliantúil na nDuaiseanna urraim do chéimithe dearscnaitheacha 2009.
45. Ar 27 Aibreán 2010, bhí SciFest 2010 ar siúl san Atrium Thiar ag CIT. Is aonach eolaíochta áitiúil aon lá é SciFest a reáchtálar i gcoláistí tríú leibhéal agus atá ar oscailt do mhic léinn dara leibhéal. Chuimsigh an SciFest comórtas agus taispeántas tionscadal, roinnt cainteanna ar an eolaíocht, taispeántí eolaíochta i saotharlanna an choláiste agus searmanas bronnta duaise. Is é is sprioc do SciFest ná grá don eolaíocht a spreagadh trí chur chuige imscrúdaitheach don fhoghlaim agus deis a chur ar fáil do mhic léinn a gcuid fionnachtana eolaíochta a thaispeáint.
46. Bhí an 24ú Taispeántas Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bithleighis Chorcaí ar siúl ar 29 Aibreán 2010 i Lárionad na Mac Léinn, Clós Nexus. Ba í an Imeacht Innealtóireachta Oideachasúla agus Nuálaíochta ba mhó in Éirinn í agus bhí breis is 170 seastán taispeántais ann. “Inbhuaine san Innealtóireacht – Oideachas agus Taighde” an téama a bhí ag an Taispeántas. Bhí Eamon Ryan, T.D., Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, agus Martin Lowery Uas., Uachtarán Tofa, Innealtóirí Éireann i láthair agus labhair siad le lucht féachana an taispeántais ag searmanas bronnta do chéimithe sáréachta.
47. D'óstaigh an Institiúid fáiltiú chun urraim a léiriú do Xiao Fang Zhang Uas., mac léinn PhD a fuair Laureate Eorpach don Nuálaíocht as an obair a bhí déanta aici ar Eastarraingteoir Boilgeog d'Insileadh Infhéitheach ag Innovact 2010 a bhí ar siúl sa bhFrainc.
- Bhí Ambasadóir na Síne, A Shoilse, Ambasadóir Liu Biwei i láthair ar an bhfáiltiú a bhí ar siúl ar 7 Bealtaine 2010. Tá an tUasal Zhang, arb as Cathair Dalian í, ina mac léinn in CIT ó 2004.
48. Bhí Gradaim Bhliantúla Spóirt na hInstitiúide ar siúl ar 11 Bealtaine 2010. Bronnadh na gradaim seo a leanas ar an lá:
- Naoi nGradam Aonair
 - Naoi nGradam d'Éachtaí Speisialta
 - Gradam na Bliana do Mhac Léinn Céad Bhliana
 - Gradam do Chlub na Bliana
 - Dara hÁit do Chlub na Bliana

49. Chuir toscaireacht ó Ollscoil Teicneolaíochta Jawaharalal Nehru Hyderabad (JNTUH), an India, tús le cuairt dhá lá ar an Institiúid ar 17 Bealtaine 2010. Bhuail an toscaireacht le Baill Foirme Shinsearacha féachaint le comhchlár a fhorbairt agus/nó socruithe a dhéanamh a d'éascódh lena gcéimithe freastal ar chláir in CIT.
50. Bhí oscailt Thaispeántas agus Searmanas Bronnta Duaiseanna Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar siúl ar 28 Bealtaine 2010.
51. Rinneadh comhgháirdeas leis an gCuideachta Seirbhíse Mic Léinn (Student Services Company), an chéad Cheaintín tríú leibhéal a ghnóthaigh an Green Hospitality Award a bronnadh ar 4 Meitheamh 2010.
52. Ar 4 Meitheamh 2010, rinneadh lárionad oiliúna faofa OPITO de Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann trína chomhpháirtíocht chomhfhiontair le SEFtec (SEFtec NMCI Offshore Ltd). Fuair sé creidiúnú tar éis iniúchadh seachtarach seachtaine ar na saoráidí, na córais bhainistíochta agus an seachadadh cúrsa.
53. Osclaíodh Ardán an Lucht Féachana go hoifigiúil ag Coimpléacs Spóirt na hInstitiúide, Campas Bhaile an Easpaig, ar 4 Meitheamh 2010. Rinne an tAire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, T.D., an oscailt.
54. Chuir Coimisiún na hEorpa in iúl do CIT/Tyndall go rachaidh siad i mbun idirbheartaíochta chun maoiniú a chur ar fáil don líonra Tús-Oiliúna Marie Curie, Taighde larchéime ar an bhFótónaic mar Theicneolaíocht Chumasaithe (PROPHET) a chuir CIT/Tyndall isteach i gcomhar mar chomhaonad taighde, agus Tyndall mar phríomhthairbhí.
55. Craoladh clár faisnéise teilifíse ar dhúnadh Ghrúdlann Beamish & Crawford, Corcaigh, dar teideal "My Beamish Boy" ar 7 Meitheamh 2010 ar RTÉ. Ba é an céimí de chuid Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, Mike Hannon, an stiúrthóir agus léirigh Johnny McCarthy, Cormac McCarthy agus Hugh McCarthy ó Cheolscoil Chorcaí CIT an ceol.
56. D'óstaigh an Institiúid fáiltiú ar 11 Meitheamh 2010 chun fáilte a chur roimh an Ollamh Greg Boyer a chuir tús le tréimhse ocht mí taighde i Roinn na Ceimice, CIT. Ó Loch Champlain i Nua Eabhrac go Loch Taihu sa tSín dó, tá taisteal ar fud na cruinne déanta ag an Dr Boyer agus é ag déanamh taighde, monatóireachta agus anailíse ar bhláis algacha. Is taighdeoir cumasach é agus sealbhóir an Walton Fellowship de chuid Fhundúireacht Eolaíochta na hÉireann.
57. Bhí Bronnadh Céimeanna ar siúl ar 17 Meitheamh 2010 i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann. Den chéad uair i stair Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann, bronnadh an Baitsiléir Ealaíon, Leibhéal 7 iomlán, i gCeannaireacht, Bainistíocht & Staidéar Cabhlaigh ar oifigigh neamhchoimisiúnta toisc gur chríochnaigh siad an cúrsa agus modúil CIT d'oifigigh neamhchoimisiúnta shinsearacha sa tSeirbhís Chabhlaigh.
58. Bhí an Searmanas Gradaim don Chomórtas Náisiúnta Scileanna ar siúl san Institiúid ar 25 Meitheamh 2010. Bhí Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Michael O'Connell agus an tAire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, T.D., i láthair.
59. Bhí an-chuid comórtas le linn na bliana acadúla 2009/2010 ar siúl i dtailte spóirt CIT. Déanann siad freastal ar an traenáil d'fhoirne éagsúla idirchontae, ar a n-áirítear foirne de chuid Peil na mBan Chorcaí ó faoin aois go leibhéal na sinsear, foirne camógaíochta Sinsir agus Mionúir, iománaithe agus peileadóirí Mionúir Chorcaí agus iománaithe faoi 21 Chorcaí. Páirc an bhaile a bhí iontu freisin do chluichí Peile Admirals Flag Corcaí. Bhí áthas orthu chomh maith óstú rathúil a dhéanamh ar ócáidí Scoileanna na Mumhan Theas, Scoileanna na Mumhan, Rás Trastíre Uile-Éireann na Scoileanna, chomh maith le Trastíre na nOllscoileanna agus Corn Umbro sa sacar.

Cumann na gCéimithe CIT (CITAA)

Cuireann Cumann na gCéimithe (*Alumni Association*) (CITAA) ar chumas céimithe dlúth-theagmháil a choinneáil leis an alma mater agus lena gcomh-chéimithe agus leas a bhaint as raon leathan buntáistí agus seirbhísí. Tá dílseacht, tacaíocht agus bainteacht chéimithe leis an Institiúid ríthábhachtach chun rath CIT sa todhchaí a chinntiú agus geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann á sheachadadh aici. Tá thart ar 14,000 ball ag CITAA. Coinníonn an bunachar sonraí eolas faoi chéimithe as gach campas, ag gach leibhéal agus as gach disciplín.

Cuireann forbairtí nua sa teicneolaíocht ar a gcumas do chéimithe caidreamh a dhéanamh le CIT agus lena n-iarpháirtithe ranga. Cuidíonn cruthú na bhfóram sóisialta agus gairmiúil amhail Facebook agus LinkedIn le céimithe athnascadh le CIT agus lena chéile.

Tá na líonraí ar líne seo a leanas curtha ar bun anois:

- “CIT Alumni Association Facebook”
- “CIT Alumni LinkedIn” nó <http://ie.linkedin.com/in/citaa>
- “CIT Alumni Twitter” nó <http://twitter.com/CITAlumni>

Scaiptear an iris Learning City uair sa bhliain ar na céimithe go léir atá cláraithe agus díríonn rannóg Chumann Céimithe CIT (CITAA) ar nuacht na gcéimithe agus ar na forbairtí is déanaí san eagraíocht. Faigheann céimithe cláraithe a bhfuil a seoltaí reatha againn R-Nuacht go míosúil ón gCumann. Déantar céimithe a spreagadh chun a sonraí teagmhála a choinneáil cothrom le dáta trí rphost, láithreán gréasáin, suíomhanna líonraithe sóisialta nó teagmháil dhíreach leis an CITAA.

Cuireann CIT ballraíocht ar fáil saor in aisce do gach céimí i gCumann Céimithe CIT (CITAA). Tá raon leathan buntáistí, seirbhísí agus imeachtaí ar fáil ag baill chláraithe.

Cuimsíonn Coiste Chumann na gCéimithe céimithe agus baill foirne atá tiomnaithe do fhreastal ar Choiste an CITAA chun comhairle a chur ar an gCumann agus ar an Institiúid maidir le conas is fearr caidreamh a dhéanamh lenár gCéimithe agus chun an Cumann a fhorbairt tuilleadh.

Imeachtaí 2009/2010

- Ceolchoirm Céimithe ag Ceolscoil Chorcaí CIT, 5 Feabhra 2010
- UpSkill CIT 26 Feabhra 2010
- Clasaic Ghailf Céimithe CIT 23 Aibreán 2010

7.3 Pointí Teagmhála

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: www.cit.ie

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

Seoladh

Baile an Easpaig
Corcaigh

Teileafón

(021) 4326100

Facs

(021) 4545343

CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

Seoladh

Cé an hAontachta
Corcaigh

Teileafón

(021) 4270076

Facs

(021) 4276595

COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

Seoladh

Sráid Sharman Crawford
Corcaigh

Teileafón

(021) 4966777

Facs

(021) 4962267

COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN

Seoladh

Rinn an Scidígh
Co. Chorcaí

Teileafón

(021) 4970600

Facs

(021) 4970601

Gréasán

www.nmci.ie



Foilsithe ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.
©Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Márta 2012

Tiomsaithe ag Lucht Foirne Oifig an Uachtaráin

Tabhair faoi deara:

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid freagracht as aon dlíteanas i ngeall ar earráid ar bith atá ann.

Dearadh agus Leagan Amach

Raven Design, Corcaigh

Aistritheoir

Niall Ó Murchadha

